# Iorras Aithneach 2014

## Carna/Cill Chiaráin










An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

€8

# Siopa Dowd

Carna, Co na Gaillimhe.
095-32882
siopadowd@gmail.com




Míle buíochas as ucht bhur dtacaíochta le linn na bliana.

Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh ón bhfoireann ar fad i Siopa Dowd.



# Iorras Aithneach 2014 – foireann na bliana seo.

**Eagarthóir:**
Máirtín Ó Catháin

**Fógraí:**
Nóirín Mhic an Iomaire.

**Bailiú phictiúir:**
Nóirín Nic an Iomaire, Eileen Davis & Susan Uí Chatháin.

**Leagan amach ar an leabhar bliantúil:**
Mairéad Ní Chonaire.

**Priontáil:**
Clódóirí Lurgan/CL Print,
Eastáit Údarás na Gaeltachta,
Casla.

## AN CLÚDACH – NA PICTIÚIR

**Barr, ar chlé:**
Ellen Loftus, ar dheis, ag bronnadh bláthanna ar Lorrie Higgins, páirtí an Mhéara Marty Walsh, ar chlé, ag ócáid Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, 23/9/2014.


**Barr, ar dheis:**
Liam Mac Cosgair, Taoiseach na hÉireann (1973 - 1977) ar chlé agus Méara Bhoston, Marty Walsh nuair a leagadh an chéad chloch ar shuíomh an Ionaid Cuimhneacháin.

**In íochtar, ar chlé:**
An tEaspag Mark O'Toole a hoirdníodh ina easbag ar Dheoise Phlymouth i Sasana i mbliana. As na hOileáin a theaghlach ach bhí ócáid fháiltíthe dhó i gCill Chiaráin freisin, áit a bhfuil cuid den teaghlagh.

**In íochtar, ar dheis:**
Máire Ní Uaithín-Uí Ghríofa, Máistreás na nImeachtaí ag ocáid an Ionaid Cuimhneacháin, 23/9/2014.

## An Clár

3 **Fáilte go 'Iorras Aithneach 2014'** Máirtín Ó Catháin
5 **Marty Walsh i gConamara**
10 **Boston Irish Reporter**
14 **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach** Máirtín Ó Catháin
17 **Scoil i Measc an Phobail** Dara Ó Maoilchiaráin
21 **I nGáirdín Dé**
22 **Mark O' Toole - Easpag is óige i Sasana** Máire Uí Thuathail
25 **Arramara Teo - Súil chun cinn**
27 **Mairfidh an Fheiliméireacht Éisc** Seosamh Ó Cuaig
29 **Joanne John Ellen Phádraig -** Joanne Riley
32 **Tuilleadh cuairteoirí ar thóir a ndúchais** Seosamh Ó Cuaig
34 **Joseph Brennan - Gobharnóir ar Stát Maine**
37 **Páirc na nGasúr i gCill Chiaráin** Éamonn Ó Cualáin
41 **Club Spaisteoireachta Iorras Aithneach** Joan Barrett
43 **Áras Shorcha Ní Ghuairim** Séamus Ó Coinceannain
45 **Mo Thréimhse i Scoil Phobail Mhic Dara** Labhrás Ó hIarnáin
48 **Páirc nua Chill Chiaráin -** Seán Ó Cualáin
50 **An taobh eile de sheomra na dtaibhsí** An tAthair Pádraig Standúin
54 **I ngan fhios don dlí is fearr a bheith ann** Máirtín Ó Laoi
58 **Caoga Bliain ó shin - 1964** Seosamh Ó Cuaig
65 **Lá agus fiche ar farraige -** Macdara Ó Cuaig
69 **Muighros agus an Cogadh Mór: 1914 - 1918** Máirtín Bairéad
72 **Tragóid ar an Oileán Máisean -** Seosamh Ó Cuaig
74 **Eachtra scanrúil ar chósta Mhuigh Inse**
78 **Aoibhneas agus uaigneas i nDuibhithir** Eileen Davis & Máirtín Ó Catháin
81 **Jam ar an gCnoc Buí -** Seosamh Ó Cuaig
86 **Anála Beaga as Iorras Aithneach** Liam Mac Con Iomaire
89 **Dán le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin**
91 **Comórtas na mBailte Slachtmhara**


Aon áit,
Aon uair,
Ar fud an Domhain
tg4.tv
iPad App
Smart TV App
TV

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2014"

Mairfidh cuimhne ar chuairt Mhéara Bhoston, Marty Walsh ar feadh na mbliana sa bpobal seo agus i bpobal Ros Muc. Ócáid iontach a bhí inti. Thug cuairt an Mhéara misneach, dóchas agus árdú croi dúinn uilig.

Go cinnte, bhí rothaí móra an tsaoil théis casadh i gcaitheamh an bhealaigh thimpeall. Is iomaí sin duine as an áit seo a chuaigh ar an imirce, a thug an n-aghaidh ar Mheiricea agus a dhírigh a gcompás ar chathair Bhoston le céad bliain - agus tuilleadh. Bhíodar ag imeacht ón nganntan, ag fiach ar shaol níos fearr thar saile agus ag cur airgid anall chuig an dream a bhí sa mbaile…buailte ag cruatan agus bochtanas, go minic.

Ba dheacair a chreidiúint go dtiocfadh an lá nuair a thiocfadh mac imirceoirí as an dá phobal seo, Ros Muc agus Carna, ar ais mar Mhéara ar Bhoston. Sin a thárla i mí Mheán Fómhair na bliana seo.

Cuireadh fáilte mhór, chroiúil roimh Mharty Walsh agus ba mhaith a chruthaigh muintir an dá phobal seo san réiteach a rinneadar dó.

Gar do bhaile anseo againn féin, leag an Méara Walsh an chéad chloch ar shuíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach…san áit a raibh an sean halla pobail. D'éirigh thar cionn leis an ócáid.

Ar ndóigh, bhí cuairteoir eile againn an lá sin a raibh sean-cheangal aige leis an tsean fhoirgnimh, agus leis an tseanscoil a bhí ansin, sna blianta a caitheadh. Bhí Liam Mac Cosgair ina bhuachaill scoile ansin ar feadh téarma i 1930 – é féin agus a dheartháir, Micheál. Tháinig an t-am nuair a bhí Liam Mac Cosgair ina Thaoiseach ar Éirinn, bh'shin idir 1973 agus 1977. Tháinig sé ar ais go dtí an áit a ndeachaigh sé chun na scoile 84 bliain ó shin i gCarna d'ócáid na bunchloiche. B'iontach stairiúil an



**Máirtín O Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2014"

rud a bheith ag breatnú ar Liam Mac Cosgair ansin ina sheasamh le balla an tsean fhoirgnimh ar an 23ú Meán Fómhair agus lucht na gceamaraí teilifíse ag cruinniú thart ar. Bh'shin í an áit chéanna a raibh sé ina bhuachaill scoile 84 bliain roimhe sin.

Thárla sé freisin go raibh an tAire Stáit nua Gaeltachta, Joe McHugh, linn ar an ócáid stairiúil sin ar an 23ú Meán Fómhair agus bh'shin í a chéad chuairt phoiblí aige ar Ghaeltacht Chonamara.

Níl muid slán ó mharachaí sa bpobal: tá go leor daoine óga imíthe aríst leis an sruth nua imirce seo, an-ghann atá jabanna anseo agus tá an lion daoine óga sna scoileanna ag laghdú. Bhí 215 i Scoil Phobail Mhic Dara nuair a thosaigh muid ag foillsiú leabhar "Iorras Aithneach" i 1990; níl ansin anois ach tuairim 90. Is bocht agus is brónach an claonadh é sin i ndaonra an phobail. Ach coinníodh muid cuimhne ar shaothar Mharty Walsh, Méara Bhoston agus duine againn féin. Sháraigh sé deacrachtaí agus dúshláin sul ar bhain sé amach an post is airde polaitíochta i gcathair Bhoston. Glacadh muid sampla uaidh.

marineharvest



Marine Harvest Ireland has been producing world class salmon since 1979. The unique nature of our coastline, teamed with the skill and expertise of our staff allows us to bring our award winning salmon to discerning customers across the globe.

Marine Harvest employs 260 staff in the West of Ireland, and is proud to support local suppliers and communities in rural coastal areas to produce the finest salmon in the world.

The IRISH ORGANIC SALMON CO.
TASTE AS NATURE INTENDED

approved by BIO SUISSE

Naturland

# Marty Walsh i gConamara
## – Carna san 'BOSTON GLOBE'.




**Pat Costello (right) and his son Denis hang a US flag outside Ardmore Junior School, where Marty Walsh's father went to school.**

***Tháinig tuairisceoirí as Boston go Conamara i dteannta an Mhéara Marty Walsh i mí Mheán an Fhómhair, 2014. Bhí Andrew Ryan as an "Boston Globe" ar dhuine acu. Seo píosa a chur sé anonn as Carna agus a foillsíodh thall ar an 21/9/2014.***

**Irish outpouring for Walsh underscores immigrants' legacy**
**By Andrew Ryan**

CARNA, Ireland — Roaring bonfires greeted his arrival. The postmaster wrote a poem. Hundreds of flags — American, Irish, and the city of Boston's — flew at schools, shops, homes, and pubs. And townspeople crowded pews at two special Masses, celebrated almost entirely in the native Irish language.

This has been like a second inauguration for Mayor Martin J. Walsh of Boston, a city some 2,800 miles across the Atlantic from this rocky, seaside village. But the celebration has been about much more than one man. This rural region called Connemara was decimated by the potato famine in the 1840s. It has long been defined by the people who have left — immigrants like Walsh's parents who bid farewell to loved ones to search for economic opportunity.

By returning as mayor, Walsh offered tangible proof that the sacrifice had been worth it. His two grandfathers, who are buried here, also left to work in America and send money home. The Walsh family is the story of this place and his return has struck a deep chord in the region's psyche.

"It's a celebration of anyone that left Ireland and who left the shores of Connemara," Walsh said as he walked a path he often wandered as a child, from his father's ancestral home down to the sea.



**Maureen Harte met with her cousin, Boston Mayor Marty Walsh, outside Saint Mary's church following Mass.**

"I think about [former state Representative] Marie St. Fleur and [state Senator] Linda Dorcena Forry, Haitian-Americans that got elected. People are very proud of them in Haiti."

"When somebody leaves and they do good or their family does good," Walsh said, "there's a tremendous sense of pride."

That explained the flames leaping more than 12 feet in the air from a bonfire outside his father's home. Or the homemade posters in shop windows and pubs, and the banners hanging over roads in the western corner of Ireland that proclaim, "Fáilte Abhaile," which means "welcome home" in Irish. And the thousand flags adding splashes of color to a countryside dominated by gray boulders and ancient stone walls.

At his father's church, Walsh prayed at a Mass where the only English phrase uttered was "mayor of Boston." Up the road in his mother's



town of Rosmuc, nearly the entire village came out Saturday night for another Irish-language Mass. The priest started with a few words of English, addressing Walsh in the front pew.

"Mayor of Boston," said Father Michael Brennan. "It's a great honor that you have come back."

Perhaps the most poignant moment came during the Mass at Walsh's mother church. Instead of a homily, Brennan turned the service over to a group of young men and women who performed a play. With Irish music and dance, the school-age actors dramatized an immigrant's journey abroad and return home. Walsh's mother, Mary, who left Rosmuc at age 17, sat in the front pew and wiped tears from her eyes.
The play concluded with the presentation of a flag that was half-American and half-Irish and had been sewn together in the middle.

"It was amazing," Mary Walsh said later. "So emotional."

A blue tractor rumbled past, carrying an American flag and a "Marty Walsh for Mayor" bumper sticker. Around the bend, a string of American flags festooned the front of Leavy's food store, which has sold parsnips, Irish sausages, tobacco, and other goods for more than a century. Inside a man came to the counter and asked for a pack of cigarettes.
"Yer Yank has done good," the man said.

Behind the counter, Dermot Leavy smiled. "Maybe president is next," Leavy said.

Walsh's father went to grammar school across the street. The mayor often tells a story about his father: John Walsh said that he walked to school barefoot. His son always thought it was an exaggeration.

"But I saw a picture from 1933 and he was 6 years old at the time and with his class," Walsh told a radio host in Boston before his trip. "The boys were sitting in the front row and their feet were out — no shoes on. Think about that."




Inside the elementary school, the room where John Walsh attended class is decorated with Irish and American flags. The school also displays Walsh's red mayoral campaign signs and a picture of the victorious candidate holding up his arms on election night. There are images of famous Boston sites — the Freedom Trail and Castle Island — with written descriptions in Irish.

Outside, Pat Costello stood on a ladder with a drill, hanging the Stars and Stripes and an Irish tricolor. He knew firsthand what Walsh's return meant to Connemara. Costello lived in South Boston and Medford for more than 13 years.

"There was a huge Irish Diaspora here," said Costello, whose 12-year-old son was born at Brigham and Women's Hospital. "So many went to Boston."

At a bend in a narrow road, Jack Dowd pounded a nail into a stone wall. The 75-year-old was affixing an American flag on a pole to the wall. Dowd had never met Walsh or his parents. But he was getting into the act with his flag.

"Everybody's doing it," Dowd said. "But if he came from London, we wouldn't be putting up Union Jacks."

Sunlight sparkled on the Twelve Bens, Connemara's rugged, bare mountains. In a seaside cemetery overlooking the Aran Islands, a Celtic cross marked the grave of Martin Walsh, the grandfather of the mayor. Up past rows of stone walls, an enormous American flag flapped in a breeze blowing off an inlet of the Atlantic.

The flag was lashed to a wooden boat mast outside the home of Maire Greene. She flies it on the Fourth of July and other occasions, Greene said, but this was different. She is Walsh's cousin, and his return as mayor embodied the dreams of all those who left.

"He's just part of us," Greene said. "He's flesh and blood."

*Ag cosaint cearta teanga*

*www.coimisineir.ie*

An Coimisinéir Teanga

*An Coimisinéir Teanga,*
*An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.*
*Fón: 091-504 006 / 1890-504 006*
*Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie*


Breosla den scoth,
sár-seirbhíse agus luach
do chuid airgid – déanfaidh
Sweeney Oil seachadta.
Clifden
095 22636
Ordaigh ar
www.sweeneyoil.ie
Sweeney Oil
Since 1987
Home Heating Oil
Kerosene
Diesel
Fast & Efficient
Keenest Prices

# BOSTON IRISH REPORTER

## — Walsh lays foundation stone for emigrant centre in Connemara

*By Bill Forry, Editor, special to the BIR, September 26, 2014*




***Emigrants Commemorative Centre:***
***Mayor Martin Walsh unveiled a stone marker at the site of a planned Emigrant Commemorative Centre in Carna, Co. Galway. Máirtín Ó Catháin, the chairperson of the committee planning the centre, is shown at left.***
Photo by Bill Forry

Mayor Martin Walsh returned to Carna, Co. Galway on Tuesday at a ceremony to launch a planned Emigrants Commemorative Center in the town of his father's birth. The mayor dedicated a foundation stone at the site and pledged to help support the centre by helping to raise funds and awareness in the Boston Irish community.

The mayor was joined at the ceremony by former Irish Prime Minister (Taoiseach) Liam Cosgrave, age 94, who attended primary school on the site of the planned centre. The mayor and his traveling party, including partner Lorrie Higgins and mother Mary Walsh, visited six schools in Rosmuc and Carna, the Irish-speaking villages where his parents grew up. He left the Connemara region on Wednesday for a fast-moving swing to the north, with stops in Donegal, Derry, Belfast and then Dublin.

The emigrant's centre is to be built overlooking the sea on what is now a dilapidated parish hall and former school near St. Mary's, a Catholic church where Walsh's father was baptized. The centre, which is scheduled to be built over the next two years, will feature a visitor's center, library and meeting rooms for the community. In a ceremony that preceded the unveiling of the foundation stone bearing Mayor Walsh's name, he and his family were hailed as prime examples of the generations of Connemara people who left this region over the centuries to seek better lives abroad.

"You know the story of people leaving the west of Ireland. You know my parents' story and as I look out across the room, it's your story, your family's story," Walsh told an overflow crowd of several hundred who packed into a tent next to the ruined building, which dates to the late 19th century.

"The people left the west of Ireland, not to get away from the land, as people thought it was but they actually left the west of Ireland to strengthen their own land here in their native areas," he said.

Then, to great applause, he pledged: "I'm here today to tell everyone that I'm here to commit to you that we will build this center and we will open this center."

Also on hand for the ceremony was 94 year old Liam Cosgrave, who served as Prime Minister of Ireland and who attended primary school in the old building next door in the 1930s.

"It's a great pleasure to meet Mayor Walsh because I knew the family," said Cosgrave. "He deserves the height of praise for the success he made of himself and his family contributed as well.

"Mayor Walsh is typical of people from this area who when they went abroad, they left their mark. And he's left his mark. What's important is that it's the right mark."

Máirtín Ó Catháin, the chairperson of the committee planning the centre, said that Walsh's engagement in the project goes back to 2008, when he was asked to assist efforts at fundraising for the estimated $1.5 million effort.

Like many people in the audience, Ó Catháin traveled to Boston last fall to assist in the final push for Walsh's mayoral campaign. In his remarks, Ó Catháin told the crowd that he was impressed with the multicultural coalition that Walsh built. He's a man who is above parochialism," said Ó Catháin. "He put together a great coalition in the campaign. There were people from Central America, people from Asia, people from the black community. Martin had them all together behind him."

Speakers — including Ó Catháin— also heaped praised on Walsh's mother Mary, who was in attendance.

"If ever there was a great ambassador for Ireland in the United States, it's Mary Walsh," said Ó Catháin.

"In the end the people in this area are humble people. We're humble people and on this day and with you, Mayor Walsh of Boston beside us, we are proud," said Ó Catháin.


Walsh added: "As an elected official— it's our responsibility whether its Carna, or Boston or Dorchester to help keep that history and tradition alive— and that we tell that story, because what makes our city so great isn't what's happening today, it's what happened yesterday," said Walsh. "In Boston we talk about the history of freedom and democracy and how we stood up and did it. In Ireland we have a story to tell as well about democracy and standing up for it. You have a story to tell about an area hitting a hard time during the famine."

"You can never forget where you came from. That's why I'm here today."



MRI CARNA

Martin Ryan Institute, Carna
Institiúid Mháirtín Uí Riain, Carna




**Is é atá mar aidhm ag MRI Charna tacú leis an tráchtálú inbhuanaithe atá á dhéanamh ag pobail chósta agus Ghaeltachta na hÉireann ar ár n-acmhainní muirí trí chláir ghníomhacha a eagrú sna réimsí seo a leanas:**

- **Scrúdú a dhéanamh ar speicis nua a bheidh feiliúnach do shaothrú atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil.**
- **Nuatheicneolaíochtaí a oiriúnú agus a thástáil a luaithe agus a bhíonn a leithéid ar fáil.**
- **Comhcheangail a éascú idir earnálacha áitiúla tráchtála agus earnálacha feidhmeacha taighde.**
- **Saineolas a bhailiú maidir le raon disciplíní muirí.**

Déan teagmháil le:

**MRI Charna 095-32201**

# Gasúir tráth den tsaol



**Clann Albert (Bertie) Mhic an Ríogh as Duibhithir i ndeireadh an 1940aidí.**
*Ó chlé:* Micheál Mac an Ríogh (16 san am), Teresa, Albert agus Pat.




**An tOileán Gorm**
Anseo tá Margaret Egan ina gasúr in éineacht lena hathair mór Macdara Greene agus a bhean Nóra. Ba as Leitir Ard é Macdara agus ba as Leitheanach í Nora (Ní Mhaoilchiaráin).



**Gasúir i Roisín na Mainíoch**
An 'Dr'. Micheál Ó Cuirrín – ina shuí – agus a dheartháir, Páraic (nach maireann). Col ceathracha iad na Cuirríní le clann Mháirtín Tom – John, athair an Mhéara (nach maireann) ina measc.

# Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
## – Cé'n fhaid go n-osclófar an doras ann?

*Máirtín Ó Catháin*




**An chéad chloch ar an suíomh**

Cé a cheapfadh an lá ar thosaigh dream againn an iarracht le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach a thógáil ar láthair an tsean halla i gCarna gur b'é Méara Bhoston a leagfadh an bhunchloch. Cé'n bhrí ach Méara a mba as an gceantar seo a mhuintir. Beidh cuimhne agus caint sa bpobal seo ar feadh i bhfad ar an ócáid ag ar leag Meara Bhoston, Marty Walsh – mac John Mháirtín Tom as Caladh bhFuinnse – an bhunchloch.

Ar ndóigh, chuir fear eile a tháinig chuig an ócáid ar an 23ú Méan Fómhair cor an-stairiúil eile sa scéal. Deich mbliana d'aois a bhí Liam Mac Cosgair (Liam Cosgrave) nuair a bhí sé ina ghasúr scoile ar an gcnocán céanna sin. B'álainn an rud é gur ghlac sé le cuireadh ó Choiste an Ionaid agus gur tháinig sé anuas as Baile Átha Cliath; ar ais sa spota céanna ina raibh sé ina ghasúr scoile 84 bliain roimhe sin ag leagan na bunchloiche.

Tá neart pictiúir san Leabhar Bliantúil seo a thugann léargas ar an ócáid ar shuíomh an Ionaid Cuimhneacháin agus ar chuairt Mhéara Bhoston ar cheantar dúchais a mhuintire; tá bród, gliondar agus árdú croí le tabhairt faoi deara sna pictiúir sin.

Ach anois, adeir tú – tá an ócáid mhór thart agus tá an bhunchloch leagtha go hoifigiúil. Ansin cuireann tú an cheist: Céard atá ar bun

anois agus cén t-achar eile no go mbeidh an ócáid ann nuair a chasfar an eochar sa doras?

**Súil sciobtha ar a bhfuil déanta i dtosach:**

- Socrú go mbeadh an suíomh ar léas fad-théarmach againn.
- An dara cead pleanála fáighte i mbliana: tugann an cead pleanála is deireannaígh seo deis dúinn an sean-halla a choiriú agus foirgnimh nua a ghreamú dó.
- Roinnt oibre déanta thart ar an suíomh.
- An bóthar aníos ó shráid Charna leathnaithe agus neartaithe.
- Sconsaí breatha curtha ar ch'aon taobh den bhóthar.
- 'Ducting' le haghaidh uisce agus seirbhísí eile déanta píosa maith den bhealach; rinneadh go leor obair dheonach agus 'fair play' do na fir a tháinig amach.
- Feachtas bailiúcháin airgid ar bun: ba cheart go mbeadh go maith ós cionn €150,000 againn de réir na ngealltanas atá againn ar shuimeanna airgid.

Teastóidh cúnamh uainn ón Stát. Bhí cruinnithe an-tairbheacha againn le feidhmeannaigh sinsireacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá muid inann a rá go bhfuil an Roinn an-fhábharach don scéim uilig agus don Ionad. Is cúis dhóchais é sin agus tá muid buíoch as an dtacaíocht sin. Bheadh muid dóchasach go dtiocfaidh cúnamh ón Roinn ach ní féidir linn a dhul i mbannaí ar sin fós. Rud eile – má thagann cúnamh fhéin níl a fhios againn cé mhéid a bheidh i gceist. Fágann sin uilig go mbeidh orainn géarú ar an bhfeachtas bailiúcháin sin againn féin …fiú agus go bhfuil iarraidh mhaith déanta cheanna.

Tá muid ag cuimhniú go láidir ar dhá chéim a dhéanamh den obair:
(1) An fhoirgnimh a thógáil agus a 'dhúnadh isteach' – díon, doirse agus fuinneoga.
(2) An chuid eile den obair taobh istigh agus taobh amuigh, ina dhiaidh sin.
Cuirfidh sibh an cheist – Céard a chosnóidh an tIonad?

Níl muid inann freagra a thabhairt ar an gceist sin; caithfear fanacht no go dtiocfaidh praghasanna isteach ó chonraitheoirí tógála agus beidh muid ag iarraidh na praghasanna sin a choinneail chomh réasúnach agus is féidir.

**An obair is deireannaigh**

Seo cuid de na dindiúirí a bhfuiltear ag plé leo faoi láthair:

- Tá orainn 'Stadas Carthannachta' sa gcóras cánach a fháil sul ar féidir an léas a shíniú ar an suíomh le Ard Dheoise Thuama. Bhí orainn an comhlacht (Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Teo.) a chlárú le haghaidh Cáin Chorphráideach í dtosach. Rinneadh é sin i mí na Samhna agus tá muid ag plé anois le dindiúirí eile a bhaineann leis an iarratas ar Stadas Charthannachta.
- Teastóidh na teastais shábháilteachta tine agus táthar ag obair ar sin faoi láthair. Bhí seiceáil déanta againn ar an bplean le comhairleoir sábháilteachta tine sul ar cuireadh isteach ar an gcead pleanála. Ach, san am chéanna, caithfear an ceadúnas oifigiúil a fháil.
- Tá muid ag réiteach anois le Innealtóir Cairte (Chartered Engineer), no Ailtire atá aitheanta ag an RIAI, a fhostú le trí rud mhóra a dhéanamh:

(a) An plean oibre a réiteach sa gcaoi agus go mbeidh muid inann cead forbartha a fháil ón gComhairle Contae ar an Ionad (sin nuair a bheidh cúrsaí airgid ina gceart). Tá an chuid seo den réiteach i bhfad níos casta ó tugadh na rialacha nua pleanála isteach i mbliana.
(b) An phlean oibre a chur ar an gcóras E-Tenders sa gcaoi agus go bhfaighfear praghasanna isteach ó chonraitheoirí le haghaidh na hoibre.
(c) A bheith ag breathnú amach don obair féin ó thús go deire.

**Súil chun cinn**

Ach tá obair ag baint le fostú an Innealtóra Cairte (Chartered Engineer) / an Ailtire (RIAI) féin; caithfear fógra a chur amach ar an gcóras



E-Tender le deis a thabhairt do dhaoine cáilíthe iarratas a dhéanamh ar an obair. B'éigean dúinn comhairleoir a chur ag obair le dhul sa tóir ar na tairiscintí seo ó Innealtóirí/Ailtirí.

Obair mhall í seo uilig agus is coiste muid atá ag obair go deonach.

Ach má coinnitear leis beidh toradh maith ar an obair amach anseo.

Tá muid ag caitheamh súil chun cinn – agus is ceart é sin a dhéanamh freisin.

Teastóidh córas lán-aimseartha san Ionad ach a mbeidh sé tógtha; duine/daoine a choinneodh an áit oscailte agus a choinneodh cóir ar an áit – agus a leagfadh pleananna amach le leas a bhaint as an Ionad ar mhaithe leis an bpobal uilig. Tarraing muid é seo anuas ag cruinnithe éagsúla; má tá tairbhe cheart le baint as an Ionad seo caithfidh sé a bheith oscailte seasta. Tá muid ag iarraidh go mbeadh agaidh na ndaoine ar an Ionad agus go mbeadh suailceas agus gnaiúlacht ag baint leis an Ionad; tá muid ag súil go dtiocfaidh cuairteoirí freisin agus go gcuideoidh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach leis an turasóireacht chultúrtha agus leis an bpobal uilig.

Tá fairsingeacht mhaith sa suíomh agus bhfiú plan a leagan amach í dtaobh roint áiseanna eile. Sin rud a thárlódh lá níos faide anonn. Ach tá gad níos gaire den scornach le scaoileadh faoi láthair.

Go raibh míle maith agaibhse uilig a chuidigh leis an iarracht go dtí seo agus tá chuile mhuinín againn gur ag méadú a bheidh an tacaíocht don Ionad.

Cé'n uair adeir tú a bheidh bailchríoch ar an obair? Arist ní féidir linn freagra a thabhairt ar sin ach tá muid ag súil go láidir gur féidir tosaí ag tógáil i 2015.

# Na Gasúir Scoile ag casadh leis an Méara




An Méara Walsh in éineacht le daltaí as Scoil Mhuigh Inse.  An Príomh Oide, Róisín Ní Chualáin ar dheis.




An Méara Walsh in éineacht le Rang 6 as Scoil na hAirde Thiar. Deirdre Ní Chatháin, an Príomh Oide Gníomhach, ar dheis.

# Scoil Mhuire - daltaí an lae inné agus daltaí an lae inniú.



**Gasúir an lae inné -**
*Ó chlé:* Máire Ní Uaithnín, Príomh Oide Scoil Mhuire i gCarna (col cúigar leis an Méara Walsh), Winne Cotter, ceannasaí slándála an Mhéara (iníon le Kate Mháirtín Tom as Caladh bhFuinnse), an Méara Martin J. Walsh agus a mháthair, Mary ag breathnú ar ainmneacha aintiní an Mhéara sa scoil.
Ar an Aird Mhóir a chuaigh clann mhac Mháirtín Tom chun na scoile agus chuaigh na cailíní chuig Scoil an Convent – Scoil Mhuire.



**Gasúir an lae inniú**
An Méara Walsh ag cómhrá leis na daltaí i Scoil Náisiúnta Mhuire i gCarna.

# Peileadóirí - Sinsir agus Ógánaigh



**Foireann sinsir peile Charna/an Chaisil 2014 -**

*Ar chúl ó chlé:* Maurice Sheridan Roghnóir, Seán Ó Cathasaigh, Seán Seosamh Ó Cuirrín, Seosamh Ó Cathasaigh, Stiofán Ó Cuirrín, Niall Ó Cadhain- Captaen, Albert Ó Conaire, Séamus Ó Flatharta, Mícheál Ó Coirbín, Seán Ó Cillín, Marc Mac Fhlannchadha, Dara Ó Conchúir & Páraic Ó Cualáin.

*Chun tosaigh ó chlé:* Seán Ó Cualáin-Bainisteoir, (an fear beag - mac Sheáin), Cóilín Ó Cualáin, Seán Ó Flatharta, Seosamh Seóige, Mícheál Ó Cathasaigh, Seosamh Beathnach, Colm Ó Dúbháin, Seán Ó Coirbín, Frank Seóige & Mícheál Ó Cualáin.

Chinntigh an bua sin ar Mhionlach i gCraobh shinsir peile an chondae go mbeidh Carna/Caiseal sa gcoimhint arís i ngrád na sinsear i 2015.



**2014 - Foireann Chárna/An Chaisil, Faoi-10**

*Ar gcúl:* Mikey Breathnach, Cathal Ó Cadhain, Oisín Mac Giollaphadraig, Jacob Ó Conaire.

*Chun Tosaigh:* Dara Ó Cualáin, Liam Ó Loideáin, Macdara Ó Coisdealbha & Seán Ó Cathasaigh.



**2014 - Cárna/An Chaisil, Faoi-8**

*Ar gcúl:* Stephen Breathnach, Mairtin Ó Curraoin, Ciaran MacCraith & Eoin Ó Coirbín

*Chun tosaigh:* David Ó Conaire, Jeaic Ó Cualáin & Fionn Ó Briain

# Debs Charna - 2014



**Debs Scoil Phobail Charna - 2014**

*Taobh thiar, ó chlé:* John Joe Ó Donnchú,Eoin Mac Donnchadha, Vivienne Ní Niaidh, Eimear Ní Fhoghlú, Mary Ellen Ní Fhlatharta, Kevin Mac Donnchadha, Brendán Ó Gaora, Alana Nic Dhonnchadha, Natasha Ní Fhlatharta, Tomás Ó Conaire, Dara Ó Cuinneáin, Patricia Ní Chonaire & Bríd Ní Ghríofa.

*Chun tosaigh:* Labhrás Ó hIarnáin, Shane Ó Clochartaigh, Johnny Joe ó Ceannabháin, Jason Ó Ceannabháin & Pat Breathnach.



Ó chlé: Eimear Ni Fhoghlú, Nastasha Ní Fhlatharta, Alana Nic Dhonnchadha, Mary Ellen Ní Fhlatharta, Bríd Ní Ghríofa, Vivienne Ní Niaidh & Patricia Ní Chonaire.



Eoin Mac Donnchadha agus Vivienne Ní Niaidh.


# Ag Casadh le Marty



**Ag Óstán Chuan Charna.**
Ó chlé – Micheál Ó Clochartaigh, Mary Walsh (máthair an Mhéara), Marty Walsh agus Máire Uí Chlochartaigh.



**Sophia Nic Dhonnchadha as Garraí an tSagairt in éineacht leis an Méara.**



**Pauline agus Kathleen Ní Cheannabháin as an Aird Mhóir in éineacht leis an Méara Walsh.**




**Caoimhe Nic an Iomaire ina bhaclainn ag an Méara agus a dearthair Kevin (Red Sox!) lena ais i Scoil na hAirde Móire.**

# Lámha Suas



**Lámha san aer!**
Seo í an Seanadóir Margaret Craven – Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard ó dhúchas – ag cóisir ina honóir sa bPáirlimint Stáit i Maine.
Chríochnaigh sí a téarma sa bPáirlimint i mbliana.



**Chúig cinn!**
Méara Bhoston, Marty Walsh, ag labhairt ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna.



**Taobh thiar anseo!**
Páraic Phat Phatch ag míniú do Sheosamh Ó Cuaig gur in aice láithreach anseo a bhí cónaí ar na Finlay's agus Mary Donohue – sinsir Joanne Riley as Ollscoil Mhassachussets.
(Píosa scríofa ag Joanne Riley san leabhar seo).



**Mar seo atá..**
Máirtín Ó Catháin, cathaoirleach thionscnaimh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, ag labhairt ag an ócáid ag ar leagadh an bhunchloch ….
23-9-2014.

# *Mé féin agus mo Mhéit*



Ned Thornton as Ros Muc (ar chlé) agus Páraic Tom Photch as Coill Sáile.



Paddy Dundass  (ar chlé) agus Páraic Cheoinín as Leitir Ard.



Joe John Mac an Iomaire (ar chlé) agus Johnny Mháirtín Larry ag ócáid Oireachtas Chois Fharraige i mbliana. (Pic: Marion Ní Shúilleabháin).




P.J. Soney Choilm Learaí (ar chlé) agus Ciarán Ó Tuathail as Cill Chiaráin.

# Lúfaireacht na h Óige



Daltaí Scoil Phobail Mhic Dara ag fáil faoi réir le haghaidh rása 5 km.

# Scoil i Measc an Phobail

*Dara Ó Maoilchiaráin - Príomhoide Scoil Phobail Mhic Dara, Carna*



**Dara Ó Maoilchiaráin (ar chlé) agus Méara Bhoston Marty Walsh ar cuairt sa Scoil Phobail.**

Nuair a smaoinítear ar an bhfocal scoil tagann daoine óga ag foghlaim isteach inár n-intinn. Nuair a smaoinítear ar an bhfocal pobal is ar ghrúpa ó cheantar áirithe nó ar ghrúpa daoine leis na tuairimí agus an fhealsúnacht chéanna a thagann chun cuimhne. Ní minic a chuirfeá an dhá fhocal - ná smaoineamh - le chéile; ba ag an scoil a bhí ról an oideachais agus sin a raibh ann. Is i 1972 a cuireadh an dá fhocal le chéile den chéad uair i gceantar Iorras Aithnigh, nuair a bunaíodh Scoil Phobail Mhic Dara. Ach fós níor luí an téarma sin leis na daoine. Bhí an focal 'Teic' ag sleamhnú níos éasca den teanga agus is minic a bhaintí úsáid as sin seachas 'Scoil Phobail'.

Ach ba chuma faoi sin, bhí an scoil ag feidhmiú mar a bhí leagtha amach dá leithide. Bhí sí dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil, bhí sí ag glacadh le chuile scoláire agus bhí an pobal ina bpáirtnéirí sa gcóras oideachais. Tharraing sí ceantar leathan iargúlta le chéile, ó siar ceantar Chloch na Rón, ó thuaidh go dtí an Caiseal agus go Sraith Salach, agus soir taobh Rosmuc. Chuir an pobal óg aithne mhaith ar a chéile, bhí an oideachas leathan céanna dhá fháil ag chuile dhuine agus caitheadh mar a chéile leo. Bhí tuismitheoirí agus múinteoirí páirteach i mbainistíocht na scoile, agus ba áis don phobal ar fad a bhí sa Scoil Phobail.

Anois agus Scoil Phobail Mhic Dara ar an bhfód le h-os cionn dhá scór bliain, an bhfuil sí ag feidhmiú mar a bhí ceaptha, agus freastal ar an bpobal? Tá cuid a déarfadh gur ró-mhaith a rinne sí an ról sin. Cuireadh sár-oideachas ar óige an cheantair inti, d'imigh siad leo chun tuilleadh oiliúna a fháil…ach ansin níor cuireadh na deiseanna fostaíochta ná infrastruchtúir ar fáil sa gceantar chun go mbeadh a ndóthain acu in ann filleadh ar a gceantar dúchais arís agus socrú síos. Cé gurbh ag ardú atá daonra na tíre go ginearálta, ní féidir é sin a rá maidir le líon na ndaoine óga in abhantracht thraidisiúnta Scoil Phobail Mhic Dara. Thiar sa mbliain 1974 chláraigh 49 scoláire sa chéad bhliain, i 1994 chláraigh 28, agus i mbliana, 2014, thosaigh an grúpa ba lú sa scoil ariamh nuair a tháinig 11 scoláire óg thar leic an dorais.

## Neart ábhair - agus ceangal leis an bpobal

Cé go bhfuil titim suntasach tagtha ar líon scoláirí na scoile, tá curaclam fíor leathan fós á thairiscint, buíochas le Dia. Is breá leis na scoláirí an éagsúlacht ábhair a bhíonn acu agus an deis iontach foghlama a bhíonn acu sna ranganna beaga. Baineann an dream óg sult as an meascán leathan d'ábhair acadúla agus phraiticiúla atá ar fáil agus níl deireadh ar bith leis an samhlaíocht agus obair chruthaitheach a tharraingíonn ábhair ar nós Ealaín agus Ceol chun cinn. Cuireann imeachtaí spóirt, ceolchoirmeacha agus drámaíocht go mór le forbairt phearsanta phobal óg an cheantair, agus is breá leo a gcuid tallainne a thaispeáint do phobal na háite. Go deimhin, níl mórán ócáid sa gcontae nach bhfuil siamsaíocht éigin déanta ag ceoltóirí óga na scoile ann. De bharr an Ghearmáinis a bheith á múineadh sa scoil tá ceangal dlúth déanta le scoil i Karlsruhe na Gearmáine. Tarlaíonn malartú scoláirí idir an dá scoil agus chomh maith leis na scoláirí a bheith ag feabhsú a gcaighdeán sa teanga is iontach an deis dóibh blaiseadh a fháil de mhodhanna maireachtála agus de chultúr na Gearmáine

Thug bunú na hIdirbhliana sa bhliain 2000 go leor deiseanna breise do scoláirí na scoile maidir le dul chun cinn acadúil agus pearsanta ach freisin thug sé seans iontach do na daoine óga dul amach agus meascadh leis an bpobal, nó iad a tharraingt isteach chun na scoile. Sampla maith dó seo ná an dinnéar bhliantúil do dhaoine sa gceantar atá ag teannamh amach sna blianta. Déanann scoláirí na hIdirbhliana - le treoir agus tacaíocht ó mhúinteoir - an t-ullmhú agus réiteach don lá. Bíonn imeachtaí ar nós Discó Oíche Shamhna do ghasúir agus pacáil málaí in ollmhargadh mar fheachtais bailiúcháin airgid don chóisir. Ar lá an chóisir déanann na scoláirí an freastal agus bíonn caidreamh iontach idir na daoine atá gaibhte amach sna blianta agus na daoine óga. Imeacht eile a mbaineann na daoine óga, agus iad siúd atá níos sine, an-sult as ná na cuairteanna rialta a thugann grúpaí ón Idirbhliain ar an Teach Altranais chun píosaí comhrá a dhéanamh agus corr phort nó stéibh d'amhrán a chasadh le chéile.

## Ag coinneáil le traidisiúin na háite

Ní gá a mheabhrú an saibhreas ceirde, teanga, cultúir agus traidisiúin a bhí agus atá ag pobal Iorrais Aithneach. Feictear sa scoil an tábhacht atá leis an saibhreas breá seo a choinneáil beo i measc an phobail agus an aos óg. Tugadh faoi churrach a thógáil cúpla bliain ó shin. Tá cúrsa seoltóireachta déanta ag dhá ghrúpa sa scoil le bliain anuas agus cuirtear dráma nó dhó ar stáitse don phobal chuile bhliain chomh maith le ceolchoirmeacha. Tá cúram, láimhsiú agus marcaíocht Chapaillíní Chonamara mar chuid de chlár na hIdirbhliana, chomh maith le cúrsaí gearr ar nós garraíodóireacht, caoladóireacht agus cniotáil. Mar chuid de thionscnaimh ranga déantar staidéar ar gnéithe éagsúla ar nós logainmneacha áitiúla agus an stair a bhaineann le foirgnimh agus áiteanna sa gceantar.

Bhí sé leagtha amach ón tús go ndéanfadh Scoileanna Pobail freastal ar dhaoine fásta freisin. Ba trí ranganna oíche ba mhó a tharla sé seo thar na blianta, cuid eagraithe ag an scoil agus cuid eile ag úsáid áiseanna na scoile. Bhíodh go leor clubanna agus grúpaí éagsúla ag baint úsáid as an scoil sna blianta siar agus cé go bhfuil laghdú tagtha air seo le gairid de bharr ionaid eile a bheith tagtha chun cinn sa bpobal, tá tóir ar an scoil mar áis agus tá fáilte roimh ghrúpaí go fóill. Cuireann an scoil ranganna éagsúla ar nós Patchwork, Yoga agus ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí agus d'aon duine sa bpobal a bhfuil suim acu iontu. Is de bharr gur facthas riachtanais in oiliúint i gCúram Leanaí sa gceantar a bunaíodh an cúrsa Iar-Ardteistiméireachta sin sa Scoil Phobail i 2007. Tá aitheantas aige mar chúrsa Fetac Leibhéal 5 agus dá bharr seo tá postanna bainteach le cúram leanaí faighte ag go leor a rinne an cúrsa thar na mblianta.

Tá nasc láidir idir an scoil agus gnólachtaí, eagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile sa gceantar. Tugtar cuairteanna oideachasúla orthu, téann scoláirí ar thaithí oibre chuig cuid acu agus déanann scoláirí obair charthanachta le cuid acu ó h-am go h-am. Tuigtear an tábhacht atá le tacú le gnólachtaí beaga i gceantar scoite amach ar nós Carna agus déantar chuile iarracht tacú agus comhoibriú le chéile i gcónaí.

Dár ndóigh, is iad an pobal is tábhachtaí do Scoil Phobail Mhic Dara ná na scoláirí a bhíonn ag freastal ar an scoil. Is am cinniúnach, dúshlánach ina saol an t-am a chaitheann siad ag scoil dara leibhéal agus tá ról lárnach ag an Scoil Phobail ina bhforbairt. Cuirtear oideachas den scoth ar fáil dóibh agus éiríonn thar barr leo sna scrúduithe Stáit. Tugtar deis do na scoláirí a bpearsantacht neamhspleách féin a fhorbairt agus, thar aon rud eile, tugtar aire mhaith dóibh. Is iad pobal na todhchaí iad.





# Buail is osclófar

## Knock and it will open

Logáil isteach ar **www.gaeilge.ie** leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:

- fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

Just log on to **www.gaeilge.ie** for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course or event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood – and much more.

Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie

# Glór na nGael

**www.glornangael.ie**

cláraigh le:

## Glóbal Gaeilge

urraithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

comórtas do ghrúpaí Gaeilge thar lear

Aithníonn Global Gaeilge obair coistí ar fud an domhain i gcur chun cinn na Gaeilge

deiseanna do ghrúpa duaiseanna a bhuachan

tuilleadh eolais:

global@glornangael.ie

## Comórtas na nGael

comórtas do chluib CLG

a aithníonn obair club

Chumann Luthchleas Gael

ar fud an domhain ar son na Gaeilge

tuilleadh eolais:

clg@glornangael.ie

00353 46 943 0974.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

GAA

Foras na Gaeilge

# *I nGáirdín Dé*

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 30 Samhain 2013 agus an 30 Deireadh Fómhair 2014.***

Micheál Ó Dubháin, Caladhfhuinnse - 9/12/2014
Stiofán Ó Curraoin, Aird Mhóir - 25/12/13
Tomás a'Bhaireada, Meallrua - 26/12/13
Terry bn Uí Chúaláin, Loch Con Aortha - 15/1/14
Tom Kilbane, Bearna - 31/1/14
Pait Kate Ó Conghaile, Leitir Ard - 18/2/14
Máirtín Ó Curraoin, Cill Chiaráin - 26/2/14
Beartla Breathnach, Coill Sáile - 15/4/14
Máirtín Ó Conaire, Muighros - 18/4/14
Tomás Ó Maidín, Ruisín - 19/5/14
Pait Mháirtín Learaí MacDonncha, Londain/Leitir Ard - 23/4/14
Vera Keane, Doire Iorrais - 22/5/14
Seosamh Ó Gúairim, Ruisín na Maniach - 28/5/14
Colm MacDara Ó Catháin, Muighros - 15/6/14
Mikie Ó Gaora, Crumpán - 21/6/14
Johnny Phait Mhicil Mac an Iomaire, Aird Mhóir - 25/7/14
Tommy McDonncha, Tuairín/Boston - 10/8/14
Barbara Uí Chadhain, Loch Con Aortha - 4/9/14
Seán Bán Ó Cualáin, Dubhithir - 22/9/14
Tomás Sheáin Bheairtlín Ó Clochartaigh, Aird Mhóir - 24/9/14
Sarah Moylan, An Eilbhéis agus an Aird Mhóir - 25/09/14
Ita Ridge, Loch Con Aortha - 16/10/14
Onie Curran, Cill Chiaráin - 16/10/14

| An Lion Gasúir i Scoileanna an Cheantair | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2011** | **2012** | **2013** | **2014** |
| Muigh Inis | 19 | 21 | 23 | 23 |
| Carna | 37 | 34 | 35 | 36 |
| An Aird Thiar | 30 | 34 | 32 | 38 |
| Cill Chiaráin | 28 | 26 | 33 | 32 |
| An Aird Mhóir | 49 | 37 | 35 | 32 |
| Mhuighros | Dúnta | Dúnta | Dúnta | Dúnta |
| **IOMLÁN** | **163** | **152** | **158** | **161** |

| Scoil Phobal Mhic Dara | |
|---|---|
| Idir 1ú Bliain agues Ard Teistiméireacht | 91 |
| Cúrsa théis na hard Teistiméireacht | 8 |
| **IOMLÁN** | **99** |

## Céad Fáilte Romhaibh

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2013 agus Samhain 2014 -*

Abbie NicDhonncha,
John Francis Leavy,
Lukas Adam Ó Tuathail,
Pádraig Ó Conaire,
George Cameron Mary Nash,
Rúadhán Thomas Connolly,
Ellie Molly Ridge,
Claudia Maeve Mulkerrin,
Ciara Masie NicDhonncha,
Cónán Micheál Ó Cúaláin,
Thomas Joseph Conway,
Kiley Marie Canavan,
Fionnuala Ní Chúaláin,
Samantha Ní Ghaora,
Eleanór Máire Bhreathnach,
Amy Una McSherry
Layla Nicole Flaherty

## Sonas oraibh

*Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:*

Pádraic Ó Máille & Bríd Cunningham.

James Callaghan & Eithne Ní Loideáin.

Berian Heddwyn Reed & Fionnuala Mclaughlin.

# Mark O' Toole
## – Easpag is óige i Sasana

*Máire Uí Thuathail*

***Déanann Máire Uí Thuathail as Cill Chiaráin cur síos ar an Easpag Mark O' Toole. Mar a mhíníonn sí anseo is de bhunaidh Chonamara é. Is uncail leis an easpag é Máirtín Ó Tuathail, fear Mháire.***

Ba lá an-bhródúil, agus is dóigh brónach, an lá ar chuir Mark O'Toole glaoch ar a mháthair a rá go raibh Nuncio an Phápa i Sasana tar éis a inseacht dhó gur mhaith leis an bPápa Proinsias é a bheith ina easpag ar Phlymouth, an t-easpag is óige i Sasana. Bhí a fhios aige le laethanta go raibh sé le bheith ina easpag ach ní raibh cead aige é a inseacht do dhuine ná deoraí go bhfógródh an Pápa é go foirmiúil. Bhí sé deacair aige scéal mar seo a choinneáil óna mháthair agus óna chuid deartháireacha go mór mór.

Ba scéal iontach a chloisteail ó dhuine ar rugadh a athair Marcas Chóilín Choilm ar leacracha Leitir Caladh agus a mháthair Máire Mháirtín Larry Mac Donncha as an Máimín, Tír an Fhia.

Rugadh Mark, an tríú mac, ar an dara lá fichead de Mheitheamh 1963 i Stamford Hill i Londain. D'oibrigh a athair agus a mháthair go crua le go mbeadh siad in ann Mark a chur trí choláiste áit ar bhain sé go leor céimeanna amach agus é ina fhear óg.

Oirníodh ina shagart é ar an naoiú lá de Mheitheamh 1990. Cuireadh go Willesdon Green é ansin ar feadh chúig bhliana. Rinneadh Déan Staidéir (Dean of Studies) de i gCliarscoil Allen Hall ó 1999-2002. Ina dhiaidh sin aríst bhí sé ina rúnaí príobháideach ag an gCairdinéal Murphy O'Connor arbh as Corcaigh ó thús a mhuintir.

Rinne sé go leor taistil ar fud an domhain agus é i mbun a chuid oibre ag an gCairdinéal O'Connor. Chonaic mé trí phictiúr atá ag a mháthair sa teach a thóg sé le triúr Pápaí. I Meán Fómhair 2008 cuireadh go dtí Allen Hall aríst é mar reachtaire, áit a raibh sé go ndearnadh Easpag Phlymouth de ar an ochtú lá fichead d'Eanáir 2014.

Chuaigh an chuid is mó dá chuig gaolta anonn as an Máimín, as Leitir Caladh agus as Cill Chiaráin agus tháinig tuilleadh acu as Huddersfield agus as Londain. Bhí muintir Chonamara bailithe le chéile i bPlymouth lena gcuid tacaíochta a thaispeáint dár n-easpag féin, Mark Ó Tuathail. Cuireadh Máirtín Tom Sheáinín anonn as Raidió na Gaeltachta agus Emer Ní Chonghaile as TG4 le píosaí beaga a dhéanamh faoin easpag. Bhí seirbhísí eile ann an oíche roimh an oirnithe áit a raibh go leor paidreacha agus iomainn.

**An Lá Mór**

Dé Máirt an t-ochtú lá fichead d'Eanáir a bhí an lá mór ann agus, mar deir siad, bhí tír agus talamh ann. Bhí duine ann ar son Bhainríon Shasana, the Lord Lieutenant of Devon, agus Méara Phlymouth. Bhí ceannairí Críostaí ann as Devon, as Cornwall agus as Dorset agus go leor eile. Bhí an Cairdinéal Murphy O'Connor ann agus é fíor-bhródúil go deo as an éacht a bhí déanta ag a chomrádaí Mark. Chomh maith leo sin bhí Nuncio an Phápa, an tArdeaspag Antonio Menini, ag an oirniú. Cheapfainn go raibh suas le trí chéad eaglaiseach ann idir shagairt, easpaig, srl.

Mhair an searmanas trí huaire a chloig ach bhí sé chomh suimiúil sin nár chuir aonduine suim san am. Bhí cuid den searmanas brónach mar bhí muid ag cuimhniú ar a athair Marcas a bhásaigh i 2007. Nach é a bheadh bródúil as an mac ab óige a bheith ag dul i mbun a chuid oibre mar Easpag ar Phlymouth. Rud a bhí ann nár cheap sé fhéin go dtarlódh sé agus é ina lad óg thall ar leacracha Leitir Caladh.

Tar éis an oirnithe chuaigh chuile dhuine go dtí an Pavillion i bPlymouth le haghaidh béilí áit a raibh

suas le 900 duine. Ní fhaca mé an oiread daoine ag ithe le chéile ariamh cheana agus is dóigh nach bhfeicfidh aríst ach an oiread. Bhí mé i mbun comhrá le cúpla sagart sa bPavillion agus bhí siad a rá liom go raibh siad ag fáil Mhark réidh le haghaidh an lae seo le deich mbliana, rud nach raibh a fhios ag aonduine beo.

Ag deireadh na hócaide sa bPavillion chuir an t-eapag nua a bheannacht ag muintir na hÉireann i nGaeilge, teanga ar chuala sé neart di agus é ag fás suas. Bhí muintir Chonamara go háithrid fíor-bhródúil as an mbeannacht sin a chloisteáil ó Mhark.

Tá go leor oibre le déanamh ag Mark idir Devon, Cornwall agus oileán Scilly ach tá mé cinnte go mbeidh sé in ann dhó. Tá sé le feiceáil gur duine soineanta é agus go bhfuil meas ag chuile dhuine air agus go mór mór a mhuintir féin, muintir Chonamara.

Thug sé cuairt ar Thír an Fhia, ar Leitir Móir agus ar Chill Chiaráin i mí an Aibreáin agus bhí sé sé an-sásta leis an gcaoi ar caitheadh leis. Tá muid ar fad ag guí go n-éireoidh leis ina phost nua mar Easpag Phlymouth agus go dtabharfaidh Dia agus Muire cúnamh dhó.


C L S
Complete Laboratory Solutions

GMP Approved Laboratory




Saotharlann Chonamara Teo, Ros Muc, Co. Galway
T: +353 91 574355 F: +353 91 574356 E: services@cls.ie W: www.cls.ie



WiFi in aisce

**Teach Ósta**
**Tigh Mhóráin**





Carna,
Conamara,
Co. na Gaillimhe.
095-32570

Comhluadar breá

Spóirt agus Spraoí
Ó Peter Fitzpatrick
*Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.*



**Clifden Supply Centre.**
**Galway Road, Clifden, Connemara.**
---------------------------------------------------
**We supply all types of building materials – plumbing, electrical, fencing, gates etc…the Supply Centre supplies it.**

**Our supply lorry goes to your site or your door.**
--------------------------------
**Tá eolas againn ar an mbóthar chomh fada leatsa mar is fada muid ag dul go Carna, Cill Chiarain agus síos ó dheas.**

***Bíodh Nollaig Mhaith agaibh uilig.***

**Teileafón…(095) 21476 no 21449. Fax…(095) 21877.**
**E Mail: clifdensupply@eircom.net**

arramara teo
Ireland's Premier Seaweed Processors

# Arramara Teoranta

## Tiomnaithe níos mó ná ariamh do bheith páirteach i bpobal Iorras Aithnigh agus Iarthair na hÉireann.



## Ag cothú Tionscail na Feamainne sna blianta romhainn ar mhaithe le:

- Slí bheatha lucht bainte na feamainne a chinntiú.
- Cur le fostaíocht sna ceantair cois cósta.
- An timpeallacht a choinneáil slán.
- Cur le gnónna áitiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar Nuatheicneolaíochtaí Éireannacha.
- Bheith dílis do oidhreacht ceantair farraige an Iarthair.

# Arramara Teo
## – Súil chun cinn

***Cheannaigh an comhlacht Acadian Sea Plants as Nova Scotia i gCeanada tionscail feamainne Arramara Teo. i mbliana. Seo alt a chur Arramara Teo ar fáil dúinn faoina gcuid mianta agus pleananna do thionscail na feamainne.***

Is beag an t-achar é seachtó bliain le hais trá agus tuile na dtaoidí atá ag síorghlanadh cóstaí Chonamara. Níl ann ach mar a bheadh ruathar toinne i gcomhthéacs ár n-oidhreachta luachmhaire mara. Tá tionscail bunaithe ag Arramara ar an acmhainn iontach feamainne seo le linn na tréimhse úd.

Tá an teacht aniar, atá go smior i bpobal na gceantar cois cósta, léirithe ag Arramara agus iad ag soláthar slí bheatha/fhiontraíochta, ina gceantair féin, do lucht iompair/bainte feamainne agus a gcuid fostaithe, mar aon le lucht gnó áitiúil.

Tá cosaint déanta ag Arramara, le tacaíocht ó na hearnálacha Stáit agus Príobháideacha, ar an teacht isteach a shaothraíonn daoine as Gaillimh, Maigh Eo agus tuaisceart Chontae an Chláir.

Tá Arramara ag cinntiú go mbeidh forbairt ar thionscail inmharthanach feamainne sa dúiche seo mar aon le caomhnú a dhéanamh ar theanga, chultúr agus shlí mhaireachtála na háite. Tá siad á dhéanamh seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, ar a leagadh cúram Stáit orthu a bheith mar mhaor ar an bpróiseas seo.

Rinne an tÚdarás dianchuartú chun páirtí straitéiseach a aimsiú a chinnteoidh saineolas agus infheistíocht le go mbeadh Arramara in ann an poitéinsil is láidre a shroichint. D'éirigh leis an Údarás an próiseas thuasluaite a thabhairt chun críche i mbliana nuair a d'aimsigh siad cead an Stáit ar mhaithe le Acadian Seaplants Teo a fháil chun na dúshláin seo a shárú.

Tá Acadian Seaplants Teo, mar Ollchomhlacht Domhanda le taithí tráchtála, ag díriú ar fhorbairt mhargaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta Arramara, rud atá ag cuidiú le hArramara cheana féin i réimsí a bhaineann le táirgeacht, caighdeán agus caidrimh rannpháirtithe. Áirím leis seo an tairiscint is deireanaí atá déanta ag Arramara praghas na feamainne a ardú do lucht bainte feamainne, ach an chaighdeán a bheith cinntithe.

Tá caidreamh tionscnaithe idir eolaithe as Iarthar na hÉireann agus Acadian Seaplants Teo lena chinntiú go mbeidh rath faoin bhfeamainn bhuí san éiceachórais amach anseo.

Tá muid freisin ag gníomhú ar mhaithe le cinnirí agus lucht pobail a aimsiú lena mbarúil a lorg ar mhaithe le tionscail a chruthú a chinnteoidh slí bheatha inmharthanach, le meas ar an oidhreacht a bhaineann leis.

Tá fiúntas ag baint leis an teacht aniar atá bainteach le Arramara agus cuireann sé Iarthar na hÉireann chun cinn go Domhanda i dtaca le cúrsaí tráchtála, imshaoil agus freagracht pobail di; eascraíonn na nithe seo ó mhuintir agus feamainn bhuí na gcladaí seo againne.

## Soláthraithe Oideachais san 21ú hAois

- **Raon iomlán Cúrsaí Lae atá á gcur ar fáil ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (20), lena n-áirítear 3 Scoil Oileáin agus 3 Scoil i nGaeltacht Chonamara:**
  - Baile Átha an Rí
  - Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
  - Baile Locha Riach
  - Tuaim
  - An Creagán
  - An Cnoc Breac
  - Coláiste Bhaile Chláir
  - Indreabhán
  - Ros Muc
  - Corr na Móna
  - Inis Oírr, Oileáin Árann
  - Cill Rónáin, Oileáin Árann
  - Inis Meáin, Oileáin Árann
  - Institiúid Theicniúil na Gaillimhe, Móinín na gCiseach
  - Coláiste Pobail na Gaillimhe
  - Coláiste na Coiribe
  - Coláiste Mhuirlinne
  - Coláiste Pobail na Mainistreach
  - Coláiste Pobail Ail Finn
  - Coláiste Pobail Ros Comáin

- **Cláir faoin Scéim Deiseanna Oilúna (VTOS), oideachas athdheise do dhaoine 21 bliain d'aois agus os a chionn atá ag fáil Sochair Leasa Shóisialaigh:**
  - Ros Muc
  - Leitir Fraic
  - Tuaim
  - Béal Átha na Slua
  - Cathair na Gaillimhe
  - Mainistir na Búille
  - An Caisleán Riabhach
  - Ros Comáin

- **Ionaid Ógtheagmhála, ag tairiscint oideachas athdheise do lucht luathfhágála scoile sna hionaid seo a leanas:-**
  - Béal Átha na Slua
  - Tuaim
  - Leitir Móir
  - Leitir Fraic
  - Port Omna
  - Cathair na Gaillimhe
  - Bealach an Doirín
  - Ros Comáin

- **Ionad Oideachais Allamuigh (faoin aer), ag tairiscint cóiríocht chónaithe do dhaoine ar spéis leo gníomhaíochtaí oideachais allamuigh**
  - Ceapach na gCapall, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

## Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Cuireann Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin clár cuimsitheach aosoideachais ar fáil, cosúil le An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir litearthachta d'aosaigh, cúrsaí oíche, Filleadh ar Oideachas, Filleadh ar Fhoghlaim, Seirbhísí Rianaithe (tracking) & Aighneachta (advocacy), Seirbhís d'Oideachas Pobail agus cruthú Áiseanna Foghlama trí Ghaeilge ag *Breacadh.*

**David Leahy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.**

# Mairfidh an Fheiliméireacht Éisc

*Seosamh Ó Cuaig*



Duine ar bith a mbeadh eolas aige ar Iorras Aithneach thuigfeadh sé ar an bpointe cén fáth gur chuir beagnach 1,000 duine a n-ainm le gairid le cáipéis ar son na feilméireachta éisc. Mar is anseo a thosaigh tionscal feilméireachta éisc na hÉireann an chéad lá riamh. Ba shin dhá scór bliain ó shin.

Lá cheana léigh mé alt a foilsíodh ar an gConnacht Tribune an bhliain sin, 1974, faoin ábhar seo. Noel Roycroft as Bord Soláthair an Leictreachais a bhí ag caint. B'iadsan a thosaigh ag cothú na mbradán i bPoll a'Choire i Maínis thart ar an am sin. Dúirt sé go raibh ag éirí go maith leo ach go raibh go leor le foghlaim acu ón méid a bhí déanta ag muintir na hIorua leis na bradáin cheana féin.

Labhair an tOllamh Padraig Ó Ceidigh ar an ócáid chéanna.

Ba iad Bord Soláthair an Leictreachais a chuir tús leis an obair. Tháinig Gaeltarra Éireann/ Údarás na Gaeltachta isteach leo ina dhiaidh sin. Lean comhlachtaí príobháideacha, idir bheag agus mhór, don fheilméireacht éisc sna cuanta seo ó shin.

Ba mhaith an t-ábhar tráchtais do scoláire Ollscoile eicínt cuntas cruinn a thabhairt ar an méid a tharla ón taobh sin de go dtí an lá atá inniu ann. Bhí thuas seal agus thíos seal ann mar a bhíonn i chuile thionscal. Ba cheart an fhianaise ar fad a chur i láthair agus a mheas ach tá rud amháin cinnte ní thiocfaidh deireadh leis an bhfeilméireacht éisc anseo ná ar fud an domhain.

Ag méadú atá an fheilméireacht éisc ó thír go tír. Cuireann muintir na hIorua 1,200,000 tonna bradán as na cliabháin ar an margadh in aghaidh na bliana. Cuireann muintir na hAlban 160,000 tonna amach. 15,000 tonna a bhíonn againne anseo in Éirinn.

Má bhreathnaíonn muid ar dhaonra an domhain feiceann muid go bhfuil sé ag méadú as éadan. 2.5 billiún a bhí againn ann sa mbliain 1950. Tá 7 billiún duine ann anois agus ceaptar go mbeidh 9 billiún ann faoin mbliain 2050. Caithfear iad seo uilig a bheathú. Beidh iasc ag teastáil go géar.

Tá feilméireacht á dhéanamh ar 600 cineál éisc ar fud an domhain faoi láthair. Idir an dá linn tá laghdú ag teacht ar an méid éisc atá na hiascairí traidisiúnta a thabhairt isteach fad is atá an méid éisc atá á gcothú sna feirmeacha ag méadú. Thart ar 79 milliún tonna a maraítear ar fharraigí an domhain inniu ach tá 60 milliún tonna ar na feirmeacha. Is mó den iasc traidisiúnta atá ag teacht isteach fós ach tá an bhearna ag cúngú go tréan. Lena rá ar bhealach eile, is ionann toirt an éisc a chothaítear ar na feirmeacha anois agus trí cheathrú cuid den iasc fiáin.

An té a déarfadh go dtiocfaidh deireadh leis an bhfeilméireacht éisc bhí sé chomh maith dhó nó dhi a rá an lá céanna go leagfar na fálta agus na claíocha ar an talamh tirim, go ndúnfar na sciobóil go deo agus go scaoilfear amach fiáin na beithigh, na caoirigh agus na caiple.



Zetland House Hotel agus Bar Johny O' Loghlens
An Caiseal, Conamara, Co. Na Gaillimhe

Telefón: 095-31111 www.zetland.com info@zetland.com

Bar Food served Daily from 12:30p.m.- 9:00p.m.

Live Music every Sunday from 7:30p.m
All types of functions catered for.

***Abbeyglen Castle Hotel***
***An Clochán***



**Lóistín, béilíthe, ócáideacha sóisialta – in Óstán a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar.**

***Cuirfidh Brian Hughes agus Paul Hughes míle fáilte romhat.***

**Teileafón….095-21201.**
**Facs……….095-21797.**
**E-Mail…….info@abbeyglen.ie**

# Joanne John Ellen Phádraig
## – "I'm from Ardmore in Connemara"



*Joanne Riley*

***Sí Joanne Riley an ceannasaí ar an gCartlann san University of Massachusetts i mBoston. Tháinig sí chomh fada linn i mbliana ar thóir a sinsear… agus chuaigh a cuairt go mór i gcion uirthi. Seo í an tuairisc a chur sí anall as Boston.***

The colorful banner stretched across the main road welcoming Marty Walsh home to Connemara and also outlining his lineage: "Máirtín – John - Mháirtín - Tom." I've begun to think of myself in a similar way – though without the benefit of a matching street banner – as "Joanne – John – Ellen – Patrick". That is the genetic pathway leading from me, my siblings and our many cousins back to Patrick Finlay the Schoolteacher and his wife Mary Donohue of Ardmore, our common great-grandparents. After everything I learned during the short time that my partner Celeste and I spent in Carna parish in September 2014, I left feeling an unexpectedly deep connection with this place and my family's roots here.

Through a kind introduction from Dr. Kieran Cooke in Galway we had the utter good fortune to meet Seosamh Ó Cuaig, who is of course an accomplished historian and documentarian, able to connect the dots from the few facts I brought with me. I knew that Patrick Finlay had arrived in Ardmore as a teacher in his mid-30's who married local girl Mary Donohoe in 1874. With that information in hand, Josie Cooke took us to meet Pádraig and Tomás Ó Ceannabhain, renowned musicians, gracious hosts and engaging storytellers, whose father remembered hearing "Finlay" the schoolteacher spoken of highly by former students (including Owen Naughton, who became a Sinn Féin court judge back in the 1920s.) Pádraig and Tommy Canavan had heard tell that 'the teacher Finlay married Mary Donohue as a teenager', which clearly raised eyebrows at the time since the story survived 140 years!


**My ancestral music**

Pádraig Canavan remembers his father mentioning that my great-uncle Patrick, only son of the Schoolteacher, was called 'Sonny' and that he was a musician, a good flute player. Who knew?! Great Uncle Patrick disappeared from our family a hundred years ago, leaving behind only vague stories: he had been an Ardmore fisherman in his youth, a 'real patriot', a beloved brother, good-looking, popular with the ladies. Adding 'flute-player' and a family nickname helps bring him to life for us, although we still must wonder why he disappeared. Before we left the Canavans' home, Tommy played a lovely tune on tin whistle for us and I have to admit that tears came to my eyes on hearing that sweet music, in that warm company, in the townland where my grandmother grew up, as had generations of our family before her.

As we stood to leave, Tommy chuckled and said, "Well I never thought to see a Finlay" – reminding me that Patrick was a lone transplant from Woodford, which made Finlays a rarity in the Carna and Cill Chiaráin area. My family's deeper connections in the area are through the Donohues, and the challenge now is to learn more about that side of the family. Mary Donohue's parents were Sean and Bridget (surname Curran, we think), and marriage witnesses and baptismal sponsors were named Sarah Connelly, Laurence Curran, John, Anne, Bridget and Michael Donohue.

The visit with the Canavan brothers was just the beginning. Josie drove us up and down the roads of the Ardmore area, we tramped the beautiful rocky hills and shores, and I even had a bracing swim at Mynish Beach. Father Pádraig Standún let us take all the time we needed to examine the St. Mary's Church records, which resolved a lingering question about my grandmother's birth date – hooray! And, courtesy of Seán Ó Guairim via Josie Cooke, we


# An Aird Mhóir fadó … sinsir Joanne Riley



Seo í **Mary Donohue** as an Aird Mhóir. In 1855 a rugadh í agus mhair sí go dtí 1928. Phós sí Patrick Finlay as an nGráig (Woodford) in oirthear na Gaillimhe a bhí ag múineadh scoile sa gceantar seo. Ba í Mary Donohue sin-shean-mháthair Joanne Riley, an bhean a bhfuil an píosa scríofa aice ar an gcéad leathanach eile.



Seo í sean mháthair Joanne …
**Helen Finlay-Riley,** 1883-1936.



Seo hiad Patrick Finlay (an múinteoir scoile) as an nGráig (Woodford) a rugadh in 1839 agus a bhásaigh i 1919 agus a bhean, Mary Donohue as an Aird Mhóir.



**Margaret Finlay-Dunn**…iníon le Patrick Finlay agus Mary Donohue. Rugadh ar an Aird Mhóir í in 1881 agus bhásaigh sí i mBoston i 1982; mhair sí 101 bliain.


learned that the Ardmore School records are archived at Áras Shorcha Ní Ghuairim (Acadaimh na hOllscoile Gaeilge) in Carna, including the original roll books that Teacher Finlay maintained. In the roll books we found his children, my own grandmother and her brother and sisters, who came to life in those dry columns and figures.

**I'm from Roxbury…and from Ardmore in Connemara**


Discovering these connections with people, places and stories was thrilling, but that wasn't all. Martin Keane described for us the vision of the Carna Emigrants and Diaspora Centre to be built on the footprint of the old parish hall, a place to tell the stories and further the connections among all of those who began in Carna parish. Eileen Davis and Susan Keane showed us the amazing volume of data they are collecting - genealogical and social history of immense historical value. We talked with Tom Hernon, whose passion for the living Irish language is inspiring. Maureen Coyne-Norris and Margaret Feeney- Lacombe happened to be in town from Portland, Maine working on the Maine Irish Heritage Center's DNA project, another layer that will help forge new connections and clarify old. Then there is the fact that in my 'day job' I am University Archivist at UMass Boston, where we preserve tens of thousands of archival records documenting the 'other side of the story', the stories of those who left Ireland and elsewhere to settle in Massachusetts. So many connections, so many possibilities…

A few days after we reluctantly left **Iorras Aithneach**, the Mayor of Boston, Marty Walsh visited the school that his father attended in Ardmore - the very school where Patrick Finlay taught. He later told the press, "My home is in Dorchester, Massachusetts. But I am also from Rosmuc and Carna in Connemara." I'm pleased I can say the same: I was born in Roxbury, Massachusetts, but I am also from Ardmore in Connemara.


Lough Inagh Lodge Hotel



LOUGH INAGH LODGE
RECESS • CONNEMARA
SINCE 1880



Recess, Connemara, Co. Galway, Ireland
Tel: 095 34706 Fax: 095 34708
email: inagh@iol.ie

http://www.loughinaghlodgehotel.ie/

# Tuilleadh cuairteoirí ar thóir a ndúchais



*Seosamh Ó Cuaig*

Thiar i Leitir Ard ag déanamh claí a bhí mé féin, Cóilín Mhic Dara, Máirtín Willie William agus William Simon William nuair a tháinig an glaoch práinneach chuig an bhfón póca. Rúnaí Scoil Phobail Mhic Dara, Bairbre Uí Neachtain a bhí ann. Tá bean anseo as Florida, a dúirt sí, agus tá sí ag iarraidh a fháil amach cá raibh teach a muintire i Roisín na Mainiach fadó. 'Bhfuil seans ar bith go bhféadfá a theacht aniar agus labhairt léi. Céard a d'fhéadfainn a dhéanamh ach an fón a chur imo phóca , Cóilín a thabhairt liom--- mar gur fear é a bhfuil seanchas mór aige--- agus m'aghaidh a thabhairt te bruite ar an Scoil Phobail. Éadach oibre a bhí orm agus mé faoi phuiteach uilig. Dúirt Bairbre liom ina dhiaidh sin go raibh an-tuairisc tugtha aici orm sula dtáinig mé – gur iar-Chomhairleoir Contae a bhí ionam, go mbínn ag obair sa raidió, go raibh cláracha teilifíse déanta agam agus mar sin de. Agus ansin, a dúirt sí, go dtárrthaí mac Dé sin, shiúil tú isteach agus, le bheith fírinneach faoi, b'aisteach an "sight" thú. Insíonn Bairbre an fhírinne dhom i gcónaí is Cuma an dtaitníonn se liom nó nach dtaitníonn.

Mar sin féin níor chosúil gur chuir an chuma a bhí orm aon díomá ar bhean Florida, Kathleen Connolly. Bhí a fear céile in éineacht léi. Dúirt sí gurbh é mianach na nGiolla Máirtíní, Kilmartins, a bhí inti. Má sea, a dúirt Cóilín Mhic Dara, tá gaol sách gar agam féin leat....muintir Mháirtín Aodha. Chuimhnigh mise ansin ar an bpointe ar Aill Mháirtín Aodha, aill atá istigh i Maínis. Tá sé 150 bliain ó bhí Máirtín Aodha ann. Deir siad gur an-fhear oibre go deo a bhí ann. Lá dá raibh sé ag cur fhataí i ngarraí gar do bhruach aille bhí sé ag obair chomh dícheallach sin nár airigh sé go deo gur chúlaigh sé amach thar bhruach na haille. Aill Mháirtín Aodha a tugadh uirthi ariamh ó shin.

Chuaigh Máirtín Aodha a chónaí i Roisín na Mainiach ina dhiaidh sin. Ar ndóigh bhí a fhios ag Cóilín Mhic Dara go maith cá raibh an seanbhalla. Caithfidh mé é a fheiceáil agus pictiúr a thógáil de, a dúirt bean Florida go díocasach. M'anam go bhféadfaidh sibh, a dúirt Cóilín. D'fhan seisean agus a fear sa gcarr ag comhrá agus thug mise agus sise ár n-aghaidh síos.

**Draentacha agus driseacha**

Sin é an áit a raibh an aimsir. Bhí sé ag báisteach agus ná bí ag caint ar dhraentacha, ar dhriseacha agus ar neantóga, bhí siad ann. Bhí mise chun tosaigh agus ise ag tornáil imo dhiaidh. Ní éadach ná bróga draentacha ná driseacha a bhí uirthi ach shílfeá nach raibh sé sin ag cur clóic ar bith uirthi. "We are approaching a barbed wire fence now," a dúirt mé léi. "It's o.k. Joe," a dúirt sí, "we'll get over it." Fuair mise mo dhóthain agus a dhul thairis ach níor loic sise orlach ach oiread. Is ansin a d'fhiafraigh mé di cén aois í; tá mé cineál "cheeky" ar an mbealach sin. "I'm nearly seventy, Joe", a dúirt sí. Shroich muid an seanbhalla sa deireadh agus is uirthi a bhí an t-áthas nuair a bhí an pictiúr tógtha aici. Is Kilmartin tú ceart go leor, arsa mise. Cén fáth a ndeireann tú sin, a d'fhiafraigh sí . Mar cuireann tú do chol seachtar, mo bhean chéile, i gcuimhne dhom, arsa mise. Ghabhfadh sí sin trid an gclaí deilgneach dá gcuirfeadh sí roimpi an pictiúr a thógáil. Ní stopfadh tada í. Thaitnigh sé sin le bean Florida. "You tell the boys when we go up that I was a good trooper down there Joe," a dúirt sí.

Dúirt mé léi ansin go bhfaighinn tuilleadh eolais di faoina muintir ach go gcaithfinn scéala a chur i dtosach ag cara liom i Rhode Island. "Rhode Island is a long way off," a dúirt Kathleen agus iontas an domhain uirthi. B'fhíor di ach is

saineolaí amach is amach ar ghéaga ginealaigh Iorras Aithneach é an fear seo, Dave Riley. Tá sé pósta le iníon Pheadair Uí Bhriain as Coill Sáile. Chuir mé ríomhphost chuig Dave lá arna mháireach agus faoi cheann dhá lá tháinig trí nó ceathair de leathanaigh ar ais faoi shliocht na nGiolla Máirtíní, anuas ó Mháirtín Aodha a chuaigh le fána na haille go dtí an mac is óige againne, Colm.

**Neart cuairteoirí eile**

Ní raibh i gCaitlín ach duine amháin a tháinig chugainn i gcaitheamh na bliana. Tháinig daoine eile freisin. Tá a fhios ag an saol go raibh Marty Walsh anseo ach bhí polaiteoir mór eile as Massachussets inár measc freisin seachtain roimhe sin...iar-Uachtarán Sheanad an Stáit sin, William Bulger. Shiúil sé isteach chugainn tráthnóna amháin, é féin agus a bhean, Mary , mac leo, Patrick , agus iníon, Mary óg. Col ceathrar a bhean agus mo bhean-sa. Bhí comhrá breá acu faoi athair Mhary, Máirtín Sheáin Tom Ó Cualáin as Roisín na Mainiach agus ar ndóigh faoina máthair, Sarah Liam as an gCoillín---Sarah, Liam, Mhaitiais, Mhaolra Bairéad . Maolra na mBeach a thugtaí ar an Maolra sin sa mbéaloideas. Fear cumasach, cáiliúil a bhí ann. Tá cur síos air ag Tim Robinson i gceann dá chuid leabhra. Thug mé cóip den leabhar do Mhary Bulger. Is í a bhí bródúil aisti.

Tháinig Easpag nua-oirnithe ar cuairt chugainn i rith na bliana. Ta cuntas faoi sin ag Maire Bean Uí Thuathail in áit eile san iris seo.

Tháinig Jo Johnson ar ais i mbliana freisin, as Sasana, agus d'fhan sí féin agus a fear i gCarna ar feadh seachtaine. Seo í an bhean a raibh siopa ar an Áird Mhóir ag a muintir fadó. Bhí alt aici san iris seo anuraidh.

Tháinig bean thar a bheith spéisiúil as Boston, Joanne Riley. Bhí a sinseanathair, Patrick Finlay, ag múineadh i scoil na hÁirde Móire blianta ó shin. Tá alt aici in áit eile san iris seo. Ag obair sa leabharlann in Ollscoil Bhoston atá sí. Ós ag caint air sin é, sé William Bulger a bhí ina Uachtarán ar an ollscoil sin nuair a d'éirigh sé as an bpolaitíocht. D'fhiafraigh mé di an raibh aithne aici air? Tá eolas agam faoi, a dúirt sí, ach ní bheadh mórán deis ag mo leithéidse a dhul chun cainte le fear chomh tábhachtach le sin.

Níl siad comhartha ar fad fós agam. Bhí Betty Mc Loughlin anseo. Is gearr ó bhí sí abhus cheana. Seo í an bhean arbh é Sonny Mc Donagh, an polaiteoir cailiúil as Boston, a huncail. Bhí aithne againn ar fad ar Mhichael agus ar Sheán an tSeaimpín as Roisín na Mainiach. Uncail leis an Seaimpín ba ea Sonny.

Bhí an-áthas orm féin píosa comhrá a bheith agam freisin le Maggie Bhidín Ní Uaithnín as Maínis a bhí thíos ag Ionad na nImirceach an lá a raibh Marty Walsh ann. Ba chuimhneach liom go maith go raibh sí ina banaltra i Ros Muc nuair a bhí mé imo ghasúr. Bhí diabetes ar mo mhamó agus b'ise a thagadh ag tabhairt na snáthaide di. Ba chuimhneach liom go rímhaith freisin an oíche a raibh muid ag teacht anoir ar an mbus agus ar chas sí "Amhrán Mhaínse" amach óna croí. B'iontach uaithi.

Bhí píosa deas comhrá agam le Cáit Seoighe as Inis Bearachain an lá céanna. Bean thar a bheith spéisiúil í sin freisin. Dúirt sí liom gur bhain sí an-sásamh as an leabhar a scríobh Bridget Connelly faoin gclár teilfise a rinne muid faoin dream as an taobh seo a tugadh go Minnesota in 1880. "Forgetting Ireland" an t-ainm ata ar an leabhar. Caithfidh muid an ceangal le Minnesota a athbheochan aríst freisin.

Níor labhair mé fós ar Mhary Coyne Norris, de mhianach an Oileán Iarthaí---mianach na gCadhain. Chaitfeadh sé nach bhfuil mórán duine fágtha in Iorras Aithneach faoi seo gan a chuid DNA a bheith tógtha aici. Bhí beagáinín amhrais orm féin faoina cuid DNA i dtosach ach nuair a chruthaigh sí dhom go bhfuil gaol gar agam le Joe, le Colm agus le Bríd John Pháidín Mac an Iomaire bhí orm géilleadh.

An té a déarfadh nach bhfuil ciall le Ionad na nImirceach a thógáil i gCarna duine gan móran tuisceana a bheadh ann. Nach ann a bheas an cruinniú daoine as cheithre airde an domhain an lá a n-osclófar go hoifigiúil é.

# Joseph Brennan
## – Gobharnóir ar Stát Maine

Bhí Joseph Brennan ina Ghobharnóir ar Stát Maine i Meiricea ó 1979 go dtí 1987. Bhí sé ina I0nadaí Comhdhála (Congressman) i Washington 1987-1991. Cheap an tUachtaráin Clinton é ina bhall de Chomisiún Náisiúnta na Mara sna Stáit Aontaithe i 1999 agus rinneadh athnuachan ar an gceapachán sin ar feadh chúig bhliana eile i 2004. Tá Joseph Brennan eiríthe as an saol poiblí, cuid mhaith, ó 2009.

Bhí a fhios againn i gcónaí go mba as Caladh bhFuinnse í máthair Joseph Brennan – Kate Mheairc Mhurchadha – ach tá sé tugtha chun cruinnis níos fearr againn anois go mba as Roisín na Mainíoch a athair. Bhí na Braonáin ina gcónaí síos le cladach; bhíodar ann le roint glúnta roimhe sin. Phós fear acu arbh ainm Beairtle Brennan (Brannan a thugaidís orthu sa gceantar) bean arbh ainm Bridget McDonagh as Roisín na Mainiach. Bhí an mí-ádh ar an teaghlach; bhásaigh Beartle ina fhear óg go maith agus bhásaigh beirt pháistí. Ní raibh fanta ach Bridget (an mháthair) agus mac amháin, John. D'imiodar as Roisín an Mainiach agus sheoladar as Queenstown go Meiricea ar an 28ú Samhain, 1900. Bhí John beag 6 bliana d'aois. Mar atá le feiceáil san alt seo thíos le Matthew Jude Barker, chuireadar futhu i Portland. Phós John Brennan agus Kate Mheairc Mhurchadha (Ní Mhaoilchiaráin) sna blianta ina dhiaidh sin agus ba mac leo é an Gobharnóir Joseph Brennan a chaith 8 mbliana i gceannas ar Stát Maine agus tamall maith eile i Washington i bpostanna cumhachtacha. Tá rún againn tuilleadh cur síos agus cíoradh a dhéanamh ar scéal Khate Mheairc Mhurchada agus Sheáin Uí Bhraonáin amach anseo – beirt as pobal Charna a raibh mac leo ina Ghobharnóir Stáit i Meiriceá.



**Joseph Brennan nuair a togadh é mar Ghobharnóir ar Maine i 1979.**

Seo cur síos atá faoin teach i Portland, Maine inár rugadh agus tógadh Joseph Brennan.

<u>**Maine Irish Heritage Trail**</u>

Portland Site Number 47
by Matthew Jude Barker

**Boyhood Home of Governor Brennan**
**31 Kellogg Street**
**Portland, Maine**

This three-story building was the boyhood home of former Maine Governor Joseph E. Brennan. According to the Munjoy Hill Historic Guide, prepared by Greater Portland Landmarks, with text by William David Barry, this house is a typical example of "flat-houses" that became popular in Portland after the Fire of 1866. It was built in 1894.
John J. Brennan, an Irish longshoreman, and his wife Catherine J. Mulkern, natives of Connemara, County Galway, settled on Munjoy Hill in the 1910s. John had come over from the "ould country" when a young boy in 1901. About 1927, John moved into 31a Kellogg Street, along with his mother Bridget McDonough Brennan. At this residence, John and Catherine raised eight children, three daughters and

five sons, including Joe and Sister Barbara Brennan of the Sisters of Mercy. John, a veteran of World War I, died in the Veterans' Administration Hospital at Togus, in 1957.

Joseph Edward Brennan was born in Portland in 1934 and graduated from Cheverus High School. He attended Boston College and graduated from the University of Maine School of Law. Joe became Cumberland County District Attorney and entered local politics. He served in the Maine House of Representatives (1965-1971) and the Maine Senate (1973-1975). Brennan, a Democrat, was appointed State Attorney General in 1975 and ran unsuccessfully for governor in 1974. In 1979, he became the first Irish Catholic governor of this state since Edward Kavanagh (1843-1844). But Kavanagh became governor only after John Fairfield had resigned the office to enter the U. S. Senate; Brennan was the first Irish Catholic elected.

Joe Brennan served as chief executive officer of Maine from 1979-1987. In December 1979, he shared the stage with John F. Kennedy, Jr., who made a campaign stop in Portland when his uncle Ted was seeking the Democratic nomination for President (see mainememory.net). When Brennan was running for reelection in 1982, a family friend named James F. Collins remarked on the local boy from Munjoy Hill who had made good. "He grew up on the Hill and made it the hard way. He didn't get anything for nothing." Fellow classmate and union bricklayer James McLaughlin stated at the time that "The Yankees can go for him this time, forget his religion. Before, if you were an Irish Catholic from Portland, forget it." McLaughlin commented on supposed anti-Catholicism, anti-Irish sentiments that were still evident in the 1980s; some would argue that at least anti-Catholicism still hasn't faded away completely.

Brennan served two terms in the U. S. House (1987-1991) and had unsuccessful bids for governor of Maine in 1990 and 1994. President Bill Clinton nominated Joe to serve as a commissioner on the Federal Maritime Commission in 1999 and he was confirmed for a second term at the FMC in 2004.

Joe's brother James J. Brennan (1933-2007) operated parking facilities in downtown Portland for over 40 years. He was active in politics and counted such Maine luminaries as former mayor Edward I. Bernstein, former Maine Senate President Gerard P. Conley, and current Maine governor John Baldacci as friends. When Jimmy died, Baldacci declared that "I've lost a great and loyal friend. Jimmy was like family. Jimmy loved Portland and understood the city as well as anyone I ever met" (see obituary, Portland Press Herald, 30 Nov 2007).



Sinn Féin
BUILDING AN IRELAND OF EQUALS

An Seanadóir

# Trevor Ó Clochartaigh

Ag obair ar son muintir na Gaillimhe, pobal na Gaeilge & na Gaeltachta



**Ag obair leis na Comhairleoirí/Working with Councillors – Tom Healy, Gabe Cronnelly, Dermot Connolly, Mairéad Farrell, Cathal Ó Conchúir & Anna Marley**

Oifig na Gaillimhe/Galway Office:
3ú Urlár/3rd Floor,
Teach Ross/Ross House,
Br. na gCeannaithe/Merchants Road
(091) 567921

nó/or

An Caorán Beag,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe/Co. Galway

R-phost/email: trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
Idirlíon/Web: www.trevoroc.com

Fón póca/Mobile: (00353) 87 2476624

# Go n-éirí an saol leo



**An Dr. Ruth Ní Chathasaigh – Carna agus Maigh Cuillin - agus Vincent Ryan as Cill Chainnigh a phós sa Neidín i gContae Chiarraí ar an 22ú Lúnasa, 2014.**



**Feidhlim Breathnach, mac le Damhnait agus Séamus as an Áird Thiar agus a bhrídeog, Shelagh Frossard a phós i mBoston ar an 17-10-2013.**



**Regina McVeigh (an Nua Shéalainn agus Cill Chiaráin) agus Séamus Ó Malóid as Carna a phós ar an 6ú Nollaig, 2013.**



**Marion Fallon as an gCaiseal agus San Francisco agus Neil Deasy as Corcaigh a phós i San Francisco i mí na Samhna, 2014.**
Ar chlé tá Robert Fallon, athair na brídeoige agus Barbara Fallon, máthair na brídeoige, ar dheis.

# Comhghairdeachas




Eithne Ní Loideáin as Muighros agus James Callaghan as Maigh Cuillin a phós i gCarna i mbliana.




Buaiteoirí an agallamh beirte faoi 12 ag Oireachtais na Samhna 2014 - **Éanna Ó hÉanaigh agus Méabh Ní Chualáin.** Iníon le Colm Ó Cualáin (Carna) agus a bhean Máire í Méabh. Mac le Eamonn Ó hEanaigh (Ruisín na Maithníoch) agus a bhean Treasa é Éanna.



**Banríon Chill Chiaráin –**
Viviene Ní Niaidh as an gCaiseal a thug an Choróin léí i gCill Chiaráin i mbliana.
*Ó chlé:* Máirín Ní Choisdealbha-Seoige (Glinsce), Alana Nic Dhonnchadha (Cill Chiaráin), Viviene Ní Niaidh agus Bríd Ní Ghríofa (Muigh Inis).



**Mattie Coyne** anseo a rugadh ar an Oileán Iarthach agus é ag ceiliúradh a 91ú lá beirthe i Niagara Falls i Meiriceá le gairid. Tá Mattie ina chónaí ansin le 64 bliain. Ina chuideachta tá mac a dhearthára, sin é **Vincent Coyne** as Gabhla. Dearthair é Mattie le Tom Anthony Coyne agus Mickey Coyne, nach maireann.

# Ócáideacha Sonasacha



**Ar bhainis Eithne Ní Loideáin (Muighros) agus James Callaghan.**
Tá an bhrídeog, Eithne Ní Loideáin sa lár, a deirfiúr Bláthnaid ar dheis d'í agus deirfiúr eile, Máire, ar dheis uilig. Ansin ar chlé do Eithne tá Sarah Ann Coyne (Ní Mhaoilchiaráin i dtosach), deirfiúr do mháthair Eithne. I Chicago atá Sarah Ann ina cónaí – tá a hinion, Eileen ar chlé uilig sa bpictiúr.



**Pádraig Corbett dá n-inseacht ag Féile Mhic Dara i mbliana!**
*Ó chlé:* an Comhairleoir Contae, Joe Folan; Colman Feeney, Pádraig Corbett…agus fear eile ar dheis atá plúchta uilig de bharr gáirí. (Pic: Marion Ní Shúilleabháin).

# Seaimpíní



**Carna-Caiseal/Na Piarsaigh - Faoi 16, Buaiteoirí Sciath an Chontae: Roinn 3 - 2014**

*Ar cúl, ó chlé:* Liam Mac Donacha, Caoimhín Ó Súilleabháin, Alan Ó Gaora, Liam Ó Criodháin, Séamus Mac an Rí, Aonghus Mac Donacha, Riocard Ó Guairim, Maitiú Ó Gaora, Stiofán Mac Donacha, Michael Coleman Ó Flatharta, Declan Mac Mathúna agus Brandon Ó Fallúin.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Máirtín Ó Cualáin, Eoin Mac Giollapháraic, Tomás Ó hAllaráin, Ciarán Ó Dúnaird, Dara Ó Cualáin, Emmett Ó Dáibhéid, Dara Ó Flatharta, Mac Dara Ó Coileáin, Martin Ó Clochartaigh agus Ronán Ó Flatharta.

# Fir Charna agus gasúir Charna



**_Ó chlé:_ Macdara Ó Loideáin (Muighros), Páraic Ó Gaora (Carna agus Baile Átha Cliath), Máirtín Bairéad (Duibhithir), Seosamh Ó Cuaig (Aill na Brún) agus Éamon Mac an Ríogh (Clochán agus an Aird Thoir) – ag ócáid an Ionaid Cuimhneacháin i gCarna, 23-9-2014.**



**An chéad ghlúin eile –**

Gasúir as Scoil na hAirde Thiar - ag ócáid an Ionaid Cuimhneacháin i gCarna, 23-9-2014. *Chun tosaigh, ó chlé:* Martha Ní Chathasaigh, Micheál Ó Cathasaigh, Molly Ní Chathasaigh agus Eóin Ó Coirbín. *Taobh thiar, ó chlé:* Aibha Ní Chathasaigh agus Seán Ó Cathasaigh.

# Leabhra le léamh agus le síniú




**Ainm sa Leabhar Rolla –**
Kevin Mac an Iomaire (ar chlé) agus Liam Ó Loideáin ag 'speáint ainm a athar ar an sean leabhar rollaí i Scoil na hAirde Móire do Mhéara Bhoston, Marty Walsh. Tháinig John Mháirtín Tom chun na scoile ansin ar an 10ú Aibreán, 1933.



**Síniú an leabhair i gCarna –**
Ag síniú leabhar na gcuairteoirí ag an Marquee ar shuíomh Ionad na nImirceach. Sí Nóirín Nic an Iomaire an fáilteoir.




**Fionn Ó Maolchiaráin as Muigh Inis in éineacht leis an Méara ag ócáid Charna.**



Tá Mairéad Nic an Iomaire as an Áird Mhóir – iníon le Máirín Mhic an Iomaire agus Johnny Mac an Iomaire (Johnny Joe Mhicil) nach maireann – ina cónaí i nDún na nGall faoi láthair.
Rinne sí a bealach as sin go Doire le súil agus go gcasfadh sí le Méara Bhoston, Marty Walsh; d'éirigh léí.
*Ó chlé:* Brenda Stephenson, Méara Dhoire - Mairéad (Margaret) Níc an Iomaire agus an Méara, Marty Walsh san Guild Hall i nDoire i mí Mheán Fómhair.

# “As Boston mé... agus as Ros Muc agus Carna freisin”.



**Cluas le héisteacht ar chúile dhuine –**
Méara Bhoston, Marty Walsh ag labhairt i gCarna ar an 23-9-2014.



**In Óstán Charna**
*Ó chlé:* Micheál Ó Clochartaigh, Patricia Bairéad, an Méara Marty Walsh agus Liz Uí Chualáin.

# Spraoí agus Ceol




An Pháirc nua Spraoi i gCill Chiaráin – féachnóta eolais sa leabhar seo.




**Ag ceol ar an Raidió –**
Áine Máire Ní Fhlatharta (ar dhéis) agus na ceoltóirí óga i Scoil na hAirde Móire agus Raidió na Gaeltachta ag taifeadadh.

# Páirc na nGasúr i gCill Chiaráin

*Éamonn Ó Cualáin*

Sa mbliain 2010 a thosaigh muid an feachtas bailiúcháin airgid le páirc spraoi a réiteach sa gceantar. Bhí os cionn seasca duine (60) ag an gcruinniú a bhí againn in Áras Shorcha Ní Ghuairim. Roghaíodh coiste le dhul i mbun an togra. Socraíodh suíomh a roghnú a bheadh feiliúnach do na riachtanais a bhí againn --- suíomh a mbeadh sé éasca cead pleanála a fháil lena aghaidh, nach mbeadh mórán oibre le déanamh air agus a bheadh ar fáil ar phraghas réasúnach.

Tar éis roinnt díospóireachta roghnaíodh suíomh ar thalamh Churraoin i gCill Chiaráin a bhí i seilbh Údarás na Gaeltachta. D'oibrigh feidhmeannaigh an Údaráis linn go dícheallach leis an suíomh a thabhairt ar léas dúinn ar chíos réasúnach.

Bhreathnaigh muid ar chúpla páirc spraoi ar fud an chontae le eolas a bhailiú faoin gcostas a bheadh i gceist . Fuair muid amach go gcosnódh an pháirc a bhí muide a iarraidh 150,000 euro.

Rinne muid iarratas ar chabhair deontais ar Chomhar na nOileán agus bhí orainne ár sciar féin a bhailiú ansin. Thosaigh muid crannchur 50/50 a thug isteach tromlach an airgid. Tháinig an pobal ar fad le chéile agus rinne siad éacht: eagraíodh díolacháin cácaí, lá spóirt, tráth na gceist boird, ceolchoirmeacha, raifil, díolachán as boot cairr agus go leor imeachtaí eile. Bailíodh an sprioc a bhí againn, 30,000 euro, taobh istigh de bhliain, rud a léirigh díograis agus deá-thoil phobal Iorras Aithneach.

Tá an Chomhairle Contae sásta árachas a chur ar an bpáirc agus cabhróidh Forbairt Chonamara Láir linn leis an obair chothabhála. Tá buíochas ag dul don choiste a d'oibrigh chomh crua, don phobal, do Chomhar na nOileán, d'Údarás na Gaeltachta, d'Fhorbairt Chonamara Láir, don Chomhairle Contae agus do chuile dhuine a thug cúnamh dhúinn le linn an fheachtais.

Tá súil againn an pháirc a oscailt go gairid. Sé ár ndóchas gur iomaí lá spóirt a bheas ag gasúir an cheantair inti uaidh seo amach.

Ní neart go cur le chéile.

**An Coiste:**
Éamonn Ó Cualáin
Cassie Ní Chathasaigh
Tom Halloran
Kathleen Uí Dhubháin
Bríd Ann Uí Chuirrín
Mae Uí Chathasaigh
Mary Leavy
Matt Casey
Bairbre Mhic Dhonncha
Déirdre Uí Chualáin
Paula Ní Chualáin
Michael Dunworth
Rebecca Lydon.

# NOEL GREALISH T.D.



**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

IRELAND

COMHAR CREIDMHEASA CAISEAL CONAMARA

CASHEL-CONNEMARA CREDIT UNION LTD

TEACH AN ÚDARÁIS
CARNA

AMANTA OSCAILTE
4pm to 7pm
DÉARDAOIN

TEILEAFÓN
AN CAISEAL 095-31128
AN CLOCHÁN 095-21101
IASACHT UAIT?
FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA

CATERENT

FURNITURE AND CATERING EQUIPMENT HIRE

5a Racecourse Business Park
Ballybrit
Galway
Tel: - 091 771744
Fax: - 091 771745
Website: www.caterent.ie
Email: caterent@eircom.net

# CASEY AND FEENEY

Muigh Inis, Carna



## Plant Hire

6-12 tonna excavators/Dumpers/Rock Breakers.



Réiteach bunchloch tí/Draeneail talún
Tógáil sconsaí le meaisín/réiteach córais
séarachais.

*We do all types of work on foundations/rafts/perculation/land drainage/machine wall building.*
*All works considered.*

**087-9189208 agus 087-2681641**
**E-mail: caseyandfeeneyplanthire@gmail.com**
**Casey and Feeney, Muigh Inis, Carna, Conamara.**

# Eileen Mannion – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

Teileafón: 087-9555645

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

# Club Spaisteoireachta Iorras Aithneach

*Joan Barrett*

Tá an Club Spaisteoireachta bunaithe le cheithre bliana anois agus cé go dtéigheann uimhir na ndaoine ag siúl chuile Dhomhnach síos agus suas níl aon lagan ar dhiogras agus spiorad na mball. Is iomadh bóthar agus cosán atá siúlta againn le bliain anuas, ní amháin sa tír seo ach thar sáile. I mí Iúil shiúil ceathrar againn an píosa deire den "West Highland Way" in Albain, ó Bridge of Orchy go Fort William, treasna Rannach Moor, Kinlochleven agus Sleasa Ben Nevis.

Sa nGeimhreadh fanann muid áitiúil, de ghnáth. Ag siúl an chósta taréis na stoirme agus na dtaoillí móra i dtús na bliana seo chuirfeadh an t-athrú a bhí ar an gcladach scanradh ort – i Muighros, Duibhithir, Damhros agus Caladh Mhainse.

Tá ár gcuid ball i gcónaí a gcur ar an eolas faoi shiúlóidí eile, i Ros Muc, Rinn Mhaoile agus an Chaol Sháile Rua. Bíonn cuairteoirí linn go minic agus fáilte rompu. I mí Bealtaine chaith an "Hilltop Walking Group" as Baile Átha Cliath deireadh seachtaine i gCarna. Ar an Satharn shiúil siad cósta Dhubhithir agus an Mhása. An mhaidin ina dhiaidh sin thug muid ar Shiúlóid go Seanach Domhnaill iad. Bhí siamsa agus ceol acu san Óstán san oíche Dé Sathairn.

Sa Samhraidh téann muid níos faide ó bhaile. I mí Meitheamh bhí lá álainn againn ag siúl in Inis Bó Finne. Chuamar isteach go hOileán Iomaí i mí Lúnasa. I ndeireadh mhí Mheán Fómhair shiúil muid an sean bhóthar ó Chor na Móna go dtí an Fháirche. Is ceann de na "National Walking Trails" é seo. Tá súil againn go mbeidh ceann no dhó acu seo i gceantar Charna go gairid.

Buaileann muid le chéile gach Domhnach ag an haon a chlog in Óstán Chuan Charna. Ar ndóigh, tá míle fáilte i gcónaí roimh bhaill nua.






# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide agus creimeadh**
**Teach Tórraimh lonnaithe cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*



**Tomás Ó Curraoin**
**Na Fothraí Maola Thiar**
**Bearna,**
**Co. na Gaillimhe**

**087-2933782**
**www.galway.ie**

**Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

# Áras Shorcha Ní Ghuairim
## – Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

*Séamus Ó Coinceannain, Stiúrthóir an Árais*

OÉ Gaillimh
NUI Galway

### Timpeallacht Teanga agus Cultúir ar leith don fhoghlaimeoir Gaeilge

Tá trial ag foghlaimeoirí Gaeilge agus ag lucht léinn na Gaeilge ar limistéar Iorras Aithnigh le fada an lá, bídís ag cur barr snasa ar a gcuid Gaeilge nó ag gabháil do léann an traidisiúin Ghaelaigh. Tá milieu teanga agus cultúir ar leith sa cheantar seo le freastal ar spéiseanna agus riachtanais oideachasúla na gcuairteoirí seo. Tá a rian seo le feiceáil sa bhfás atá tagtha ar líon na mac léinn tríú leibhéal atá ag tarraingt ar an gceantar le blianta beaga. D'fhreastail 242 mac léinn tríú leibhéal ar chúrsaí teanga agus cultúir in Ionad an Acadaimh, Carna le bliain anuas. Tá trial leanúnach ag mic léinn ó Choláiste Hibernia, ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, ó Ollscoil Rutgers New Jersey, agus ó Choláiste Albright, Pennsylvania ar na cúrsaí áirithe seo.

Cohórt suntasach de lucht freastail na sainchúrsaí teanga agus cultúir seo freisin is ea na hábhar oidí óna Coláistí Oideachais in Éirinn. De réir riachtanais na Comhairle Múinteoireachta bíonn ar na hábhar oidí bunscoile tréimhsí foghlama Gaeltachta, suas le trí seachtainí ag an am, a chaitheamh sa Ghaeltacht mar chuid dá gclár oideachas tosaigh múinteoireachta. Ní sa seomra ranga amháin a bhíonn na hábhar oidí ag cur lena gcumas Gaeilge le linn a dtréimhse Ghaeltachta in Iorras Aithenach. Faigheann siad deiseanna den scoth an teanga a chleachtadh agus cur lena stór focal i suíomh atá nádúrtha do shealbhú agus do shaibhriú teanga, mar shampla, trína ceardlanna sna healaíona dúchasacha a eagraítear dóibh i gcomhar leis an bpobal áitiúil.

Bíonn fíorchaoin fáilte ag na hábhar oidí i gcónaí roimh an deis casadh le fonnadóirí agus damhsóirí ar an sean-nós agus le ceoltóirí, idir óg agus aosta, ó limistéar a bhfuil a chlú agus a cháil i leith na n-ealaíon traidisiúnta imithe go dtí na ceithre hairde. Cuireann na turais go dtí shuíomhanna cultúrtha i dtírdhreach álainn Iorras Aithneach agus an rochtain ar ar stórchiste de chartlanna digiteacha go mór le héispéireas foghlama an mhic léinn. Tá an caidreamh leis an an bpobal áitiúil ina chuid lárnach den chlár léinn, spraoi, tóraíochta dúchais agus cónaitheachta a bhíonn ag na mic léinn le linn a dtréimhse foghlama in Iorras Aithneach. Táthar ag súil go dtiocfadh borradh leanúnach faoin líon mac léinn a bheidh ag freastal ar thréimhsí foghlama Gaeltachta in Ionad an Acadaimh, Carna, sna blianta beaga amach romhainn, beart a mbeidh leas ann do phobal na háite.



Kavanagh's SuperValu, The Square, Clifden

## Specialists in fresh foods

If you need any help in our fresh fish department or have any questions, I'll be happy to help you.

Just ask. Martina

**Open 7 Days A Week**

Kavanagh's SuperValu
Real Food, Real People

**Fruit & Veg • Meat & Deli • Fine Range of Fresh Cut Cheese • Fresh Fish**
**Daily Lobster, Crab & Mussels • Off License • Instore Bakery • Household 180 Car Park Spaces**

Abbey
School of Motoring
GALWAY CITY AND COUNTY

Own Car / School Car
DIR Qualified Driver
All test routes covered
Car available for test
Dual Control Car
Block Bookings Available
Nervous Beginners
Welcome
*Gift vouchers Available...*

DIR IAM MSAI ADI
Manual & Automatic Car
Tel: 091 59 20 40
Mobile : 087 769 9222
Email: info@abbeydrivingschool.com



# Mo Thréimhse i Scoil Phobail Mhic Dara

*Labhrás Ó hIarnáin, Ruisín na Mainiach*

Sa lá atá inniu ann, ní minic a fheictear an scoil molta, go h-áithrid an scoil dara-leibhéal. Feiceann muid in oiread scéalta faoi bhulaíocht agus piarbhrú (peer pressure), agus go gcáilleann muintir an tsaoil a gcuid misnigh uilig ionainn.

Sin pictiúr amháin den scoil agus an ghlúin óg. Ní hé an t-aon phictiúr é agus ní hé mo phictiúr-sa é ar aon bhealach. Chaith mé sé bliana i Scoil Phobail Mhic Dara, agus níor caitheadh go dona liom faoi bhlas ar bith.

Tugadh chuile dheis agus chuile sheans dhom i gCarna ó thaobh mo chuid obair scoile. Fiú nach raibh aon duine eile i mo bhliain ag iarraidh Fisic a dhéanamh don Ardteist, cuireadh múinteoir agus rangannaí ar fáil dhom. Ba é an scéal céanna é le ard-leibhéal maths agus le ceol. Tugadh chuile fair play dhom leis an taobh acadúil de mo chuid scoile.

Le cúpla bliain anuas, tá an-phoiblíocht faighte ag bulaíocht agus ag piarbhrú sna meáin. Gan ceist, tá fadhbannaí leo seo ar fud na tíre agus is dóigh, ar fud an domhain. Bhí mé i roinnt mhaith áiteachaí in éineacht le mo bhliain ar feadh na sé bliana seo caite, agus níor déanamh aon bhulaíocht orm, agus níor cuireadh aon phiarbhrú orm oiread is uair amháin.

Cuireadh neart imeachtaí ar bun dhúinn, idir trí seachtainí taithí oibre agus Gaisce an Uachtaráin. Chlúdaigh muid roinnt den chúrsa Ardteiste i gcúpla ábhar sa gceathrú bliain in éineacht le rudaí éagsúla eile ar nós cúrsa gar-chabhair agus an ECDL. An t-aon lucht amháin a bhí agamsa air, agus tá a fhios agam nach n-aontóidh chuile dhuine liom ar an gceann seo ná nach ndeárna muid baileach a ndóthain b'fhéidir, ó thaobh obair scoile. Dá bharr sin bhí níos mó le clúdach againn ina gcuid ábhair sa gcúigiú agus sa séú bliain. Níl ansin ach mo thuairim fhéin, agus tá amhras orm nach gceapfadh mórán eile é sin.

Tá sé fíor-shuimiúil cuimhniú ar an méid a d'athraigh Scoil Phobail Mhic Dara ón ám ar thosaigh muid go dtí gur chríochnaigh muid. Chonaic mo rang-sa triúr Phríomhoidí, Tomás Ó Nídh, Seán MacDhabhoc agus Dara Ó Maoilchiaráin. Chuir an triúr acu béim ar rudaí difriúla ag iarraidh an saol sa scoil a chur chun cinn. Mar shampla, chuir an Phríomhoide atá anois ann, Dara Ó Maoilchiaráin, an-iarracht isteach i meas a chruthú sna scoláirí, ag cur ar a súile dhóibh meas a bheith acu orthu fhéin agus ar dhaoine eile. Rinne Seán MacDhabhoc go leor le eolas faoi bhulaíocht a scaipeadh sa scoil le go mbeadh na scoláirí b?fhéidir, in ann déileáil leis. Ní raibh morán eolas agam ar Thomás Ó Nídh, mar nach raibh mé ach ag tosaigh sa scoil.

Is ceart a rá gur stiúrtheoir fíor-thábhachtach é an Phríomhoide i scoil ar bith ach marach na múinteoirí a dhéanann a ndícheall chuile lá ní bheadh scoil againn. I mo chás fhéin, caithfidh mé a rá go ndeárna chuile mhúinteoir go leor dhom. Mar shampla, ba mé fhéin an t-aon duine a bhí ag déanamh an chúrsa ard-leibhéal maths.Rinne Mairéad MhicDhonnacha, an múinteoir maths agus leas-phríomhoide na scoile go leor dhom, D'eagraigh sí ranganaí breise dhom agus rinne sí obair bhreise liom aon uair a mbíodh am saor aici. Tá mé fíor bhuíoch dhi, agus do na múinteoirí eile agus don fhoireann uilig

Gan ceist, tá saol na scoile athraithe go hiomlán ó bhí mo mhuintir ag an scoil. Tá caidreamh i bhfad níos fearr idir na scoláirí agus na múinteoirí ná bhí ariamh.. Is mór an difríocht atá idir an saol inniu agus an saol a bhí sna scoileanna ag an nglúin a tháinig romhainn.

Ar deireadh, tá súil agam go ndeireóidh thar barr leis an gcuid eile de mo bhliain ina gcuid oideachais agus a gcuid oibre. Ag deireadh an lae sé príomh aidhm scoil ar bith ná oideachas a chur ar dhaoine mar rinne Scoil Phobail Mhic Dara dhúinne.

# Foireann Peile na Gaillimhe i mBoston i 1960




Máirtín Clancy as Cill Chiaráin ar chlé uilig sa líne tosaigh. Cóilín Ó hUaithnín as Muigh Inis ar chlé taobh thiar; bhí sé ar dhuine d’oifigigh chumann na Gaillimhe i mBoston.

# Nioclás Ó Conchubhair Teo
## Homevalue

**Leitirmóir, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,*
*Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,*
*Péint & Srl*

# Teach Altranais Charna
## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**

***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***





STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# Páirc nua Chill Chiaráin
## - Páirc do chuile chineál aimsire



*Seán Ó Cualáin*

Creid anois é nó ná creid, is i 2005 a thosaigh an chaint sa bpobal seo faoi pháirc peile a bheith i gCill Chiaráin san áit a mbíodh an "pitch and putt" ar shuíomh Údarás na Gaeltachta ar imeall thoir an bhaile. Bhí an tÚdarás le páirc a chur ar an suíomh seo iad féin ach bheartaigh cuid againn go mba cinneadh stuama a bheadh ann páirc a bheadh fóinteach do chuile chineál aimsire, páirc a mbeadh dromchla "astroturf" a chur ansin a chur ansin seachas páirc chréafóige.

D'aontaigh an tÚdarás linn agus chuaigh muid i mbun bailiúchán airgid láithreach mar go raibh leathmhilliún euro (500,000) luaite lena leithéid de thogra. Go gairid ina dhiaidh sin fuair muid scéala ó Chumann Peile Charna / an Chaisil go rabhadar sásta sciar maith airgid a bhronnadh orainn le cabhrú linn agus muid ag lorg deontais óna húdaráis Stáit. Tá an coiste thar a bheath buíoch den chumann peile as an tacaíocht airgid sin a thabhairt dhúinn. Murach iad ní bheadh an áis iontach seo ag an bpobal.

Sa mbliain 2007 a thosaigh muid ag caint le Roinn na Gaeltachta faoi dheontas ach i nganfhios dhúinn uilig bhí an tóin tite as cúrsaí airgeadais na tíre agus ní raibh aon cent le fáil againn. Diomúch go maith a bhí muid mar choiste le linn 2008 agus 2009 ach le tacaíocht ó Mháirín Seoighe as Forbairt Chonamara Láir choinnigh muid an misneach agus leanamar linn ag agóidíocht agus ag brú chás na páirce. Cinnte bhí tréimhsí ann a raibh sé deacair againn aon dóchas a choinneáil go mbeadh aon pháirc againn.

### Pobal beo, bríomhar

Ar deireadh thiar thall i 2013 fuair muid scéala go raibh deontas faighte againn faoi scéim Leader a bhí faoi chúram Chomhar na nOileán anseo i gConamara. Costas 398,417 euro a bhí ar an bpáirc: fuair muid 296,417 euro de dheontas.

Ba iad Crawfords Sports agus Jackie Ó Cualáin na conraitheoirí a bhí againn agus ba é Pádraic Ó Coirbín an t-innealtóir.

Níl aon dabht faoi ach go mbreathnaíonn an pháirc go maith agus í lasta suas i ndorchadas na hoíche. Is minic ráite e, agus ní bréag é, go bhfuil an ceantar seo buailte go dona ag an imirce agus go bhfuil faillí mhór déanta orainn mar phobal ar imeall na Gaeltachta. Má tá féin tá súil againn go léiríonn na tuilshoilse agus iad lasta go feiceálach go bhfuil pobal beo bríomhar againn in Iorras Aithneach agus go bhfuil cultúr Gaelach le cosaint.

Ar ndóigh tá páirc nua spraoi do na gasúir in aice leis an bpáirc seo freisin. Is tograí iad seo a ndearna an pobal éileamh orthu agus tá súil againn go dtuigfidh na húdaráis nach bhfuil muid ach ina thús. Tá áiseanna eile ag teastáil sa bpobal seo agus más mian linn iad a fháil níl orainn ach muid féin a eagrú agus feachtas a thosú. Tá beagán réitigh déanta again faoi shuíomh do sheomraí feistis agus do sheomraí cruinnithe agus sin iad an chéad sprioc eile atá againn mar choiste.

### Ná fágtar folamh í

Tá súil againn go gcuirfidh an pháirc go mór le siamsaíocht an cheantair, go gcuideoidh sí le dul chun cinn ógánaigh agus lucht aclaíochta an cheantair, idir scoláirí, lúthchleasaithe agus pheileadóirí. Ach ní d'ógánaigh amháin a réitíodh an pháirc seo: tá sá tábhachtach freisin go bhfeicfidh daoine níos sine, nach bhfuil páirteach i gcumainn spóirt, go bhféadfadh siad féin leas a bhaint aisti. Beidh an coiste ag súil le siamsaíocht a eagrú dóibh siúd freisin.
Ná bíodh sí gan úsáid. Ná fágtar folamh í.

### Baill an choiste:

Seán Ó Cualáin;
Tomás Ó Briain;
Marcas Ó Maoilchiaráin;
Mícheál Ó Cadhain;
Tomás Ó Caonaigh;
Tomás Ó hAllmhúráin;
Ciarán Ó Tuathail;
Ciarán Mac Donnchadha.

Mar fhocal scoir, ag ceann de na chéad chruinnithe a bhí ag an gcoiste i 2005 rinneadh cinneadh go n-ainmneofaí an pháirc i gcuimhne ar Alan Mac an Iomaire as Ros Dugáin a bhásagh go tragóideach i 2001. Labhair muid lena athair Louis agus thug sé an cead sin dhúinn. Tá súil again go mbeidh leac i gcuimhne ar Alan ag geataí na páirce go luath.

# Ón tsluasaid go dtí an solas –
## Páirc nua uile aimseartha.







# Ceiliúradh na Féile



**Teacht le chéile Lá'l Mhic Dara –**
*Ó chlé:* Deirdre Ní Fhéinneadha as Leitir Deiscirt, Máire Ní Fhéinneadh (Moroney) agus a mac, Conor agus Marion Ní Shúilleabhain (Raidió na Gaeltachta).



**Ag Féile Mhic Dara i mbliana.**
*Ó chlé:* An Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cualáin; Colman Ó Féinnidh agus Michael Ó Ceannabháin.




**Thug an bhean teilifíse –'Prime Time' - Miriam O' Callaghan cuairt ar Tí Chadhain i gCill Chiaráin ar a cuid taistil thrí Chonamara.**
**Foireann Tí Chadhain anseo in éineacht le Miriam.**
*Ó chlé:* Micheál Ó Cadhain, Bairbre Grealish, Anne Marie Uí Chadhain, Miriam O'Callaghan, Katie Ní Cheanabháin, Colm Ó Neasa agus Pádraig Ó Conaola.

# Ceol agus Currachai



**Tommy Phat Phatch**
ag casadh poirt don chuairteoir sa teach, Joanne Riley.  Ba as an Aird Mhóir sin- shean-mháthair Joanne.



**Lá'l Ciarán – Buaiteoirí sna curachaí ós cionn - 40**
Ó chlé- Tommie Ó Máille, Máirtín Ó Cualáin, Máirtín Ó Clochartaigh agus Kevin Phetie Chuimín (Ó Neachtain) ar dheis ag bronnadh an Chupáin.

# Corn agus Duaiseanna



**Craobh na mBan sna currachaí – agus an cupán Tí Chadhain Lá' Ciarán –**
*Ó chlé:* Róisín Éinniú, Julie Mary Devane agus Georgina Ní Chualáin.



**Rónán O Nídh** as Dún Ríacháin, an Caiseal a bhuaigh an dara háit sa damhsa ar an sean-nós faoi-12 ag an Oireachtas i Chill Áirne i mbliana




**Valerie Keaney-Quintero**
as Gabhla sa rása 10km. ó Óstán Charna go Reilig Mhuigh Inse..agus ar ais.

# Bronntanais



**Úna Nic an Ríogh- Uí Chaodhna** as an Aird Thoir …col ceathrar don Mhéara… ag bronneadh saorsceitse dó féin ar Mharty Walsh ag an ócáid i gCarna ar an 23-9-2014.
Sí Alana Nic Dhonnchadha as Cill Chiaráin a rinne an sceitse.



**Máire Nic an Ríogh – Uí Éanaigh** as Roisín na Mainíoch… col ceathrar don Mhéara… ag bronnadh pictiúr do Oileán Mhic Dara ar Mharty. Sí Yvonne King, an t-ealaoíntóir as Cloch na Rón, a phéinteáil an pictiúr.



**Róisín Ní Chatháin, ar dheis, ag bronnadh bhláthanna ar Mary Walsh, máthair an Mhéara ag ócáid an Ionaid Cuimhneacháin i gCarna. Tá an Méara ar chlé sa bpictiúr.**

# Aíonna ag an ócáid




Ó chlé: Mary Hoade, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Joe McHugh, Aire Stáit – Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; Marty Walsh – Méara Bhoston; Máirtín Ó Catháin – Cathaoirleach Choiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach; Steve Ó Cúláin – Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta. Iad cruinnithe thart ar bhunchloch Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Siad Sorcha Ní Mhaoilchiaráin (ar chlé) agus Nóra Bairéad (as Muigh Inis an bheirt) na cailíní beaga sa bpictiúr.



**Beirtí Ó hAinmhire – Rúnaí Roinn na Gaeltachta, na Forbacha; Mary Cosgrave, iníon an iar-Thaoisigh agus Feidhmeannach sinsireach i Fáilte Éireann agus an t-iar Thaoiseach, Liam Mac Cosgair – Liam Cosgrave.**

# Cill Chiaráin - Glinsce - An tSionainn




**Ag seoladh leabhar Louis Mhic an Iomaire "Scéalta as Ros Dugáin Mór".**
*Ó chlé:* Eithne Mhic Dhonnchadha (Bord Oideachais agus Oiliúna Ghaillimh/Ros Comáin), Máirín Uí Nia (Breacadh – foillsitheoirí an leabhair), Louis Mac an Iomaire agus Gertrude Mhic an Iomaire (ní daoine muintireacha iad) a léigh scéal as an leabhar an oíche sin.



Paddy Sullivan as Cill Gharbháin i gCiarraí ó dhúchas agus a bhean chéile, Béab Éinniú as Glinsce – pictiúr a tógadh scaitheamh maith blianta ó shin. Chaitheadar scaiteamh blianta i nGlinsce théis dóibh filleadh ón imirce i Meiriceá.



Ag Aerfort na Sionainne an mhaidin ar tháinig sé isteach. Méara Bhoston, Marty Walsh ar dheis, a uncail Peter O' Malley as Ros Cide agus iad faoi agallamh ag Eibhlín Ní Chonghaile – Raidió na Gaeltachta.


Carna sa g Clapsholas

# Scoil na hAirde Móire



**Scoil na hAirde Móire agus an Chéad Chomaoineach i mbliana.**
*Ó chlé:* Leon de Burca Ó Conghaile, Ciarán Mac Craith, Fionn Ó Briain, Gwynath Ní Fhlatharta, Sinéad Bhreathnach agus Sally Kate Ni Mhaoileain.
Mairead Ní Choistealbha agus an tAthair Standún in éineacht leo.



**Gasúir scoile as an Aird Mhóir a chuaigh faoi lámh Easpag i mbliana-**
*Ó chlé sa line cúil:* an tAthair Séamus Ó Dúill (Sagart Cúnta sa bpobal), Joseph Reddin, Séamus Ó Ceannabháin, Ionnaigh Ní hAllmhuráin, Séamus Ó Maoilchiaráin, Anthony Ó Ceannabháin, Sinéad Ní Mhullaoidh, An tAth. Standún, Sagart Pobail.
*Chun Tosaigh:* Máirtín Mac Craith, Tommy Ó Ceannabháin, Oisín Ó Briain agus Dennis Ó Coistealbha.


Radharc de bhaile Chill Chiaráin

# *Scéalta as Ros Dugáin Mór*



**Muintir Mhic an Iomaire as Ros Dugáin**

*Ó chlé:* Ciarán Mac an Iomaire (mac le Louis), Jennifer Nic an Iomaire (iníon le Louis), Páraic Mac an Iomaire (deartháir le Louis), Louis Mac an Iomaire (scríbhneoir an leabhair "*Scéalta as Ros Dugáin Mór*") agus Keelan Mac an Iomaire (mac le Louis). Ag seoladh an leabhair Tí Chadhain i gCill Chiaráin, 15-11-2014.



Sé an tAthair Páraic Standún, Sagart Pobail Charna (ar chlé) a sheol an leabhar "Scéalta as Ros Dugáin Mór". An scríbhneoir, Louis Mac an Iomaire in éineacht leis. Ar ndóigh, scríobhann an bheirt acu píosaí go rialta do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach".



**Ag an ócáid i gCill Chiaráin –**
Ciara Ní Nia as Turlach i Ros Muc (ar chlé) agus a deirfiúr Clíodhna Ní Nia.

# Bhí an Chléir agus an Stát anseo



**Ceapadh an tEaspag Mark Ó Toole**
ina Easpag ar Dheoise Plymouth i Sasana i mbliana. Mac deathára é an tEaspag Ó Toole le Máirtín Ó Tuathail as Cill Chiaráin.
Sa bpictiúr seo – *ó chlé:* Martin O' Toole (deartháir leis an Easpag), Máire O' Toole (a mháthair – as an Máimín sna hOileáin), an tEaspag Mark O' Toole agus Joe O' Toole (deartháir leis an Easpag). *Féach píosa scríofa sa leabhar seo.*



**Sagart Pobail Charna, Pádraig Standún ag beannú bunchloch an Ionaid Cuimhneacháin agus Méara Bhoston ar an taobh eile.**



**Ag ócáid leagan na bunchloiche ag an Ionad Cuimhneacháin.**
*Ó chlé:* Éamon Ó Malóid, Ciarán Wynne (innealtóir Co Contae na Gaillimhe sa gceantar) agus an Teachta Dála Noel Grealish.



**Ócáid stairiúil –**
an t-iar Thaoiseach, Liam Cosgrave ag labhairt ag an ócáid ag ar leagadh an bhunchloch don Ionad Cuimhneacháin i gCarna ar an 23-9-2014; bhí sé ina ghasúr scoile ar an láthair céanna 84 bliain roimhe sin.




# C.L.G.
# Carna/Caiseal

Cuireann an cumann áitiúil foirne idirmhéanach agus soirear chun páirce i rith na bliana. Freisin i gcóir le cumann Peil na bPiarsaigh Rosmuc cuirtear chuig foirne faoi aois idir 11 agus 15 bliana d'aois. Cuirtear treanail ar na foirne seo faoi scáth an dá chunamm.

Buíochas tacaíocht an phobal ó thaobh ceannacht lotto's agus chuile chunadh eile i rith na bliana

# An taobh eile de sheomra na dtaibhsí - 50 bliain ó shin



*An tAthair Pádraig Standún, Sagart Pobail Charna*



**Coláiste Phádraig, Máigh Nuad**

Leathchéad bliain go h-am seo bhí mé i mo mhacléinn céadbliana i gColáiste Phádraig i Máigh Nuad. Bhí mé i seomra le Micheál Ó Néaraigh atá ina Ardeaspag i dTuaim le beagnach scór blianta. Seomra le taobh sheomra an taibhse a bhí againn, cé nach bhfaca ceachtar againn aon cheo níos measa ná muid féin. Tharla cúpla tragóid sa seomra sin thart ar chead ochtó agus céad seasca bliain ó shin. Baineadh amach an balla tosaigh agus cuireadh altóir le dealbh de Naomh Seosamh ann agus is mar sin atá sé ariamh ó shin. An t-aon uair ar chuir sé aon imní ormsa nó nuair a bheadh orm dul amach chuig an leithreas i lár na hoíche agus bheifeá ag deifriú ar ais chuig do sheomra ar fhaitíos go gcasfaí aon rud aisteach ort. Bhí aithne agam féin agus ag Micheál ar a chéile ó Choláiste Iarfhlatha i dTuaim ach bhí beirt ar an taobh eile den 'taibhse' nár casadh ar a chéile ariamh roimhe sin. Níor thuig duine acu go mbeadh an duine eile ag siúl agus é ina chodladh. Nuair a dhúisigh sé agus thug sé faoi deara mo dhuine agus é ag siúl timpeall gar don fhuinneóg i lár na hoíche, thosnaiodh sé ag fógairt air gan léimneacht amach. Aistríodh an bheirt acu as ina dhiaidh sin.

## Canúintí agus Codhladh!

Túr Bhaibéil an Bhíobla a chuir mo chomhdhaltaí i Máigh Núad i gcuimhne dom na céad laethanta. Is ar éigean a bhí mé in ann muintir an tuaiscirt nó muintir an deiscirt a thuiscint, an deacracht céanna acu linne aniar. Bhíomar ar fad ag caint in aon teanga amháin –Béarla – ach bhí na canúinti chomh difriúil sin go gceapfá gur teangacha éagsúla ar fad a bhí ag muintir Chorcaí, Phort Láirge, Dhoire agus Chill Dara, gan ach cuid de na Deóisí a ainmniú. Ba

le Deoise muid seachas le Condae ná le Cúige as sin ar aghaidh. Thosnaíomar le Cúrsa Spioradálta agus ní fada go raibh mé ag titim i mo chodladh go rialta le linn léachtaí agus seanmóirí. Ag breathnú siar anois is dóigh go raibh mé tuirseach tar éis a bheith ag obair le piocáid agus sluasaid ar feadh an tsamhraidh do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo go dtí an lá sula ndeachaigh mé chuig an gcoláiste. Bhí náire an domhain orm ag an am, mé ag cuimhneamh ar dheisceabail Chríost i nGáirdín Gethsemene agus an rud a dúirt sé leo: "Nach raibh sibh in ann uair a chloig amháin a dhéanamh liom?"

**Bob buailte ar údaráis!**


Ceann de na rudaí is mó a thaitin liom ó na chéad laethants sin i Máigh Nuad na léachtaí a bhíodh ann san oíche De Domhnaigh nár bhain leis na cúrsaí a bhí ar siúl againn. Thagadh daoine móra le rá ón saol polaitíochta nó ollscoileachta nó litríochta len a leaganacha féin ar chreidimh nó ar an saol a léiriú dúinn. Is cuimhneacdh liom Seamus Heaney agus é ina fhear óg ag léamh a chuid filiochta, Conor Cruise O'Brien, Michael O'Leary a bhí ina Thánaise de chuid Phairtí an Lucht Oibre ina dhiaidh sin, agus cuid de na daoine a bhí ag troid in Ardoifig an Phoist agus Boland's Mills i 1916. D'oibrigh an Cumann Litríochte cleas ar na húdaráis i gcás an ghearrscéalaí Frank O'Connor, a thug sár-léacht dúinn thart ar choicis sula bhfuair sé bás, ainneoin gur duine é nach raibh rómholta imeasc na cléire, agus nach raibh na cléir an-mholta aige féin ach an oiread - ainneoin gur thaispeáin sé tuiscint neamhchointa ar shagairt i gcuid dá ghearrscéalta. Ainm cleite a bhí i Frank O'Connor ach is é ina ainm 'ceart' Micheál Ó Donnabháin a fritheadh céad é a thabhairt isteach sa choláiste. Fad is a bhain sé leis na húdaráis ní raibh trioblóid ar bith ag baint leis an sloinne sin – ní raibh droch-cháil ar Dhonnabhánach ar bith. Ní raibh an t-ainm sin ar aon dubhliosta. Dúradh go raibh daoine áirithe le ceangal nuair a scaoileadh an rún, ach bhí sé ródheirineach ansin. Bheadh sé deacair ag daoine móra le rá a admháil nach raibh a fhios acu gurbh é 'Frank O'Connor' ainm cleite Mhichil Uí Dhonnabháin!


**Cló Iar-Chonnacht**
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 eolas@cic.ie www.cic.ie

**Sladmhargadh na Nollag**
**ar siúl ón 1 – 23 Nollaig**


**Lacáiste suas le 50% ar leabhair agus rogha CDs ar €5**

**Siopa oscailte ar an deireadh seachtaine 20 & 21 Nollaig ón 12–6 i.n.**




**IDIR NEAMH IS TALAMH**
Joe Steve Ó Neachtain

Cnuasach nua gearrscéalta le duine de mhórscríbhneoirí na Gaeilge. Bainfidh déagóirí agus daoine fasta araon sásamh as na scéalta snasta seo.




**COOLBÁIRE**
Pádraig Standún

Scéal déagóra óig a fhaigheann deis imirt do chlub clúiteach sacair Barcelona FC, agus na dúshláin atá le sárú aige má tá sé lena aisling a fhíorú.

**www.cic.ie**




# Peter Keane

Clifden

Aerials, Satellite Dishes, Sales, Repairs, Service,

Lightnet Broadband

***Digital Terrestrial Television is now available***



*Servicing Carna/Kilkerrin weekly*

095-21827

0876687468

pkeane.sky@gmail.com



Go n-éirí leis an Irisleabhar

Donal Josie Electrical

Donal Mac Donncha

Donal Josie
Electrical Contractor

Carna
Connemara
Co.Galway
0879502743

donalmcdonagh87@gmail.com



SEÁN KYNE TD
Galway West Constituency

Oifigí Dáil Ceantair
Bóthar an Spidéal,Maigh Cuillin,
Cúirt Bharr an Chalaigh,
Co. na Gaillimhe.

TEL: +353 (0)91 868 111
MOB: +353 (0)87 613 7372

EMAIL: SEAN.KYNE@OIR.IE

**Is féidir coinne a dhéanamh le haghaidh an Luan, Aoine nó an Satharn ach glaoch ar m'oifig ag 091-868111 nó r-phost ag sean.kyne@oir.ie**

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL

# I ngan fhios don dlí is fearr a bheith ann



*Máirtín Ó Laoi - iar Cheannfort Gardaí as baile Dhoire Iorrais ó dhúchas.*

Is minic a chuala mé an leagan cainte sin agus mé ag fás aníos – "i nganfhios don dlí is fearr a bheith ann". Go hionßdúil chloisfeá é nuair a bhíodh daoine ag caint ar chás cúirte i nDoire an Fhiaidh nó rud eicínt eile a bhain le cúrsaí dlí nó a dfhéadfadh a bheith sa bpáipéar.

Leagan eile a théadh leis go minic " is fearr cara sa gcúirt ná punt sa sparán". Ag an am sin, is iomaí duine nach raibh punt ná sparán aige. Ach, ag an am céanna, bheadh luach mór 'á chuir ar chara a bheith a't sa gcúirt 'á mbeadh a leithéid a' teastáil uait.

Is dóigh go raibh cúis mhaith ag na daoine a choinnigh na comhairlí sin ina n-aigne mar go mbféidir go raibh uaireannta ann nach raibh cothrom na féinne le fáil sna cúirteanna céanna. Siar san am nach raibh teleifís ná morán don radio ar fáil bhíodh na cásanna seo dá bplé ar na teallaigh agus a thuairim féin ag chuile dhuine. Is minic gur "duirt bean liom" a bhiodh ann mar is annamh a bheadh aon duine sa gcomhluadar a bhí ag an gcuirt. Bhiodh rialacha dóibh fein ag na cúirteanna teallaigh seo amannta. Agus go leor de na rialacha nach dtiocfadh le Rialacha na mBreithiún.

Tá cuimhne a'm agus mé an óg gur tháinig fear chuig an teach s'ainne a bhí cúisithe as fear eile a ionsaí le scian. Bhí sé ag iarraidh ráiteas a scríobh amach le tabhairt dá dhlíodoir féin agus theastaigh uaidh an ráiteas a bheith scríofa i mBéarla. Ni raibh an fear bocht in ann scríobh i mBearla ná Gaeilge agus níor thuig mé ariamh cen fáth nach ndeachaigh sé díreach chuig an dlíodóir. B'fhéidir nach raibh aon Ghaeilge ag an dlíodóir nó bfhéidir go raibh sé ag iarraidh tástail a dhéanamh ar a scéal roimh dul chuig an dlíodóir.

Ó tharla nach raibh aon "oifig" phríobháideach sa teach s'ainne, pléú an scéal ar fad ar an teallach in aice na tine san áit a raibh muid uilig cruinnithe. Bhí fainic curtha orainn ar fad gan aon fhocal a bhí cloiste a'inn a aithris taobh amuigh den doras. B'fhacthas dúinne, na gasúir, gur scéal an ghreannmhar a bhí ann ach is dóigh nach raibh aon ghreann ann don fhear bocht a bhí ag iarraidh é fein a tharraingt as an tsáinn. Le cur leis an ngreann, thárla an t-achrann le linn don fhear a bhí cionntaithe a bheith ag cuairt ag an bfhear eile ag iarraidh a iníon a fháil le pósadh. Go hiondúil, bhíodh braon óil ag cuairteanna den tsórt sin agus is dóigh gur as an iomarca den ól a d'eirgh an raic. Is cosúil nach raibh an cás a bhi aige sách maith mar fuair sé trí mhí príosúin i ndeire an scéil. Is dóigh gur chuir toradh na cúise tuille fonn ar dhaoine fanacht i ngan fhios don dli. Tá siad uilig ar shlí na fírinne anois agus b'fhéidir go bhfuil seans eile acu an scéal a phlé le chéile ar an teallach neimhe.

**MÁM TRASNA AGUS CÁSANNA EILE**

Duine ar bith a a léigh an leabhar a scríobh Jarlath Waldron faoi dhúnmharaithe Mhámtrasna, (Maamtrasna, The Murders and the Mysteries) bheadh sé soiléir dó go bhféadfadh toradh cás cúirte iompú amach go tubaisteach. Tá an cás seo tugtha chun cuimhne na ndaoine arís ag an ócaid a d'eagra Seán Ó Cuireáin, an t-iar Choimisinéar Teanga i mí na Nollag 2012 i gcuimhne ar Mhaorla Seoige a crochadh san éagóir sa mbliain 1882 agus a

cuireadh i gclós an phríosúin, áit a bhfuil carr chlós le taobh Ard Eaglais na Gaillimhe anois.

Is minic a tháinig sé chun cuimhne dom siar 'sna blianta agus mé isteach agus amach i gcúirteanna ó cheann ceann na tíre. Is iomaí duine a bhíodh le feiceáil iontu agus bheadh fhios a't go mbfhearr leo a bheith in áit ar bith eile ar domhan ach sa gcúirt.

B'fheidir gurbh é stair an chóilíneachais is cionn tsiocair leis an dearcadh sin a bheag nó mór mar bhí an chúirt mar úirlis eile le haghaidh an chos mhuintir a choinneál fé smacht sa tsean aimsir. Is dóigh go raibh an dlí go maith don té a bhí in acmhainn an dlíodóir ceart a fháil agus a chinnteodh nach mbeadh aon éagóir dá dhéanamh air. I gcás Mám Trasna, is cosúil nach raibh aon Bhéarla ag an dream a bhí cúisithe, nó cuid acu ar aon nós, agus ni raibh aon Ghaeilge ag an dlíodóir a bhí ceaptha iad a chosaint sa chúirt. B'olc an scéal dóibh é.

Ta cásanna cosúil leis an "Birmingham Six", agus "Guildford Four", go mór sa nuacht le roinnt blianta mar gur cuireadh na ciontaithe ar ceal tar éis feachtais agus achomarc dlí agus scaoileadh saor na príosunaigh tar éis tearmaí fada a bheith déanta acu i bpríosún. Nach maith an scéal go raibh pianbhreith an bháis curtha go leataobh ag an am!

**CÁS DEREK BENTLY**

Ní raibh an oiread sin don ádh ar Derek Bentley nuair a rugadh air féin agus a chara ag déanamh briseadh isteach i Londain sa mbliain 1952. Bhi Derek 19 ag an am agus bhi a chara Chris Craig 16. Bhi Derek beagan lag intineach agus bhí gunna ag Chris. Rug an Constabla greim ar Derek agus d'iarr Constábla eile ar Chris an gunna a thabhairt ar lámh dó. Dúirt Derek lena chara, " let him have it Chris" Scaoil Chris urchar agus maraíodh an póilín ar an toirt. Cuireadh an bheirt ar a dtriall faoi dhúnmharú an Chonstábla. Cionntaíodh an bheirt mar de réir an dlí ag an am bhí siad beirt rannpháirteach san gcoir. Deir an dream a bhí ag obair ar a shon go raibh Derek ag impí ar a chara an gunna a thabhairt ar lámh don phóilín agus nár iarr sé air scaoileadh leis.

Mar bharr ar an tubaiste, crochadh Derek mar go raibh sé 19 agus fuair Chris a scaoil an t-urchar téarma priosúin mar go raibh sé faoi aois agus ró óg le crochadh. Tharraing an cás go leor cainnte ina dhiaidh sin agus rinneadh scannán faoi'n scéal don teideal "Let Him Have It".

Rinne tuismitheóiri Derek Bentley iarracht láidir párdún a fháil dó, roimh agus i ndiaidh é a chrochadh, nó gur cailleadh iad sna 70aidi agus choinnigh a dheirfiur Iris an feachtas ar siúl nó go bhfuair sí féin bás de bharr ailse sa bhliain 1998. Mí ina dhiaidh sin fuair Derek Bentley párdún Ríoga. Is beag an mhaith dhó é ach go bhfuil a cháil glanta. Chuir an cás isteach go mór ar an gnáth phobal mar gur déanadh an crochadh an sciopthaí, tuairim is mí tar éis é a chiontaithe.

Sa lá atá inniu ann tá chuile dhuine a fhéachann ar an telefís aitheannta go maith ar chúrsaí dlí agus cúirteanna mar is minic iad dá bplé ar chláracha éagsúla. Tá cásanna Judge Judy an-spéisiúil ag daoine go leor. Chomh maith leis sin, bíonn miontuairscí as na cúirteanna ar an nuacht 'chuile lá agus na hiriseoirí an-ábalta ag míniú a bhfuil ag tárlú. Is cinnte nach bhfuil an scáth céanna ar dhaoine roimh na gcúirteanna agus a bhíodh.

Is cuid fíor thábhactach don chóras rialtais iad na cúirteanna agus is comhartha maith é do aon tír má tá córas sásúil dlinseachta lé fail ann. Is údar mórtais don tír seo gur sheas an córas cúirteanna go láidir agus go neamhspleách tar éis don tír féin rial a bhaint amach i 1921. Déanann siad seirbhís maith ar son na tíre.

Cé gur iomaí duine atá ag iarraidh fanacht "i ngan fhios don dlí", is maith ann an chúirt nuair a theastaíonn sí.

# Cashel House Hotel

**Tá muid oscailte ar feadh na Nollag agus na athbhliana.**

**Open all through Christmas and the New Year.**

**For family gatherings, special celebrations, birthdays and other events.**

*Come to stay, come for dinner, come in!*

**Ní bhfaighidh tú áit níos áilne aimsir na Nollag nó ar feadh na bliana.**

**Teileafón: 095 – 31001** **Facs: 095 - 31077**
**sales@cashelhouse.ie** **www.cashelhouse.ie**

## Peacockes Hotel

Maam Cross, Connemara, Co. Galway
Tel: + 353 (0) 91 552 306
Email: info@peacockes.ie
Website: www.peacockes.ie

| | |
|---|---|
| **7ú Nollaig** | Margadh Capaillíní (Pony Sale) |
| **13ú Nollaig** | Coisir na Nollag (Christmas Party) (fáilte roimh grúpaí beaga, glaoigh ar Peacockes le áit a chuir in áirithe) |
| **14ú Nollaig** | Tommy Tiernan |
| **19ú Nollaig** | Coisir na Nollag (Christmas Party) (fáilte roimh grúpaí beaga, glaoigh ar Peacockes le áit a chuir in áirithe) |
| **20ú Nollaig** | Margadh (Cattle, sheep, poultry both live and oven ready) Seisiúin Ceoil sa mbeár an tráthnóna sin |
| **21ú Nollaig** | Christmas fair, Cuairt a chur ar Santa's Grotto (glaoigh ar Peacockes le áit a chuir in áirithe) Céilí Mór an tráthnóna sin |
| **27ú Nollaig** | Margadh beithígh is caorach |
| **28ú & 29ú Nollaig** | Féile Siúil (Walking festival) (le haghaidh Clárú & Loistín chuir glaoch ar Peacockes) agus Seisiún ceoil sa mbeár |
| **30ú Nollaig** | Oíche ceol agus craic le comórtais damhsa ar an Sean nós do dhaoine óga agus do dhaoine níos sine |

*Nollaig Shona agus bliain nua faoi shean is faoi mhaise daoibh go léir*



**Ag Tí Mhóráin i gCarna**
*Ó chlé:* Joe Beag Guairim, Mike Choilm Val (Ó Loideáin) as Dúleiter agus Páraic Choilm (Ó Cualáin) as Carna. Tá siad uilig ar shlí na firinne le tamall maith de bhlianta.



**Ag Teach an Phobail ar an gCaiseal, Lúnasa 1961 -**
*Ó chlé:* **Macdara Greene** as an Oileán Gorm (mac le Macdara Greene as Leitir Ard a chuagh chun cónaithe ar an Oileán), **Johnny Ridge** as Gleann Tuircín (athair Declan, Marian, Breandan agus Joan Ridge), **Josie Greene** as Leitheanach, Johnny Greene as Leitheanach (uncail le Eileen Nee agus Brendan Nee as Bun na hAbhann) agus **Colie Joyce** as Sraith Sháile – uncail leis na Seoige i Leitheanach.

# Caoga Bliain ó shin - 1964



*Curtha i dtoll a chéile ag Seosamh Ó Cuaig*

**Scoláireacht Ghael Linn**

Bhí Gordon Styles as 118 Templeville Drive, Templeogue, buachaill dhá bhliain déag (12) d'aois, ar scoláireacht Ghael Linn i gCarna. An bhfuil a fhios ag aonduine cén teach a raibh sé ag fanacht ann?

**Cumann Iascaireachta**

Cuireadh Cumann Iascaireachta Charna ar bun. Seo iad na hoifigigh a bhí air: Cathaoirleach, T. Mac Donncha; Cisteoir, M. Mac Oireachtaigh; An Coiste: An tAthair Ó Móráin, S.P., Ros Muc, an tAthair S. Mac Artúir, An tAthair S Gathaigh, T. De hÍde, M. Ó Móráin, M. Ó Conaire agus a mhac P. Ó Conaire, an Dr. Mac Aongusa, an Garda Ó Síocháin, T. Mac Amhlaigh, S. Mac Eochagáin, T.D., C. Ó Maicín agus T. Mac Fhlanncha. Pléadh bealaí le feabhas a chur ar an iascaireacht abhann agus locha agus socraíodh an "pass" go Loch Scainimh a thógáil arís le deis a thabhairt don iasc a dhul suas.

Fuair an cumann léas fadtéarmach ar Loch Scainimh ina dhiaidh sin. Bhí cúpla breac geal maraithe ar an loch i mí an Mheithimh.

**An Cheardscoil**

Bhí na conraitheoirí Farragher and Co. as Tuaim ag obair ar an gceardscoil.

I mí Feabhra bhí an Coiste Gairmoideachais ag iarraidh conraitheoirí le leictreachas agus córas teasa a chur sa ngairmscoil. Dúradh go raibh cuid den díon curtha uirthi agus go raibh súil ag an gCoiste í a bheith réidh le n-oscailt i mí Mheán an Fhómhair. Dúradh ag cruinniú den Choiste Gairmoideachais sa Márta go raibh dul chun cinn maith á dhéanamh ar thógáil na ceardscoile. Bhí deichniúr (10) oibrithe agus saortha ag obair uirthi. £3,168 (seanairgead) a chosnódh an teas agus an leictreachas.

£32,000 (seanairgead) a chosnódh an cheardscoil ar fad a dúradh i mí an Aibreáin. Ní raibh táillí speisialta ná costas fochonraitheoirí sa bhfigiúr sin. I mí Iúil dúradh go raibh súil ag an gconraitheoir an cheardscoil a bheith réitithe amach aige i lár na míosa dar gcionn. Comhlacht as Bleá Cliath a fuair an conradh le troscán a chur inti. £1, 504 (seanairgead) a chosain sé.

I mí Lúnasa dúradh go raibh fad le cur as an gcóras teoranta uisce a bhí sa gceantar le freastal ar an gceardscoil.

Dúradh i dtús mhí na Nollag nach n-osclófaí an cheardscoil go dtí tús na bliana nua. Mhínigh Príomhfheidhmeannach an Choiste Gairm-oideachais gur stailc oibrithe tógála i mBleá Cliath ba chúis leis an moill, sin agus iad a bheith ag fanacht fós le córas uisce. Bhí fógra curtha go dtí na conraitheoirí anois go mbeadh an Coiste ag iarraidh orthu an scoil a bheith réitithe roimh an Nollaig le go bhféadfaí í a oscailt i lár mhí Eanáir 1965.

**Díospóireacht**

Bhuaigh Nóra Nic Eochagáin, Coláiste Sheosaimh, duais ar dhuine de na cainteoirí ab fhearr i gCraobh Chonnacht de chomórtas díospóireachta Ghael Linn.

**Ar an teilifís**

Bhí Seosamh Ó Conaola agus Seosamh Mac Donncha le feiceáil ar chlár teilfise, "Guth na Gaeltachta." An obair a bhí ar bun ar bheirtreachaí oistrí Ghael Línn is mó a bhí sa gclár.

**Fíneáil**

Cuireadh £2 (seanairgead) fíneála ar Phat Phádraic Rua Ó Dónaill faoi bheirt a bheith ag ól sa bpub thréis am dúnta.

**Uisce**

Ag cruinniú de Chomhairle Contae na Gaillimhe d'fhiafraigh Fintan Coogan an bhféadfaí ineall dóiteáin a chur ar fail le tancanna uisce a líonadh i

gCarna i gcás go mbeadh triomach ann. D'fhreagair Innealtóir Cúnta an Chontae. Seán Silke, nar chuimhin leis féin easpa uisce a bheith i gCarna aon uair, cés móite de lá amháin an bhliain roimhe sin.

Dúirt an Teachta Dála Johnny Geogheghan go raibh a theach siúd ceangailte leis an gcóras poiblí agus nach raibh aon easpa uisce air ariamh.

**Peil**

Athbhunaíodh club peile sa gceantar. Ba iad seo a leanas na hoigigh: Cathaoirleach, an tAthair M. Ó Gólaidhe; Leaschathaoirleach, S. Ó Cuirrín; Rúnaí, P. Ó Briain; Cisteoir, an Garda Ó Síocháin; Cláraitheoir, M. Ó Loideáin.

**An stáisiún muireolaíochta**

Bhí os cionn scór (20) daltaí as Ollscoil na Gaillimhe ag déanamh cúrsa muireolaíochta i gCarna faoi cheannas an Ollaimh Pádraig Ó Céidigh. Bhí tumadóirí ina measc. D'fheistigh siad saotharlann ag Céibh an Chrompáin. Lá amháin fuair siad oistre mór amach ó Mhaínis. Oistre cloiche a bhí ann agus é cheithre (4) phunt meáchain.

**Oireachtas na Gaeilge**

Bhuaigh Mairéad Ní Bhriain an chéad áit ar amhránaíocht ar an sean nós ag Oireachtas na Gaeilge i mBleá Cliath. Fuair sí 91 marc as 100 ón moltóir Seán Ó Casaide—athair an ghrúpa ceoil sin "Na Casaidigh". Ba í Máire Ní Eidhin a fuair an dara duais. 90 marc a thug sé di siúd.

**Mattie an Chosgardha**

Bá é an Garda Maitias Ó Cosgordha a bhí chun tosaigh nuair a mháirseáil Banna Ceoil na nGardaí i Meiriceá. Dúradh ar an bpáipear go raibh sé 6 troithe agus 8 n-orlaí ar airde.


**Liamháin Ghréine**

Tugadh faoi deara i mí an Aibreáin go raibh go leor liamháin ghréine idir Maínis agus an tOileán Máisean. Comartha deá-aimsire a dúradh.

**Bás**

Bhásaigh Mary Helen Milne, bean Jack Milne. Tí Mhac Moylette a cailleadh í. Ba í a hiníon, ar ndóigh, a bhí pósta ag Mac.

Frítheadh Ned Cheoinín básaithe ar an leaba i Leitir Ard. Bhí sé ina chónaí as féin. Bhí sé isteach agus amach an lá roimhe sin agus níor ceapadh go raibh clóic ar bith air. An-fhear farraige a bhí ann. B'iomaí geall a bhuaigh sé ag seoltóireacht.



**Joe Frazier -**
bheadh sé ina sheampín trom mheáchain an Domhain níos deireannaigh. Bhuaigh sé an chraobh trom mheáchain sna Cluichí Oilimpeacha i Tokyo i 1964.

Bhásaigh Pádraic Ó Conaola as an Más.

Bhásaigh Máire Ní Ghuairim, an scríbhneoir agus an t-amhránaí as Roisín na Mainich. Ba deirfiúr léi Sorcha.

**Muiríní**

Bhí Gael Linn ag díol sliogáin muiríní i Meiriceá. Luaithreadáin a bhí le déanamh astu. Rinne an sioc mór an-damáiste do na muiríní dha bhliain roimhe sin ach bhí daoine ag iarraidh ar an rialtas anois muiríni beaga a chur amach ar na beirtreacha. Ní raibh aon toradh ar an achainí sin fós.

**Cráifiscí agus gliomaigh**
Tuairiscíodh go raibh an-seasúr go deo ag na hiascairí a bhí ag díol cráifiscí agus gliomaigh le monarcha Ghael Linn san Aird. Idir Bealtaine agus Meán Fómhair cuireadh idir leath-tonna agus tonna amach trí Aerfort na Sionainne go dtí an Ollóinn, an Bheilg agus an Fhrainc. 6/6 an punt (seanairgead) a bhí na gliomadóirí a fháil sa bhfómhar ar na gliomaigh. Bhí sin go maith mar go dtiteadh an praghas go hiondúil faoi mhí Iúil roimhe sin. Bhí margadh maith ann do na portáin freisin. Ba é an chaoi a gcaití i bhfarraige iad cheana.

Bhí deich mbád (10) le Gael Linn ag na hiascairí agus iad á n-íoc de réir mar a bhí siad ag saothrú.


Bhí monarcha na hAirde ag ceannacht tonnaí bradán freisin as ceantar Chonamara agus as Tír Chonaill. Reoidís iad agus dhíolaidís tríd an bpost iad sa nGeimhreadh. Tosaíodh ag dreidireacht oistrí ar bheirtreacha Ghael Linn i mí Dheireadh Fómhair.

**Josie Sheáin Jack**
Chuir Gael Linn Josie Sheáin Jack go Paignton, Devonshire, le staidéar a dhéanamh ar iascach na bportán ansin. Nuair a tháinig sé ar ais roinn sé an t-eolas leis na hiascairí eile.

**Ceirníní**
Chuir Gael Linn cheithre cheirnín nua amach. Bhí amhráin ag Joe Éinniú ar cheann acu. Ba iad Nioclás Tóibín agus Seán Ó Sé na hamhránaithe eile. Ba é Seán Ó Riada a d'eagraigh na ceirníní.

**Ranganna Béarla**
Bhí cruinniú i gCarna le forbairt an cheantair a phlé. "The meeting was attended by all prominent citizens," a dúradh sa Connacht Tribune. Nach é an trua nár fhoilsigh siad liosta de na hainmneacha! Ar cheann de na moltaí a rinneadh bhí ranganna oíche a chur ar bun sa nGairmscoil le Béarla a mhúineadh do dhaoine fásta . Theastódh sin uathu go géar, a dúradh, nuair a bheadh orthu a dhul ar imirce.

**Drámaí**
Ó thaobh na drámaíochta de, bhí an-bhliain go deo ag muintir Mhic Dhonncha, Loch Con Aortha—Pat Mór, a bhean, Bairbre, agus ceathrar dá n-ochtar gasúr. Fuair siad an chéad áit i chuile áit dá ndeacha siad agus thug siad Craobh na hÉireann leo i mBleá Cliath.



**Na Beatles -**
bhíodar i mbarr a réime i 1964.

**Feis Charna**
Bhí an-lá acu ag Feis Charna i mí Iúil. Ar na daoine a bhuaigh duaiseanna ann bhí Mícheál Ó Cuaig, Bairbre Éinniú, Máire Ní Mhaoilchiaráin, Treasa Ní Loideáin, Máire M. Ní Chionnaith, Caitríona Nic Suibhne, Tomás Ó Catháín, Seosamh Ó Croidheáin, Colm Mac Donncha, Pádraic Ó Ceannabháin, Tomás Ó Ceannabháin, Seosamh Mac Donncha, Seán Mac Donncha.

**An tUachtarán Ó Cinnéide**
Bhí baint ag Patrick Lydon (Pádraic Joe Choilm Liam) as Roisín na Mainíoch le ciste a bhí ag bailiú airgid leis an John F. Kennedy Memorial Library a dhéanamh i mBoston. Ba é féin agus Pat O'Malley as Baile Conaola a bhí ina n-oifigigh poiblíochta ag an gcoiste.

**Ronnachaí**
Tosaíodh ag iascach na ronnach le eangachaí amach ó Charna i mí an Mheithimh.

**Garda**
Aistríodh an Garda Carmody go sealadach as Carna go Cloch na Rón.

**Scoláireacht**
Bhuaigh Mícheál Ó Ceannabháin as Aill na Brún scoláireacht as scrúdú na meanteistiméireachta. Ba é a fuair an 19ú háit in Éirinn.

Fuair Pádraic Ó hIarnáin agus Séamas Ó Curraoin as Roisín na Mainiach scoláireachtaí go dtí Coláiste Éinne.

Fuair Conal Eustace as an gCaiseal scoláireacht go dtí Coláiste Iarlatha i dTuaim. Fuair Caitríona Nic Fhlanncha as Cill Chiaráin scoláireacht go dtí Meánscoil Sheosaimh i gCarna. Ar Scoil Muire i Roisín na Mainiach a bhí an cúigear deiridh sin ag freastal ag an am.

Fuair Michael Berry scoláireacht go dtí Coláiste Éinne. I Scoil na hAirde a bhí seisean in aois a cheithre bliana déag (14).

Fuair Máire Ní Chaonaith, Meánscoil Sheosaimh, scoláireacht go dtí Ollscoil na Gaillimhe.

**Féile Mhic Dara**
Bhí Féile Mhic Dara le comóradh aríst. Dúradh ar an gConnacht Tribune go raibh sé beagnach 30 bliain ó bhí comóradh cheana ann. Bhí baint mhór ag an sagart paróiste, an tAthair Philibin, leis an athbheochan, a dúradh.
Thart ar 700 duine a d'fhreastal ar an aifreann ar an oileán nuair a tháinig an lá. Bhí trí chéad dalta (300) a bhí ag freastal ar an gColáiste Gaeilge i meas an tslua.

**An Choláiste Gaeilge**
I mí Iúil d'fhreastal 350 gasúr ar an gColáiste Gaeilge. Chríochnaigh an dara cúrsa i ndeireadh Lúnasa. Bhí os cionn trí (300) gasúr ar an gcúrsa sin.

**Coirleach**
Bhí Arramara ag ceannacht coirligh. Bhí siad ag ceannacht feamainn thirim freisin.

**Scadáin**
Próiseáladh os cionn fiche (2O) tonna scadán i monarcha Ghael Linn san Aird. As an Dún Mór Thoir a thug dhá leoraí ann iad.

**Uisce**
Rinne innealtóirí as Comhairle Contae na Gaillimhe suirbhé ar an gceantar ó dhroichead Flannery go Carna mar ullmhúchán do scéim uisce a bhí beartaithe.

**F.C.A.**
Bhí a gcéad dinnéar bliantúil ag an F.C.A. sa gClochán. Ar an gcoiste eagraithe bhí Máirtín Crean, an Coillín, agus Tomás Ó Máille, an Aird Mhóir.

**Stoirm**
I mí na Nollag b'éigean don bhád lastais an "Modan" filleadh ar Chill Chiaráin de bharr stoirme agus farraigí arda. Bhí 500 tonna de mhin mhillte as Arramara tógtha ar bord acu i gcéibh Chill Chiaráin agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ar Albain ach nuair a shroich siad Ceann Gólaim shocraigh an caiptín casadh ar ais. Chaith siad an oíche ar ancaire amach ón gcéibh agus sheol siad leo arís ar maidin lá arna mháireach.

Bhí 500 tonna mine tugtha go hAlbain ag an mbád céanna an Bhealtaine roimhe sin.

**Tine**
I mí an Mhárta b'éigean do bhriogáid dóiteáin an Chlocháin a theacht don Chnoc Buí de bharr go raibh an choill i gcontúirt ó thine aitinn.

**Seamróg**
Ní raibh seamróg le haghaidh La Fhéil' Pádraic chomh fairsing le fada blianta. Gann go maith a bhí sí an bhliain roimhe sin.

**Toscaireacht**
Chuaigh toscaireacht as Gaeltacht Chonamara go Bleá Cliath chuig an Aire Tailte agus Gaeltachta, Mícheál Ó Móráin. Ba é Ardeaspag Thuama, an Dr. Breatnach, a bhí i gceannas orthu. Forbairt i bparóistí Ghaeltacht Chonamara a bhí uathu. Coiste Forbartha Ghaeltacht Chonamara a thug siad orthu féin agus dúradh go raibh deich bparóiste (10) pairteach ann. Ba é Mícheál Ó Móráin, Carna, an cathaoirleach. Ar an gcoiste freisin bhí Pól Ó Foighil, an Spidéal, Liam Ó Móráin, sagart pobail Ros Muc, An tAthair Tadhg Ó Móráin, Cnoc na hAille, Tomás Breathnach, sagart pobail Leitir Móir, Mícheál Mac an Iomaire, Casla, Maitiú Ó hEidhin, Corr na Móna, Pádraic Ó Tuathail (a bhí ag múineadh i Ros Muc agus a bhí ina Aire Gaeltachta ina dhiaidh sin) agus Pádraic Ó Cosgordha , Carna. Bhí Cathaoirleach an tSeanaid, Liam Ó Buachalla, agus an Teachta Dála Johnny Geogheghan in éineacht leo.

**Pósadh**
Phós iníon le C.C. Betts i mBleá Cliath. Seo é an fear a bhí ar an gCnoc Buí, an fear a bhíodh ag déanamh suibhe. (Tá alt agam in áit eile san leabhar seo faoi).

**Taighde**
Bhí Gearmánach tagtha go Conamara le staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a bhí á labhairt idir Bearna agus Carna. Ba shin é Hans Hartman as Ollscoil Hamburg. Bhí veain aige a raibh deiseanna taifeadta inti agus bhí sé i geist aige 200 uair a chloig comhrá a thógáil. Bhí an t-0llamh Tomás De Bhaldraithe ag tabhairt lámh chúnta dó.

**Comórtas**
Bhuaigh Caitlín Ní Loideáin as an gCoillín duais i gcomórtas do ghasúir a bhí ag an Sunday Independent . Deich mbliana (10) d'aois a bhí sí.

**Cártaí**
Bhí imirt chártaí "25" i gCarna le airgead a bhailiú don chumann nua peile. Seo iad a bhuaigh: Martin Mc Donagh, Central Hotel, an Clochán; Stephen Heanue, Beaghcauneen agus Patsy Darcy, Iorras Lonnáin.

**Eolaithe as Meiriceá**
Bhí ceathrar eolaithe iascaireachta as Meiriceá sa tír agus thug siad cuairt ar Charna. Labhair duine acu ag cruinniú a d'eagraigh Coiste Forbartha Charna. Fear darbh ainm J. Glude a bhí ann. Rinne sé cur síos go háithrid ar na gliomaigh. Bhí an-suim ag na gliomadóirí sna cineálacha potaí a raibh sé ag trácht orthu. Tharraing sé anuas na brealláin agus na diúilicíní freisin. Ba é a bharúil go dtiocfadh na muiríní chucu féin de réir a chéile ón scrios a rinne an sioc orthu.

**Peggy Seeger**
Bhí ceolchoirm ag Ewan McColl agus ag Peggy Seeger sa nGrafton Cinema i mBleá Cliath – a gcéad thuras go dtí an chathair sin. Dúirt tuairisceoir as an Irish Independent an méid seo: "Like all art forms the ballad has its elite artists, said Peggy Seeger. Forthwith they called from the audience one of the elite, the incomparable Seosamh Ó hÉanaí of Carna. His "John Mitchell" gave the programme the kind of rebel sting a night of ballads requires."

**Liam Mac Cosgair**
Bhí fear eicínt darbh ainm Brian Ó Máille ag scríobh san Irish Press. Thrácht sé ar Liam Mac Cosgair, Uachtarán an tSaorstáit. "Théadh sé siar go minic sa samhradh ar laetha saoire go Carna," a dúirt sé. "Deireadh daoine go mba as Carna ó cheart é. Deirinnse gur Bhleá Cliathach é. Ni ghéillfidís dom."

**Sagart**
D'fhág an tAth.Ó Cartúir Carna agus chuaigh sé ar obair mhisinéireachta i Huddersfield. Ba é an tAthair Breathnach as Clár Chlainne Mhuiris a tháinig ina áit.

**Tuar Mhic Éadaigh**
Bhí teacht le chéile ag iarscolairí Choláite Muire. Tuar Mhic Éadaigh. Labhair an léachtóir Mairéad Mhic Dhonncha as an Aird leo. Ba í Bairbre Mhic Eochagáin a bhí ina huachtarán ar choiste na n-iarscoláirí.

**Bantracht na Tuaithe**
Bhí cruinniú ag Bantracht na Tuaithe i gCarna agus bunaíodh craobh nua i gCill Chiaráin.

**An tAth. Audley**
Cuireadh fáilte mhór abhaile go Leitir Mealláin roimh an Athair Pádraic Audley tar éis a oirnithe. Bhí sé os cionn céad bliain roimhe sin (100) ó hoirníodh sagart a rugadh san áit. Lean os cionn 200 carr é go séipéal Leitir Mealláin.

**Cosaint Shibhialta**
Tugadh ardú céime do Phádraic Ó Cosgordha sa gCóras Cosanta Sibhialts. An bhliain roimhe sin d'fhreastal Pádraic ar chúrsa seachtaine i nGaillimh. Ar fhilleadh go Carna dhó thosaigh sé ag eagrú an cheantair. Dúradh ar an gConnacht Tribune go dtugadh sé cainteanna faoin ábhar do chéad duine (100).

**Amhránaí ar cuairt**
Chaith Tom Clancy as an ngrúpa amhránaíochta na Clancy Brothers deireadh seachtaine i gCarna. Casadh cuid mhaith d'amhránaithe na háite dhó.

**Peil**
Bhí cruinniú mór daoine i bPáirc na Stócach i Ros a' Mhíl Domhnach i mí Iúil nuair a d'imir foirne a chéile as Carna, Ros a'Mhíl, an Spidéal, Leitir Móir, an Cheathrú Rua, Ros Muc agus Rinn Mhaoile.



**An tUachtarán Lyndon Johnson -**
thóg sé áit John F. Kennedy nuair a feallmharaíodh an Cinnéideach. Ansin bhuaigh Johnson Uachtaránacht Mheiriceá nuair a fuair sé an ceann is fearr ar Barry Goldwater i dtoghchán 1964.

**Teach ceann tuí**
Bhí teach ceann tuí le ligean ar cíos ag Kate McGauley in Aill na Brún.

**Feamainn**
Dúradh go raibh na monarchana feamainne i gCloch na Rón agus i mBaile Conaola ag ceannacht 800 tonna feamainne eatarthu.

**Scolbard**
Tuairiscíodh ar an Tribune gur mharaigh John J. McDonagh as an Aird scolbard (skate) amach ó Charna. Bhí sé 6 troithe agus 10 n-orlaí ar fad agus 165 pt. meáchain ann. Chuir mé tuairisc faoi seo le Josie Sheáin Jack an lá faoi dheireadh. Dúirt sé gurbh é féin agus a athair a thug isteach é. Roic a bhí siad a iascach le spiléad. Rug roc a bhí trí phunt go leith meáchain ar cheann de na duáin agus shloig an scolbard an roc!

**An tAthair Ó Fiaich**
Bhí 150 duine ag cruinniú den Chumann Caidrimh in Óstán an Odeon i nGaillimh. Tuairisc an Choimisiúin ar Athbheochan na Gaeilge a bhí faoi chaibidil. Tháinig Cathaoirleach an Choimisiúin, an tAthair Tomás Ó Fiaich, i láthair agus gan súil ar bith leis. Ar na daoine a labhair bhí Mícheál Ó Móráin, Carna.

**Bóthar Mhaínse**
Cuireadh tearra ar bhóthar Mhaínse. Dúradh ar an Tribune go raibh ceann de na tránna ba bhreáichte i gConamara i Maínis ach gur beag leas a bhí a bhaint aisti mar gheall ar chomh dona agus a bhí an bóthar roimhe sin.

**As Aerfhórsa Mheiriceá**
Thug Captain Thomas P. Earls, B. F.C. US Airforce, cuairt ar Éirinn. B’as an Oileán Máisean a athair agus a mháthair. Clochartach a bhí ina sheanmháthair. Chaith sí blianta ag múineadh i gCarna. Le linn dó a bheith i nGaillimh chuaigh sé ar cuairt chuig daoine muintreacha leis, an Garda Pat Cloherty agus a bhean, Helen Street.

**Bean rialta**
Tháinig an tSiúir Carter abhaile as Texas go Killawalla, Co. Mhaigh Eo. Deirfiúr a bhí inti leis an Athair Carter a bhí i gCarna.

**Des Nolan**
Ceapadh Des Nolan as Gaillimh ina bhainisteoir cúnta in Arramara. Bhí triomaitheoir nua curtha isteach sa monarcha rud a d’fhág go mbeidís in ann 160 tonna feamainne a phróiseáil chuile sheachtain feasta.

**Aonach**
Bhí praghas sách maith ar bheithigh ar Aonach Chill Chiaráin i mí na Samhna sa mbliain sin, 1964. Ar laonnta ocht mí (8) is mó a bhí tóir.

## Tommie Stephen

Ruisín na Manach, Cárna, Conamara

Website: www.tommiestephen.com

E-mail: tsbreathnach@gmail.com

**Phone:** 087 2807137

- **Satellite TV Systems *(Sky Agent)***


  **TV Aerials, Fibreglass Satellite Dishes**



sky

SAORVIEW TV

- **Supplying and installing TVs *(LG, Samsung, Walker etc.)***






- **CCTV Systems**

- **Oil Boiler Servicing**

FIREBIRD

HEATING SOLUTIONS

- **Now supplying and installing new kitchen appliances. Brands include: Whirlpool, Hoover, Candy & Zanussi (Free quotations)**






# VET AN CHLOCHÁIN
## WESTVET

**Luan go hAoine:** 09.30 - 05.30 i.n.
**Sathairn:** 10.00 - 12.30 i.n.

**Jens Werner**
**Fón: 095-22209**
**Cás práinne: 087-9179248**
**(Lá agus oíche)**

**Western Veterinary Clinic,**
**Galway Road,**
**Clifden,**
**Co. Galway.**

# Ar Muir agus ar Tír




**Níor dearnadh dearmad ar an Méara Walsh ar an tractor féin!**
(Pic: Marion Ní Shúilleabháin).



**Caoimhe Nic an Iomaire as an Aird Mhóir ar an stiúir ar an mBád Tárrthála ag Céibh an Mhása.**



**Lá'l Ciarán agus fóirne curach faoi lán tseoil.**

# Factory na Feamainne



Radharc ar mhonarcha Arramara Teo i gCill Chiaráin - an pictiúir tógtha ó Chuan Chill Chiaráin.
Tógtha ag an saineolaí tírdhreach, Jonathan Wilkens as Sasana.



**Bádóirí –**
Jimmy Mac Donncha (ar chlé) agus Dara Bailey.



Yvonne King, an t-ealaíontóir as Cloch na Rón in éineacht leis an Méara Walsh. Sí Yvonne a pheinteáil an pictiúr do Oileán Mhic Dara a bronnadh ar an Méara Walsh i gCarna.



Seán Ó Guairim ag bronnadh cóip den bhilleog as an sean leabhar rolla i gCarna ar an iar-Thaoiseach, Liam Mac Cosgair – an bhilleog a 'speáineann a ainm curtha ar an leabhar rolla ar an láthair seo i Márta na bliana 1930. Mac é Seán le Joe Pheadair as Roisín na Mainíoch a bhí sna suíocháin chéanna le Liam Mac Cosgair sa scoil. Níl sé mórán achar ó bhásaigh Joe; ba mhinic leis a bheith ag cur síos ar Liam Mac Cosgair ach, faraíor, ní raibh sé ann le fáilte a chur roimhe ar ais.

# Buille ar bhuille – anonn & anall



**Tom Clancy as Cill Chiaráin agus a mhac, John, ag iomra ar Loch Scainnimhe sna blianta a caitheadh.**



**Tríona Clancy (ar dheis) agus a deirfiúr, Regina as Cill Chiaráin…ag éirí aníos dóibh.**



**Máire Ní Oibicín as Muigh Inis agus Máirtín Ó Conaire (Máirtín Bheachlín) as Muighros.**

# Ag Tosaí agus ag Críochnú



**Slán leis an Scoil –**
Damhnait Bhreathnach as an Aird Thiar a chríochnaigh ina gcuid oibre mar Phríomhoide i Scoil Náisiúnta Mhuigh Inse i mbliana. Ar ndóigh bhí aithne mhór ar a tuismitheoirí roimpe mar mhúinteoirí scoile sa bpobal seo freisin – Pat agus Pádraig Ó Cosgordha.



**Kate Ní Churraoin –**
iníon le Cathy agus Seán Ó Curraoin as Caladh an Chnoic - a fuair Dioplóma san Oideachas Bunmhuinteoireachta i gColáiste Phádraig i mBaile Átha Cliath le gairid.




**Micheál Ó Cualáin -**
mac le Máire agus Páraic Ó Cualáin as Muighros, a fuair céim LLB in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i mbliana.




**Debs 2014 -**
Bríd Ní Ghríofa agus Séamus MacDonnacha


Lá Fhéile Mhic Dara

# *Sna tíortha i bhfad siar*



**Sally Noding (Walsh) ar chlé agus a deirfiúr, an tSiúir Mary (Martin) Walsh**
as Caladh bhFuinnse ó dhúchas – beirt aintíní leis an Méara Marty Walsh. I Massachusetts a bhí Sally agus tá Mary sna Mná Rialta i San Antonio i Texas.



**Tomás Ó Maolchiaráin (Tommy Phatín Tommy)**
as Caladh bhFuinnse atá anois ina chónaí i Chicago. Breac breá fáighte aige agus é ag iascach i gCeanada i mbliana.



**Bean Florida –**
Kathleen Connolly agus a fear, Dave. Tógadh an pictiúir i Florida, an áit ar b'as í. Bhí sí ar thóir a dúchas i Roisín na Mainíoch i mbliana. *Féach píosa atá scríofa ag Seosamh Ó Cuaig.*

# *Sa tóir ar na scadáin*




**An Celtic Explorer –**
Seo í an bád breá ar chaith an saineolaí mara, Macdara Ó Cuaig as Aill na Brún, 5 seachtainí uirthí agus iad i mbun taighde ar an líon scadán atá i Muir nIocht I mbliana.



**Ag scrúdú an éisc –**
Macdara Ó Cuaig ag dul thrí 'mharc' – faoitiní gorma is mo a bhí anseo.



**Toradh na hoibre.**
Scadáin le scrúdú.

# Lá agus fiche ar farraige

*Macdara Ó Cuaig*

***Muireolaí le Foras na Mara é Macdara Ó Cuaig as Aill na Brún a chaitheann tréimhsí ar farraige ag déanamh staidéir ar chineálacha éisc. Ar thóir na scadán ó dheas atá sé an iarraidh seo.***

Agus mé á scríobh seo deich lá eile atá fanta go mbeidh muid ag seoladh isteach geataí dhug na Gaillimhe. Tá mé ar farraige le deich lá cheana agus faoi láthair tá muid trí scóir míle ó dheas de Phort Láirge ar bord an RV Celtic Explorer ag déanamh suirbhé bliantúil na scadán i Muir nIocht. Bád breá acmhainneach í seo atá 62 méadar ar fhad (beagnach 200 troigh) agus atá déanta le haghaidh na hoibre. Ceann de na rudaí is fearr a d'fhan againn thréis bhlianta an Tíogair Cheiltí í an bád seo. Is í féin agus an RV Celtic Voyager (32 méadar) an dá bhád taighde atá ag Éirinn agus tá a gclú agus a gcáil ar fud an domhain faoi seo. Thréis shuirbhé seo na scadán beidh an Celtic Explorer ag tabhairt a haghaidh ar an nGearmáin le dhul ag obair ansin don Bundesamt für Seeschifffahrt und Hydrographie (BSH), eagraiocht loingseoireacht agus mapáil farraige na Gearmáine.

Tá mise ar bord anseo le sé dhuine dhéag criú (16) agus trí dhuine dhéag eolaithe (13). Siad an criú a ritheann an bád agus a chuireann an eangach, nó aon trealamh eile, thar bord de réir mar a theastaíonn le linn an tsuirbhé. Sé an job atá againne mar eolaithe trealamh an bháid agus stuaim an chriú a úsáid leis an léargas is fearr a fháil ar an stoc éisc. Leis an scrúdú sin a dhéanamh siad an grúntálai (sounder) agus an eangach a úsáideann muid. Is é an chaoi a n-oibríonn an grúntálaí go gcuirtear bolgamacha fuaime síos tríd an bhfarraige go mbuaileann siad an grinneall agus ar theacht ar ais don fhuaim feiceann muid ar an scáileán raon an ghrinnill. Tá boilgíní aeir sna scadáin agus seolann an t-aer sin teachtaireacht as féin ar ais ag an ngrúntálaí. Má castar cluiche scadán linn léirítear é ar an ngrúntálaí. Marc éisc a thugann muid air sin.

**An Cosán céanna**

Ar ndóigh feiceann muid marcanna eile ar an ngrúntálaí freisin ó chluichí eile éisc agus bíonn cuid acu an-chosúil le marc scadán. Is é an t-aon bhealach atá againn lena chinntiú gur scadáin atá sa marc an eangach a chur thar bord agus í a chur ag obair. Tarraingt bheag a dhéanann muid ó tharla nach mbíonn uainn ach sampla den mharc. Ní theastaíonn tonnaí!

Leanann muid an cosán céanna chuile bhliain agus an grúntálaí ag obair againn. Bíonn muid ag déanamh taifeadadh ar raon na grúntála i gcaitheamh an tsuirbhe agus nuair a thagann muid ar mharc tógann muid sampla. Siad an criú agus an caiptín a dhéanann an t-iascach. Tá ceird mhór ar shampla de mharc a thógáil. Má bhíonn an marc mór sí an cheird gan a thógáil ach a mbíonn uait. Má bhíonn an marc dlúth le grinneall na farraige caithfidh tú a bheith san aireachas ar fhaitíos go stróicfí an eangach agus ar ndóigh sa dá chás bíonn an t-iasc ag iarraidh éalú ón eangach. Tá ceird mhór ag baint lena dtreorú isteach i mbéal na heangaí. Tugann na fearais atá againn ar an eangach le fios dúinn cá bhfuil an eangach sa bhfarraige agus an bhfuil mórán éisc inti. Sin cúnamh mór.

Nuair a thagann an eangach ar bord bíonn muide ar deic agus na ciseáin againn leis an sampla a thástáil. Tugann muid isteach sa


saotharlann na ciseáin éisc agus téann muid tríothú uilig. Scarann muid an t-iasc ó chéile de réir cineáil agus meánn muid iad. Más cluiche mór scadán é is iondúil nach mbíonn móran cineálacha eile tríd ach más marc beag dlúth le grinneall a bhíonn ann bíonn meascán níos mó ann. Aréir ar mharc amháin bhí níos mó faoitíní ná scadáin ach scadáin uilig a bhí ar mharc na maidine seo.

**Meáite agus tomhaiste**

Nuair a bhíonn an t-iasc meáite bíonn orainn iad a thomhais go bhfeicfidh muid cén bhail atá ar an stoc. Tomhaiseann muid an fad agus an meáchan agus baineann muid an "otolith" astu. Séard é an "otolith" cnámh bheag atá i gcloigeann an bhric agus fáinní air díreach mar a bhíonn ar chrann coille. Tá péire de na "otoliths" seo i chuile bhreac agus is furasta ceann an scadáin a aithneachtáil ó cheann an troisc.. Go deimhin baintear meabhair as "otoliths" lena dhéanamh amach céard a itheann rónta. Ní bhristear síos na "otoliths" nuair a bhíonn an rón ag díleá a chuid bia agus dá bhrí sin nuair a phioctar na "otoliths" as aoileach an róin faightear léagras ar na cineálacha éisc a d'ith sé.

Ach ní ar rónta ach ar scadáin atá aird againne anois. Nuair a bheas an suirbhé seo críochnaithe again beidh taifead againn de na marcanna a chonaic muid ar an mbealach, cuntas ar an gcomhaireamh is ar mhéid na mbreac a bhí sna marcanna agus léargas ar aois na scadán. Cuirfidh an t-eolaí atá i gceannas ar an suirbhé é seo ar fad san áireamh agus é ag scríobh cuntais ar staid an stoic. Nuair a bheas na torthaí roinnte agus pléite le heolaithe eile idirnáisiúnta agus an breithiúnas tugtha cuirfear an t-eolas ar aghaidh chuig na bainisteoirí a leagfas amach an cuóta ba cheart a chur ar na scadáin.

Tá deich lá eile le déanamh againn ar farraige agus neart obair oifige sula bhfeicfidh muid ar síos nó suas atá stoc na scadán i Muir nIocht.



CUMANN IASCAIREACHTA IARRUS AINEACH


Liosta de na Baill. 1968.

| | |
|---|---|
| Micheal O Conaire, | Ros Muc. |
| Caoimhin O Maicin, | Ros Muc. |
| Paraic Seoige, | Ros Muc. |
| Deasmhumhan O Mullain, | Aird Mhoir. |
| D. Kane | Sasana. |
| Tomas Timlin, | Saillimh. |
| Criostoir Deacy | Saillimh. |
| An tAth. o Maille, | Cill Chiarain. |
| Brendan Noonan | Saillimh. |
| Tomas Clarke | Ros Muc. |
| Dr. Diamond, | Beal Feirste. |
| Dr. P. Clarke | |
| Tomas Mac Fhlannacha | Cill Chiarain. |
| T. K. Whitaker. | |
| Dr. Hennessy. | |
| Mrs. Hennessy. | |
| Dr. A. H. Hands. | |
| Mr. Halliday. | |
| Mr. Kearns. | |
| Mr. N. C. Carter | |

Iascairi in aghaidh an lae:

| | |
|---|---|
| Mr. Swinbanks: | £1 |
| Mr. M. Curran : | £1 |
| Mr. Colton : | £1 |
| Mr. Maguire : | 10/- |
| Mr. Downes : | 10/- |

**Tabhair faoi deara go bhfuil an t-ainm T.K. Whitaker i measc baill an chumainn. Sin é an saineolaí eacnamaíochta a raibh baint mhór aige le forbairt na heacnamaiochta sa tír seo. Ba mhinic leis a chuid laetheanta saoire a chaiteamh thart anseo san am sin.**




**Foireann faoi-12 Charna-An Chaisil/Na Piarsaigh**
**a bhuaigh Sciath an Iarthair i 2014.**

# Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

**Agatha Bn Uí Mhistéil**
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595 168 Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

**Carna, Co. Na Gaillimhe**
**Fón: 095 32680**

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty



*Is fearr cara sa Chúirt ná euro sa Sparán!*

**Ó CEARRABHAIL**
**& A CHUID ATURNAETHA**
19A Bóthar na gCeannaithe
Gaillimhe

Ar an gCeathrua Rua ar an Déardaoin.
Teileafón: 091-565516 & 091-561384

# Muighros agus an Cogadh Mór ... 1914 - 1918

*Máirtín Bairéad*

***Tugadh tús an Chéad Chogaidh Mhóir 100 bliain ó shin chun chuimhne in áiteacha ar fud an domhain i 2014. Thárla eachtraí a bhain leis an gcogadh sin i bhfad agus i ngearr.***

***San alt seo déanann MÁIRTÍN BAIRÉAD cur síos ar cheann de na heachtraí sin a thárla sa bpobal seo.***

Tá go leor ráite agus scriofa faoin gCogadh Mór le cupla mí anuas. Is iomadh áit inár fhág sé a lorg, i Muighros fiú amháin.

I lár mí an Mheithimh i 1918 bhí Páraic Chóilín Ó hUaithnín, uncail Phat Chól Ó hUaithnín as Damhros, ag tógáil potaí gliomach idir Inis Bigir agus Fraoch Oileán nuair a chonaic sé píosa uaidh buaidh, mar a cheap sé. Ansin thug sé faoi deara rud eicint lonrach ar an mbuaidh. Nuair a theann sé leis chonaic sé gur corp a bhí ann. Bhí éide airm air agus bhí buidéal ceangailte le ruóg den tseaicéad tárrthála a bhí air. An ghriain ag scalladh ar an mbuidéal an lonnradh a chonaic sé.

Níor thug Pádraic an corp go Damhros, d'fhág sé i dtalamh Mhuighrois é, áit a cheap sé a bheadh níos sábháilte. Chuaigh sé go bearraic na bpóilíní a bhí i Muighros ag an am, áit ar inis sé a scéal. Tháinig Seairsint – Murchadha Mór a tugtaí air- agus póilín eile ag breithniú an choirp. Aisteach go leor séard dúradh le Páraic breathnú ina dhiaidh, é féin.

"Tá mo dhóthain déanta agamsa" adeir Pádraic "agus gan mórán buíochais orm. Sé bhur ngnótha-sa anois é ". Fágadh an corp ann cupla lá, de réir cosúlachta, mar bhí go leor damáiste déanta dhó ag éanacha agus ainmhíthe sular cuireadh é. Fritheadh crois agus rudai eile ar an gcorp a theaspeáin gur Caitliceach a bhí sa bhfear. Mar sin, cuireadh é i Reilig Mhuighrois.

Bhí gariníon leis thart anseo le gairid ag lorg eolais faoina hathair mór. Theastaigh uaithí an uaigh a fheiceáil ach de réir cosúlachta níl a fhios ag aon duine thart cén áit go díreach a bhfuil sé curtha. Má tá aon duine sa gceantar a bhfuil aon eolas acu air inis dúinn é mar ba mhaith léi leacht a chur ar uaigh Laurie Curtis.

Tháinig an scéal léanmhar uilig amach ag an gCoiste Cróinéara i Muighros. Bhí Laurie Curtis ina innealtóir ar long trádála den Cunard Line. Níor tugadh ainm na loinge amach mar bhí cinnsireacht ar eolas mar sin ag an am. Sa mbuidéal a bhí ar an gcorp bhí cártaí ar a raibh cuntas scríofa ar chuile rud a thárla dhó.

Bhuail toirpéad an long agus chuaigh sí síos trí chéad míle ó chósta na hÉireann. D'éirigh le Curtis agus cupla fear eile ealú i mbád beag. "But there was no navigator" adúirt sé ar an gcárta "only a compass and a couple of seamen. Our drinking water is getting very low, also our spirits are dead" (Connacht Tribune – 29ú Meitheamh, 1918). Ar an 7ú lá de Mheithimh fuair an chéad fhear bás. Ar chárta beag bhí teachtaireacht eile: "Goodbye mother, dear pets and all". Bhí teachtaireacht eile ar chlúdach litreach: "If this falls into the hands of any kindly person sent it to my wife at 8, Thomfield Rd., Walton, Liverpool, England.

Ar an ochtú lá de Mheithimh scríobh sé an teachtaireacht dheireannach: "This is my last goodbye dear to you and my children. Last drop of water gone. All hands dying of thirst. Your loving husband, Laurie x x x". Ar an Domhnach, 16ú Meithimh 1918 shéid sé ina ghála ar chósta thiar na hÉireann. B'fhéidir gur b'in é an lá a ndeachaigh siad i bhfarraige, beo no marbh. Ar an Luan, 24ú Meitheamh cuireadh an corp le deasghnátha sollúnta i reilig Mhuighrois. B'é an tAthair McHugh a dúirt paidreacha na mairbh.

Sa leabhar "Galway and the Great War" le William Henry tá píosa faoi Laurie Curtis. Tá sé ráite sa bpíosa sin go dtáinig an corp i dtír ar an trá agus gur beirt fhear, Kelly agus Conneely a fuair é. Dúradh an rud céanna sa "Connacht Tribune". Meastú cé as a dtáinig an t-eolas seo?

Carlos
Windows & Doors

Tel: (091) 448664
Mob: (087) 7981488
www.carloswindows.com

Gannon
SPORTS

Stocking all local clubs merchandise. Please contact shop for further information.

Connemara's
Complete Sports Store
The Square, Clifden, Co. Galway.
Tel: (095) 22268
E-Mail: gannonsports@gmail.com



# TIGH MHEAIC

## BEÁR & BIALANN

DEA-BHIA GACH LÁ GO DTÍ 9i.n.
CÓISIR AGUS LÓNADÓIREACHT BAILE





SERVING GOOD FOOD UNTIL 9pm EVERY DAY,
ALL YEAR AROUND (!)

FRESH COFFEE (!)
TAKE AWAY FOOD (!)

HOME CATERING FOR
FUNCTIONS & PARTIES





CEOL, DAMHSA & SIAMSAÍOCHT ☺

Fón: 095 32730 / 087 2826244
tighmheaic@gmail.com



Comhar Naíonraí
na Gaeltachta Teoranta

# Ionad Cúram Leanaí Charna

Ar oscailt anois

- Naíonra
- Naíolann
- Cúram Iarscoile

Chun áit a chur in áireamh glaoigh ar 091 595337

Príomhoifig: Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 595337 Facs: 091 595529 Ríomhphost: eolas@cnng.ie www.comharnaionrai.ie

# Tragóid ar an Oileán Máisean



*Seosamh Ó Cuaig*

Sa mbliain 1901 tháinig boc mór as Caisleán Bhleá Cliath ar chuairt eolais go hIorras Aithneach. Ba shin é George Wyndham a bhí ina Chief Secretary ag an am. Ba é an Wyndham céanna seo a thug isteach an t-acht talún a raibh a ainm leis cúpla bliain ina dhiaidh sin. Chuala muid ar fad trácht ag an scoil fadó ar Acht Wyndham.

Sa Midland Railway Hotel ar an Sraith Salach a bhí Wyndham agus a ghrúpa ag fanacht an oíche roimhe sin. D'fhág siad é ag leathuair théis a hocht ar maidin. Maidin fíorbhreá a bhí inti. Dúirt an tuairisceoir as an "Freeman's Journal" a bhí in éineacht leo gur mhór an áilleacht iad na Beanna Beola agus iad ag déanamh ar Charna. . Ar dhul thar an gCnoc Buí dhóibh thug Wyndham suntas faoi leith do na crainnte a cuireadh ag fás ann go gairid roimhe sin. Thug sé faoi deara nach raibh siad ag fás chomh maith agus ba cheart dóibh. An salann sáile a shéideadh isteach ón Atlantach le linn stoirme a rinne dochar dóibh, a dúradh leis.

Ar shroicheadh Charna dhóibh d'fhág siad an "wagonnette" agus chuaigh siad ar charr cliathánach chomh fada le carra Mhaínse. Ní raibh an bóthar ag dul níos faide an uair sin agus b'éigean dóibh siúl ar an "rocky ground", mar a thug an tuairisceoir air, go dtí áit a raibh bád nua "of Scotch" design " á déanamh. Míníodh do Wyndham go raibh an bád á déanamh faoi threoir saoir as Albain a thug an Bord anall d'aonturas leis an gcineál sin ceirde a mhúineadh do shaortha na háite.

Scrúdaigh Wyndham agus a chuideachta an bád go mion agus tugadh trasna ansin iad go dtí an tOileán Máisean. Tháinig muintir an oileáin anuas ag an gcéibh le fíorchaoin fáilte a chur rompu.

**Talamh anonn agus anall**

Ba le Bord na gCeantar Cúng an t-oileán ag an am. Cheithre bliana roimhe sin a cheannaigh siad é. Sé theaghlach déag (16) a bhí ar an oileán ar fad agus ba é an "rudale system" a bhí i bhfeidhm. Seo mar a chonaic an tuairisceoir an córas tionóntachta sin: " a system of tenure of the most complicated character that has given rise to endless disputes and wrangling amongst the people." Bhí dhá theaghlach ann a raibh dhá scór (40) píosa talún acu eatarthu agus iad tromach tramach ar fud an oileáin.

Shocraigh an Bord trí theaghlach ar an mórthír agus thosaigh siad ag straidhpeáil na talún ansin idir an mhuintir a bhí fanta. Bhí bóthar déanta ag an mBord tríd an talamh straidhpeáilte faoin am seo agus céibh ar thaobh na mórthíre den oileán. Cuireadh fear amháin in aithne do Wyndham a raibh ceann de na báid mhóra iascaigh faighte aige ón mBord. Dúradh go raibh £200 déanta aige féin agus ag a cheathrar comrádaí le dhá bhliain. Ba shin airgead maith ag an am.

Mar sin féin ba é déanamh na ceilpe an príomhshlí beatha a bhí ag muintir an oileáin fós. Bhí an tionscal sin ag dul chun deireadh agus chaithfí brath ar an iascach feasta.

An t-iascaire a cuireadh in aithne do Wyndham an lá sin báitheadh an fear bocht trí bliana dár gcionn. Seo é an chaoi ar chuir an "Freeman's Journal" síos ar an tragóid:

## OFF THE CONNEMARA COAST - THREE LIVES LOST

A sad boating disaster by which three young men lost their lives happened off the Carna coast on Tuesday last. The three men belonged to Mason island and on the day in question put out to sea in a small sailing boat. The morning was fine and no danger was apprehended. About 11 o'clock however, a sudden squall, accompanied by heavy rain, burst over the bay, causing the sea to rise mountains high. The small craft was unable, owing to the suddenness of the storm, to put about and lower the sail, and could only run before the gale in hopes of reaching a place of safety.

In a short time she was overwhelmed by the high seas, and literally driven to the bottom, by the force of the gale, sending three fine young men, in the prime of life, to a watery grave. Two of them were brothers, Martin and Mark Geary, and the only support of an aged father and a young delicate woman to whom the elder was married almost six months ago. They were very industrious, hardworking young men, and some three or four years ago purchased a large fishing boat on a loan from the Congested Districts Board. They had paid a large portion of this loan, and looked forward to the time- a few years hence- when they hoped the boat would be entirely clear and they could call her their own. There is now nothing left to those behind them but sad disappointment and crushing, heart-breaking grief.

The third victim of the disaster, John Curran, was also a fisherman, aged 22, and the eldest of a family of nine. Altogether this is the saddest accident that has happened in Carna for many years, and it has cast a heavy gloom over the whole neighbourhood..


***Scoil Phobail Mhic Dara***
***Carna***

**Fón: 095-32245**
**www.scoilphobailmhicdara.com**
**Ríomhphost: spmd@eircom.net**

Ag cur Oideachas cuimsitheach Dara Leibhéal ar fáil
agus
Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (P.L.C)
FETAC - Leibhéal 5 i gCúram Leanaí

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*



**Seosamh Ó Cualáin –**
**Comhairleoir Contae.**

**Neamhspleach**

Gleann Trasna,
Ros Muc,
Conamara

**Teileafón: 087-6279220**
**Email: socualain@cllr.galwaycoco.ie**

*Ná bíodh leisce oraibh teagbháil a dhéanamh liom.*

*Nollaig mhaith dhibh uilig in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara.*

# Eachtra scanrúil ar chósta Mhuigh Inse - 75 bliain ó shin

*Bhí an scéala seo ar an gcéad leathanach den "Irish Press" i Márta na bliana 1939. Ba mhaith a chruthaigh na fir a chuaigh amach agus a thug an triúr fear óg slán ó chontúirt. Is cosúil go mba é Mac Mellotte an Máirtín Ó Mealóid atá luaite agus ba é Johnny Shéamus Dhiarmuid an Seán Ó hUaithnín a bhí ann agus Micheál Ó Clochartaigh – níl muid cinnte cé acu de na Clochartaigh a bhí ansin.*



THE IRISH PRESS, MONDAY, MARCH 6, 1939.

REVOLT AT SPANISH NAVAL BASE

Madrid Cabinet Displaced

This 'Plane Was Forced Down

FRENCH MINISTER ARRIVES IN DUBLIN

Death Of Noted Irish Golfer

Thrilling Rescue On West Coast

Gandhi's Fast Causes Unrest In India

Franco Law Ends Church Taxes

Ultimatum To The Naval Squadron

British M.P. Alleges Arms Graft

BICYCLE BAN IN JERUSALEM

Latecomer Saved Comrades' Lives

SOLICITOR'S DEATH

BRITISH, GERMAN TRADE TALKS

FEWER SALMON

Ireland To Buy M... Planes



## Thrilling Rescue On West Coast

A THRILLING rescue from sea and storm of three young Connemara men was carried out off Cárna on Saturday.

The rescued men are **Máirtín O Mìolóid** (26), Cárna; **Seán O hUaithne** (24), Muigh Inis, ex-National Army middleweight champion, and **Mícheál O Cloghartaigh** (26), Muigh Inis.

About 3 o'clock in the afternoon they were on their way to an island, three miles from the shore, in a púcán (a sailing boat), when wind suddenly rose to hurricane force.

**Hauling down the sails and manning the big oars, the men tried to hold the boat against the wind, which tended to drive them towards the Aran Islands.**

When about two miles from the shore, one of the bars was swept away, and their only hope was to cast anchor and try to ride out the storm.

Seán O hUaithne tied his coat to the remaining oar and raised it up as a signal of distress, but their plight was not observed by the people on the shore for over two hours.

Séamus O hUaithne, father of one of the men in the boat, eventually saw the signal and, running to the village, summoned **Micheál O Loideáin, Ciarán Mac an Iomaire,** and **Pádraic Mac Donnchada.**

The four raced to the shore, followed by a large crowd of villagers, and, with difficulty, launched a currach.

After several unsuccessful attempts, they eventually succeeded in transferring the men from the púcán, which was later towed ashore.



**Jimmy Berry** as Carna (san áit a bhfuil Teach an Phosta anois) agus a bheirt chlann iníon i South Boston sna 1940aidí. Sí Mary atá sa lár agus Peggy ar dheis. Bhí cónaí orthu i 498 East Fourth Street i mBoston; bhí go leor daoine as an taobh seo ina gcónaí thart ansin san am. Ba mhinic le grúpaí acu a bheith ag cuartaíocht i 498 East Fourth St. Ba mac é Jimmy Berry leis an scríbhneoir James Berry - an fear a scríobh "Tales of the West of Ireland".

# Club Árus na nGael



45 Sráíd Doimínic, Gaillimh

## Ceol, Craic & Comhluadar

Ar Oscailt: Luan - Satharn ó 8i.n

**091 567824**
**www.arasnangael.ie**
**gaillimh@cnag.ie**

Sásaigh an tart san áit cheart!



**Rath agus séan agus aoibhneas na Nollag oraibh uilig – Ón gComhairleoir Contae Seán Ó Tuairisg, Áine agus a gclann.**



**Déan teagbháil liom am ar bith de ló no d'oíche in Indreabhán. Teileafón: 091-593084 no 086-3864179.**



# Jackie Ó Cualáin

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"Member of Construction Industry Federation" • C.I.S.**
**"Member of Home Bound"**



# Tígh Dan O'Hara

**Lettershea, An Clochán, Conamara**

**Ionad Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.**

Léargas ar Éirinn na haimsire a caitheadh
Amharchlann
Bialann
Lóistín

*Céad fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Coláistí Gaeilge.*

**Teileafón: 095-21246**

# *Bhí muid óg ...*




**Tomás Sheáin Bheartlín (Ó Clochartaigh)** as an Aird Mhóir agus a bhean, **Bríd Mhicilín Peige Bháin** as an Doirín Glas i Sasana – ag bordáil ar 55 bliain ó shin.



Mattie Mháirtín Tom Breathnaigh as Caladh bhFuinnse – Mattie Walsh – uncle leis an Méara Walsh…agus a bhean Mary McCarrick Walsh i mBoston san aimsir a caitheadh.



Joe Mheáigín Ó Cualáin as Duibhithir agus a bhean Joy as Contae Aontroma an lá ar phósadar i nGlasgow in Albain, 26 Aibreán, 1956. Winfred Ethna Dean (ar chlé), col ceathrar do Joy agus Seán Ó Cualáin, deartháir Joe (ar dheis), a sheas leo.




**Teastas pósta Joe Mheáigín agus a bhean, Joy.**

# Aoibhneas agus uaigneas i nDuibhithir

*Eileen Davis agus Máirtín Ó Catháin*



**Bádóir agus iascaire –**
Joe Mheáigín, fear céile Joy Uí Chualáin.

Rugadh Joy Uí Chualáin i nGleannta Aontroma. Carn Locha (Carnlough) an t-ainm a bhí ar an mbaile. Tá sé i bhfolach sna gleannta agus tá an fharraige ag síneadh soir ó thuaidh uait i dtreo na hAlban. Cé go bhfanann an baile beag greannta ar a hintinn is beag blianta den tsaol a chaith Joy ansin. Bhásaigh a hathair agus a máthair sul a raibh sí seacht mbliana d'aois. Thug duine dá haintíní go hAlban í. Ansin a d'fhás sí aníos ina bean óg ar Shráid Union i Glasgow.

Ar an gcúigiú lá d'Eanáir 1931 a rugadh Joy Logan, a sloinne sul ar phós sí. Mar sin, bhí sí sna déaga de bhlianta nuair a bhí an Dara Cogadh mór ar bun. Is cuimhneach léi na blianta sin go soiléir. Bhíodh orthu scaittí a dhul chuig na prochóga faoi thalamh…nó na "air raid shelters". Bhí an ghráin aice ar na prochóga sin; bhíodar fuar agus brocach. Scaittí bhfearr le daoine fanacht ina dtíthe nuair a bhíodh na hionsaithe aeir ar bun ná a dhul síos sna prochóga ar an bhfoscadh; is cuimhneach le Joy a bheith i bhfolach sa leithreas sa mbaile amannta an fhaid agus a bhíodh na Gearmánaigh ag buamáil. "Ceapadh go mba é an leithreas an áit ba mho a raibh cosaint agat", adeir Joy. "Bhí an bhuamáil go dona- bhídís ag iarraidh dochar a dhéanamh don cheantar tionscail thart ar Clydebank".

Ní raibh Joy ach cheithre bliana déag nuair a chuaigh sí ag obair. Dúirt a haintín léi gur theastaigh an t-airgead agus nach raibh aon rogha aice. Ach ba dheacair do chailín Caitliceach jab a fháil i Glasgow san am. "D'fhiafraití diot cén scoil ar fhreastal tú uirthi; bh'shin é a n-dóthain. Bhí a fhios acu ansin

go mba Chaitliceach thú". Tá cuimhne ag Joy ar áit amháin a ndeachaigh sí chuig agallamh ann agus gur tairgeadh an post d'í. Is cosúil go ndearna an fear ceannais dearmad ar cheist an Chreideamh ach ní raibh an táirseach sroichte aice nuair a chuimhnigh sé ar féin. "Mo chuimhe, cén scoil a ndeacaigh tú aice?" Tarraingíodh siar an tairiscint ar an post, ar an bpoinnte.

D'éirigh le Joy post a fháil théis tamaill. "Preisbitéarach a bhí ann" adeir sí "ach fear uasal a bhí ann freisin. Chaith sé go maith liom".

## Fear óg slachtmhar as Carna

Thug a haintín aire mhaith do Joy ach bhí na rialacha sách baile géar freisin; fiú agus nuair a bhí Joy ag teannamh amach sna déaga de bhlianta, ní raibh aon fhonn ar a haintín í a ligean amach chuig damhsaí. Ach d'athraigh sin de réir a chéile. Oíche ag Céilí i nGlasgow casadh fear óg as Carna uirthi – Seosamh Ó Cualáin no Joe Mheáigín mar a bhí aithne air sa mbaile. Bhíodh Joe agus a dheartháir, Seán ag obair ar na busanna i nGlasgow; bhídís freisin ag obair sna tolláin i Clydebank. An oíche ar chas Joy le Joe Folan, d'athraigh a saol.

Phós Joy agus Joe i nGlasgow ar an 26ú Aibreán, 1956. (Féach pictiúr agus teastas pósta ar an leathanach lena thaobh seo). Piocadh amach an 26ú Aibreán in aonturas – Lá féile Maighdine na Dea-Chomhairle (Our Lady of Good Counsel). Bhí creideamh láidir ag Joy agus ag Joe agus bh'shin é an t-údar a bhí leis sin.

Ní raibh sé mórán achair ina dhiaidh sin no go dtáinig an bheirt abhaile ar cuairt go Duibhithir –no sin é a bhí i gceist acu…ach ní cuairt a bheadh ann. Socraíodar fanacht i nDuibhithir. Ní raibh drogal ar bith ar Joy an t-athrú a dhéanamh go Conamara. "An bhfuil a fhios agat ach gur chuir sé ceantar Charn Locha i gcuimhe dom ar an bpoinnte", adeir sí. "Bhí mé buailte ar an bhfarraige aríst". Thaithnigh na tránna leí; ní raibh sé i bhfad no go ndeachaigh sí ag snámh aríst. "Tá mé a'cheaptha go raibh mé ar an gcéad bhean thart anseo a chuaigh amach ar an trá feistíthe le haghaidh na gréine", adeir sí. "Ar ndóigh, tá an saol athruithe anois!"

Bhíodh Joy ag léitheoireacht ó bhí sí an-óg. Is cuimhneach léí go raibh an leabhar "Rain on the Wind" le Walter Macken ar cheann de na chéad leabhra a léigh sí. "Cuimhnim ar sin anois agus aríst" adeir sí. "Tháinig mé chuig an taobh tíre a raibh an leabhar sin bunaithe ar".

Thaithnigh an saol i nDuibhithir le Joy. Abraionn sí i gcónai go mba iontach an fear é Joe. "Níor fhág sé anó ná ganntann orainn", adeir sí. "B'iontach an fear farraige a bhí ann agus ba mhaith uaidh cúrsai talúna a láimhsiu freisin". Rugadh ceathrar gasúr dóibh – John, Joe, Gerry agus Máire. Ach bhí coranna eile amach rompú. Bhásaigh beirt mhac leo.

## Iarrantaí an tsaoil

Bhí mac léí, Joe, ina fhear óg i Sasana nuair a bhuail tinneas é agus bhásaigh sé go toibeann. Bh'shin buille trom. Ansin, beagán blianta ó shin bhásaigh mac eile, Gerry, i dtimpiste farraige amach gar do Oileán Mhic Dara. Bhí beirt mhac imithe. Fágadh Joe agus Joy faoi scáth an uaignis. Ar an 3ú Lúnasa 2013 bhásaigh Joe Mheáigín; bhí 57 bliain caite in éineacht aige féin agus Joy.

Caitheann Joy an saol go ciúin anois i nDuibhithir. Cuimhníonn sí ar Joe agus ar a clann mhac, Joe agus Gerry, atá imíthe; cuimhníonn sí orthu ina n-gasúir, ina ndéagóirí agus ina bhfir óga. Ach cuidíonn an Creideamh láidir atá aice léí, adeir sí. Ar ndóigh, tá a mac John agus a h'inion Máire agus a gar chlann aice agus is mór an sólás é sin. Coinníonn sí uirthi ag léitheoireacht. Téann sí chuig na hócáideacha seachtainiúla sa Teach Altranais.

Gan bhuíochas do na tragóidí atá tárlaithe tá Joy an t-sásta gur tháinig sí chun cónaithe i nDuibhithir. "Saol maith a bhí ann", adeir sí. "Bhí lámh chúnta le fáil nuair a theastaish sé" adeir sí. "Cuimhním ar obair Phádraig an Chosgordha. Ba mhaith an fear é. Thug sé an-chunamh do Joe i dtaobh báid agus oibreacha eile. Tá moladh mór ag dul do Phádraig; is iomaí sin duine a bhí níos fearr as de bharr a chuid oibre - beannacht Dia lena anam". Creideann Joy go bhfuil an-fheabhas tagtha ar an saol sa gceantar seo ar go leor bealaí – tá an saol níos fearr anois, adeir sí. "Tá togha córais dochtúrachta againn i gCarna anois agus is iontach an rud é go bhfuil Teach Altranais anseo againn freisin".

Chonaic Joy saol sách crua ag éiri aníos de agus tá sí buíoch as deiseanna agus as bealaí nua – fiú agus gur theagmhaigh tragíóidí dí in imeacht na mblianta.



# The FORGE

**Maigh Cuillin**

*Greim le n-ithe agus deoch le n-ól*
Oscailte Luan go Satharn
ag 9.30 a.m. agus Domhnach ag 12 p.m.

**Teileafón: 091 – 868 944**

# CARR'S CARPETS

**Clifden**

**Carpets and Furniture Centre**

Carpets, Vinyls, Hardwood, Laminated Flooring, Furniture, Bedding, Roller, Timber and Velux Blinds.

Galway Road, Clifden

**Tel/Fax: 095-22070**
**Mobile: 086-2309621**

Monday to Saturday:
9.30 a.m. – 5.30 p.m.

Thoughtful things for your Home.

Lydon's – Carpets and Flooring.

Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

Caisleáin M&M Castles

**Leitirmóir**
**Co. na Gaillimhe**

**Caisleáin Spraoi, Cultacha Mascots & Balúin, ar fáil do chuile ócáid**

**Conamara & Cathair na Gaillimhe**



**087 2374610**
**mnmcastles@gmail.com**
**www.mnmcastles.com**
**www.facebook.com/mnm.castles**

# Slán leis an bPáirlimint i Stát Maine




**Teach na Páirliminte –**
Anseo i gcathair Augusta, príomhchathair Stát Mhaine, atá 12 bliain caite ag an Seanadóir Margaret Craven.




**Sa gcathaoir mhór –**
An Seanadóir Margaret Craven, Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard ó dhúchas, ag feidhmiú mar Uachtarán ar an Seanad Stáit i mbliana.
Shocraigh an Seanadóir Stáit Margaret Craven i mbliana go n-éireodh sí as an bpolaitíocht de bharr go bhfuil fadhbanna sláinte ag a fear céile, Jim. Tá sí ina ball de Theach na nIonadaithe agus de Sheanad Maine ó 2002.

# Pobal na Mara



**Céibh na hAirde Móire -**
Dhá cheann déag de churachaí.



**An tOileán Gorm -**
Amach ón gCaiseal. Gan ann ach na ballai anois. Muntir Uaithnín a bhíodh ann.

# Sna Blianta Siar



**Muigh Inis…cuid mhaith blianta ó shin –**
Ó chlé: Pakie O Brien, Robert Óg Healy, Máire Ní Uaithnín, Johnny Greene (Johnny Shéamuis Dhiarmuid), Colm Ó hUaithnín, Séamas Ó hUaithnín, Warren Healy, Siobhán Healy, Mairéad Ní Uaithnín agus P. Coyne.



**Na Breathnaigh –**
athair, uncaileacha agus aintiní an Mhéara Marty Walsh – tagtha le chéile ag ócáid sna blianta siar -
*Ó chlé:* Mattie, John (athair an Mhéara), Kate, Ann, Peggy, an tSiúir Mary (Martin) Walsh, Páraic (Pat), Bridget, Sally agus Barbara.

# Cuairteoirí




**Susan Uí Chatháin in éineacht leis an iar-Thaoiseach, Liam Cosgrave le linn a chuarta ar an gceantar d'ócáid Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.**



**Joanne Riley,** an ceannasaí Cairtlinne in Ollscoil Mhassachusetts i mBoston agus í Tí Pháraic agus **Tommy Phat Phatch** ar an Aird Mhór i mí Mheán Fómhair. Ba as an Aird Mhóir í sin-sean-mháthair Joanne Riley – bh'sin í Mary Donohue.
*Píosa scríofa ag Joanne Riley san leabhar seo faoina cuairt.*



**Máire Ní Oibicín ag casadh leis an Méara Marty Walsh in Óstán Chara – Méan Fómhair.**



**D'fhan an t-iar Thaoiseach in Óstán Zetland nuair a tháinig sé anuas chuig ócáid an Ionaid Cuimhneacháin, 23ú Meán Fómhair 2014.**
*Ó chlé:* Colm Redmond, úinéir Óstán an Zetland; an t-Iar Thaoiseach, Liam Mac Cosgair agus Mary Cosgrave, iníon an iar-Thaoisigh in Óstan an Zetland ar an gCaiseal.



**Na Cathasaigh ag bainis Ruth agus Vincent Ryan i mí Lúnasa seo caite.**
*Ó chlé:* Dervla, Sally, Ruth, an Dr Micheál Ó Cathasaigh agus Michelle.


Baile Charna ~ an radharc ó Chnoc an Choillín

# *Spaisteoireacht agus spaisteoirí*




**Baill de chuid Chlub Spaisteoireachta Iorras Aithneach.**
*Ó chlé:* Damhnait Uí Chualáin, Máirtín Bairéad, Máire Ferrons, Veronica Walsh, Harry Ferrons, Joan Bairéad agus Gearóidín Uí Chlochartaigh.



**Máire Curran**
as Muighros, ball de Chlub Spaisteoireachta Iorras Aithneach ...agus an dorchadas ag fáisceadh isteach ar na conic in Albain.



**Joan Bairéad**
as Duibhithir ar na sléibhte in Albain.


An Cnoc Buí

# Jam ar an gCnoc Buí



*Seosamh Ó Cuaig*

Nach beag a cheapadh anois go raibh subh (jam) á dheanamh ar an gCnoc Buí uair amháin. Bhí go deimhin agus iad á dhíol freisin. Sa mbliain 1924 díoladh cuid mhaith de thonna meáchain de as an monarcha bheag a bhí ansin. An bhliain ina dhiaidh sin thug tuairisceoir as an gConnacht Tribune cuairt ar an áit agus scríobh sé cuntas ar an tionscal seo a bhí bunaithe ann. Mhínigh sé gur fear darbh ainm Clive Betts agus a bhean Louisa a chuir ar bun é.

Sa mbliain 1920 shocraigh Betts gáirdín úll a réiteach ar an gCnoc Buí. Chuir sé 900 crann úll ann, sin agus cuiríní dubha agus spíonáin. Chuir sé mearóga (vegetable marrows) agus glasraí eile ag fás freisin. Bhí an-scil ag a bhean i ndéanamh suibhe agus dhá bhliain ina dhiaidh sin aríst bhí monarcha bheag réitithe acu leis an subh a chur ar fáil agus a chur ar an margadh. Bhíodh chúig dhuine dhéag (15) oibrithe páirtaimseartha as an gceantar fostaithe acu nuair is crúógaí a bhídís agus beirt nó triúr nuair nach mbíodh mórán le déanamh.

Dhéanaidís subh oráiste freisin ach ar ndóigh bhíodh orthu na hóráistí a thabhairt isteach as tíortha eile. Ní fhásfadh crainnte oráistí ar an gCnoc Buí! Thugaidís plumaí as Sasana ach bhí na mearóga acu féin agus chuiridís daoine ar fud an cheantair ag bailiú sméara dubha leis an subh sin a dhéanamh.

Ar fud Chonamara agus istigh i nGaillimh a dhíolaidís an chuid ba mhó den subh. Bhí custaiméir láidir freisin acu i gCorcaigh.

**Feilméaracht sa bhfiántas**

Thug an tuairisceoir as an "gConnacht Tribune" ardmholadh do Bhett as an méid a bhí déanta aige i gceantar chomh hachrannach. "FRUIT FARMING IN A WILDERNESS" a thug sé ar an alt a scríobh sé. Mhínigh sé nach raibh fuacht ná leisce ar Chlive Betts. Níor chaintigh sé chor ar bith ar obair na mná cé go gcaithfeadh sé gur an-bhean oibre a bhí inti siúd freisin. D'éiríodh Betts ag a sé a chlog chuile mhaidin le dhul ag obair sa ngáirdín úll. Seo é an chaoi ar chuir sé síos ar an dúthracht oibre a bhí ann:

"Faith and hard work can do much. Mr Betts is abroad amongst his beloved fruit trees when the lark soars above the heather-clad fields that surround him, and he may be seen still moving amongst them with some garden implement when the sunset streamers light up the western skies with scarlet and gold."

D'fhéadfadh sé go dtugadh an forú oibre a bhíodh air faoiseamh eicínt do Cecil Betts ó bheith ag cuimhniú ar a mhac a maraíodh sa gCogadh Mór agus gan é ach naoi mbliana déag d'aois. Tá "plaque" sa séipéal Protastúnach i gCloch na Rón a bhfuil an méid seo air: "Remember as you pass Cecil Coulter Betts, died 1946, and his wife Louisa Alice, died 1956, and of their younger son, Conrad Coryton, observer, Sub-Lieutenant RN, who was killed while flying over Lemnos in the Aegean Sea on April 17th 1918. Aged 19."

Sin í an bhliain go deimhin a dtáinig Betts don Chnoc Buí. Bhí cuid mhór dá shaol caite go dtí sin aige i mBangladesh agus bhí airgead déanta aige ag trádáil siúite ( jute). Sin é an t-ábhar a ndéantaí an t-uafás málaí as ag an am.

Tá cur síos ag Tim Robinson ina leabhar "Connemara: A Little Gaelic Kingdom" ar an obair a rinne Betts chomh luath agus a tháinig sé. Bhailigh sé dhá scór fear (4O) agus chuir sé ag glanadh na gcloch iad síos ón teach. Chuir siad crainnte ann ansin—péinne, giúis ghallda agus céadras le foscadh a thabhairt don gháirdín úll a réitigh sé. Théadh Louisa síos go Carna chuile sheachtain ar cháirrín asail, agus cúpla asal eile ag sodar i ndiaidh an chairr. Dhéanadh sí amach seic £100 (seanairgead)



# *Seanchas na Sceithe*

**- géagán ar an gCnoc Buí anois.**

Tí Mhongáin agus thugadh sí ar ais an tsóinseáil i mbosca folamh brioscaí leis na fir a íoc.

### An Stocmhalartan agus athrú saoil ar an gCnoc Buí

Ach más fear dícheallach oibre féin a bhí i Cecil Betts bhí sé santach freisin agus roinnt mhaith den chearrbhach ann. Bhíodh sé ag plé leis an stocmhalartán agus sa deireadh chaill sé a chuid airgid ar fad agus b'éigean dó an áit a chur in ainm na mná scioptha níos túisce ná thógfadh an banc orthu é.

Mar sin féin lean siad orthu ag díol lusanna an chromchinn (daffodils), úllaí agus subh as éadan. Bhí meachain ag Betts freisin (beacha, mar deir siad sa gCaighdeán) agus dhíoladh sé an mhil. Bhí sé de cháil ar an mil sin go raibh blas speisialta uirthi. Fraoch agus fiúise a bhí á dhéanamh a deireadh cuid de na heolaithe ach cheap a mhuintir féin go raibh go leor le déanamh ag an tobac leis a bhíodh Betts a chaitheamh seasta síoraí fiú agus é ag freastal ar na coirceoga.

De réir a chéile bhí orthu lóistín a chur ar fáil do chuairteoirí. An t-iascach ar lochanna an cheantair a bhí á mealladh sin.

Sa mbliain 1946 bhí ar Bhetts agus ar an mbean an áit a dhíol. Cailleadh é féin seachtain dár gcionn.

Bhí iníon leo pósta le fear darbh ainm Bishop agus bhí baint aigesean leis an dream a bhí ag déanamh fuisce Jameson. Nuair a tháinig Bishop don Chnoc Buí theastaigh uaidh beagán eolais a bhailiú faoi dhéanamh an phoitín. Dúradh leis a bheith ar Dhroichead Ghabhla go moch ar maidin agus a shlat iascaigh a bheith ar iompar aige. Bhí fear ansin roimhe agus threoraigh sé amach sa sliabh é go dtí seanfhear a raibh chuile eolas aige ar cheird na stiléireachta. B'fhada le Bishop go bhfuair sé deis a fhiafraí den seanfhear cén fhad a d'fhágaidís an poitín sula n-óltaí e. Bhí sé ag cuimhniú ar an mana a bhí le fada ag Jameson: "Not a drop is sold until it's twelve years old.". "Muise," a deir an seanfhear, "bíonn cuid acu a thugann cead fuarú dó ach b'fhearr liom féin i gconaí é a ól te as an "worm".




Mannin Bay Salmon

Naturland

BIO SUISSE

QUALITE FRANCE

**Mannin Bay Salmon Company Limited.**

**Drinagh, Erislannan, Clifden, Co. Galway.**

**Tel: 00353 (0)95 21262**

**Fax: 00353 (0)95 21773**

**E-Mail: mansal@eircom.net**

# Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**

# Tígh Chlarke

**Ros Muc**





**091-574152**
**087-2569910**

**Bar agus Siopa**
**Sochraideacha/Teach Torramh**
**Gainimh • Clocha • Ábhar Tógála**



# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

# Óstán Chuan Charna

Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland



Óstán 3★ & Restaurant Bar Food
**Proprietors: Cloherty Family**
Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil
All readily available locally

**Fón 095 32255, Faics 095 32530**
**Ríomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~ carnabay**

# An Aird Mhóir & Aill na Brún



**Pat Mhicil Mháirtín (Mac an Iomaire) as an Aird Mhóir (ar chlé) agus Michael Neville – san aimsir a caitheadh.**



**Pat Mhicil Mháirtín (Mac an Iomaire) agus Sarah Mhicil Mháirtín** as an Aird Mhóir – RIP.



**Julia Mhicil Mháirtín (Nic an Iomaire) agus Bríd Mhicil Mháirtin as an Aird Mhóir** – RIP



**Michael Tommy Cooke**
as Aill na Brún agus comhluadar óg leis.

# Anála Beaga as Iorras Aithneach

*Liam Mac Con Iomaire*

**Seo sliocht dár teideal CÚRSAÍ BIA as Annála Beaga ó Iorras Aithneach (lch.270 - 280), an cnuasach saibhir seanchais a bhailigh Seán Mac Giollarnáth (an Breitheamh Seán Forde) i gCarna idir 1930 aus 1937 agus a foilsíodh ar dtús i 1941.**

*Is é Liam Mac Con Iomaire a d'aistrigh an leabhar álainn sin ón seanchló gaelach go dtí an cló rómhánach, agus tá faoi féin agus Tim Robinson leagan dátheangach de na hAnnála Beaga a chur ar fáil san athbhliain.*

**CÚRSAÍ BIA**

**BIA AGUS ANLANN**
**[Padraig Mac Donncha (Liam), An Coillín, Carna]**
Sa bhFómhar agus na fataí ann baintí béile fataí don chéad-phroinn agus dá mbeadh iasc ansin acu chuirfidís síos pota dhe le haghaidh an chomhluadair. Chaithidís an t-iasc agus na fataí agus bainne in éindí leo, dá mbeadh bainne acu. Ní bhíodh aon arán ann. Ar an dinnéar an rud céanna. Ní bhíodh a mhalairt acu. Dá mba é an Samhradh a bheadh ann agus daoine a bheith craite as fataí bheadh min bhuí acu, min bhuí ina leite agus bainne. Bhíodh neart daoine nach mbíodh bainne acu. Ar an suipéar, fataí nó min bhuí.

Bhruithidís sleabhcán, creathnach, agus cáithleach, faochain is bairnigh. D'ólaidís beagán den súlach leis na fataí. Ní hé an blas céanna a bhí ar aon anlann acu. D'ithidís na faochain agus na bairnigh bruite.

Praiseach bhuí agus neantóga bhruithidís iad agus gráinne mine buí tríothu. D'ithidís iad sin sa drochshaol. Itheadh an caisearbhán ach ba í an phraiseach bhuí ab fhusa a ithe dá mbeadh gráinne ar bith mine buí le cur tríthi. Bliúcáin (mealbhacáin) a d'fhás i dtaltaí maithe ar nós na meacan bhíodar go maith le n-ithe, bun agus barr. Bhí daoine in ann an bun a ithe fuar mar bhí sé milis. Bhíodh daoine ag imeacht agus lánta acu á mbaint.

Ní bhíodh caint ar phlúr go mbuailidís a gcuid coirce roimh an Nollaig. Bhíodh arán coirce agus arán seagail acu féin. Bhíodh croca ime i gcónaí sábháilte le haghaidh na Nollag ag chuile bhean tí. Oíche Lae Nollag, Oíche Lae Chinn Bhliana agus Oíche Lae Chinn an Dá Lá Dhéag bhíodh béile san oíche ag daoine bochta, arán, im, bainne. Iad seo nach mbíodh feoil acu i lár an lae bhíodh breac maith acu. An fear a dhíoladh deich gcéad coirce nó cúig chéad déag cheannaíodh sé céad plúir le haghaidh na Nollag. Ní bhíodh caint ar arán plúir go dtí an Nollaig arís.

Bhíodh uibheacha ag gach aon teach. Díoltaí na huibheacha le cailleacha siúil ar shnáth agus snáthaidí. Bhíodh cliabh mór uibheacha ag na cailleacha ag gabháil siar don Chlochán. Nuair a dhíolaidís na huibheacha sa gClochán cheannaídís ualach eile ann.

Is iomdha duine a mharaíodh muc nó mart faoi Nollaig, nó caora. Is minic a bhíodh gé acu. Bhí iasc i gcónaí acu, fuílleach den iasc.

Tá an talamh gaibhte chun donachta agus níl an coirce ag fás mar bhí sé. Bhíodh a dhá oiread coirce curtha ag fear fadó is a bhíos faoi láthair, agus bhíodh a dhá oiread bairr air fadó. Bhíodh min choirce ag daoine agus arán coirce. Níl aon mhin choirce sa tír faoi láthair ná muileann. Chonaic mé féin arán seagail sa tír. Tá seagal á thabhairt do na cearca agus do na beithígh faoi láthair. Muintir na n-oileán tá siad ag ceapadh

go bhfuil leigheas don ghalar trua sa tuí sheagail. Ní cheannóidís punann choirce dá mbeadh tuí sheagail le fáil.

Bhíodh fonn ar chuile fhear min a mheilt faoi Nollaig. Thagaidís chuig an muileann le mála coirce nó le mála seagail lena mheilt. Is í an íocaíocht a bheiridís don mhuilleoir an cúigiú cárt. Bhíodh an muilleoir go cruógach an tseachtain roimh an Nollaig agus an lá roimh an Nollaig. Bhíodh slua daoine ag fanacht lena gcuid mine a fháil.

Tá seanbhean as Leitreach Ard a dúirt liom go dtáinig sí féin chuig an muileann an lá roimh Lá Nollag lena mála coirce lena mheilt. Bhí seacht bhfeara fichead roimpi ag an muileann agus gach fear ag fanacht le go dtigeadh sé ar a am féin. Bhí píosa tobac aici don mhuilleoir agus thug sí dhó é i ngan fhios. Lig sé chun bealaigh í roimh duine ar bith.

Bhíodh eorna agus arán eorna sa tír fadó. Nuair a d'éiríodh le iomarca den reibhléis a bheith tríd an min eorna chuireadh an t-arán na daoine ar meisce.

**ARÁN EORNA**
**[Micheál Mac Donncha, Roisín na Mainiach, Carna]**

Eorna a bhíodh curtha uileag sa tír seo (Iorras Aithneach) fadó. Ní raibh an talamh ag tabhairt choirce an uair sin, bhíodh neart eorna curtha ag daoine. B'fhéidir nach mbeadh mórán fataí ar chor ar bith curtha acu. Mura mbeadh an eorna buailte ná aon arbhar sa teach bhí bean in ann í a bhualadh dá dtigeadh duine isteach go toibeann agus nár mhaith léi é a ghabháil amach gan í ag cur comaoine air. Tharraingíodh sí ceathair nó cúig de dhornáin as an gcruach. Thabharfadh sí na dornáin isteach sa gcistineach. Lasfadh sí sop tuí ar an urlár. Chuirfeadh sí barr na ndornán sa lasair leis an gcolg a bhaint den eorna. Loisteán (loiscreán) a thugadh siad air sin, rud a dhó gan aon dochar a dhéanamh. Thabharfadh bean loiscreán do ghé agus an fíodóir don bhréidín sa seol. Nuair a bhíodh an loiscreán tugtha don eorna aici bhuailfeadh sí í leis an ngrán a bhaint aisti. Chuirfeadh sí an grán á chruachan i bpota os cionn na tine. Nuair a bhíodh an grán crua aici thógfadh sí as an bpota é agus chuirfeadh sí criathar air lena ghlanadh. Ansin mheilfeadh sí le bró an grán agus bhí min déanta aici. Chuirfeadh sí an mhin tríd an gcriathar arís agus ní raibh le déanamh ansin ach í a fhliuchadh agus arán a dhéanamh. Nuair a bhíodh an t-arán bruite leagadh sí chuig an duine a bhí ar cuairt aici é, im úr agus deoch bhainne.

Tonna eorna a d'fhás ar an gcloch shíl. Bhí os cionn leath acra de gharraí le cur ag comharsa do m'athair agus ní raibh aige ach cloch shíl. Ba é m'athair a chroith an síol. Chroith sé an síol tanaí ag iarraidh an talamh a thabhairt leis nuair nach raibh ann ach an méid sin. Bhí chuile cheann de na gráinní troigh ó chéile. Nuair a tháinig an geamhar aníos bhí na seamaidí troigh ó chéile ar dtús. Thosaigh sí ansin ag caithriú amach go raibh sí i ndéis. Nuair a bhí sí á baint ní raibh áit di ar an talamh ach í a chur trasna ar a chéile. Nuair a buaileadh í bhí fiche céad ar an gcloch shíl. Chonaic m'athair é sin. Ba é a chraith an síol.

**BRÓ AGUS MUILEANN**
**[Pádraig Mac Donncha, An Coillín, Carna]**

Sular iompaigh na daoine ar na fataí bhíodh coirce curtha acu agus caiscín á mheilt ag mórán. Bhíodh bunáite bró san uile theach agus an té nach mbeadh bró aige thugadh sé caiscín chuig an muileann. Bhíodh min choirce ag na daoine i gcónaí agus ní bhíodh mórán cainte ar phlúr. Ceapaim gurb é an plúr agus é saor a chuir deireadh le meilt an choirce. Chuaigh an talamh chun donachta freisin de réir mar bhí sé á shaothrú. Lagann an fheamainn dearg an talamh i ndiaidh a chéile. Bhíodh an fheamainn dearg á cur faoi na fataí agus bhochtaigh sí an talamh.

Bhí muileann ag Maolra Bairéad ag Sruthán na mBreac. Bhíodh muileann ar abhainn an

Choillín ag Máirtín Mac Cualáin agus bhíodh muileann ar abhainn Charna, agus min choirce á meilt iontu ar fad. Tá siad ar fad imithe anois agus ní fheicfeá min choirce i dteach ar bith.

**FATAÍ**

**[Seosamh Mac Donncha, An Aird Thiar, Carna]**

Is in Oileán Máisean a cuireadh fataí i dtosach sa dúiche seo agus tosaíodh á gcur i nDumhaigh Ithir arís. Shíl na daoine nach bhfásfadh na fataí ar an talamh sléibhe agus bhíodh conacra ag muintir na mbailte i Máisean gur thosaíodar á gcur ar a dtalamh féin.

'Sé an fáth nár cuireadh fataí an tríú bliain den drochshaol dúirt an sagart leo go mb'fhearr na fataí a ithe, nach bhfásfaidís dá gcuirtí féin iad. Bhí cuid de na daoine nach raibh síol fataí acu le cur ná le n-ithe. Cuid eile acu 'sé an chaoi ar bhaineadar na súile as na fataí agus chuireadar iad, agus ní raibh aon bharr fataí riamh ann is mar bhí acu.

**SÉASÚIR AN IASCAIRE**

**[Seosamh Mac Donncha, An Aird Thiar, Carna]**

Fear ar bith a mbíodh bád mór aige bhí sé in ann é féin a choinneáil ag imeacht go han-mhaith léi. Ní bhíodh muintir Iorrais Aithneach ag obair ar an talamh ar chor ar bith. Bhí a n-aimsir tógtha leis an bhfarraige. Bhíodh spailpíní ag teacht isteach ó Chontae Mhaigh Eo agus ó Ghleann an Mhadaidh ag saothrú na talún dóibh. Anoir a bhí na spailpíní ag teacht fadó.

Na hiascairí bhíodh cúig nó sé de shéasúir acu sa mbliain:

(1) Scadáin gheimhridh ag tosaí (tosú) faoi Nollaig. (2) Rith feamainne san Earrach, go Contae an Chláir. (3) Marú liamhán tuairim is faoi Bhealtaine.

(4) Iascach cnúdán amach go dtí deireadh an tSamhraidh.

(5) Scadáin fhómhair, an chéad mhí d'Fhómhar.

(6) Ag rith móna go dtagadh séasúr na scadán arís.

Bhíodh bád mór ag teacht ó Bhaile Átha Cliath ag ceannacht scadán.

**BRÁCAÍ AR NA BUAILÍOCHA**

**[Micheál Mac Donncha, Roisín na Mainiach]**

Nuair a bhí mé i mo ghasúr bhíodh brácaí ar na cnoic an chéad mhí d'Fhómhar, agus b'fhéidir go mbeadh cuid de na brácaí ann sé seachtainí. Bhíodh buailíocha (buailte) ar Leitir Padhbram, Cnocán an Bhodaigh (Seanadh Bhuire), Seanadh Mhac Dónaill, Loch an Bhuí, Cnoc Mordáin agus Gleannnán, agus Beitheach Chatha agus i gCreig na gCon. 'Siad na brácaí a bhí ar na buailte: bhíodh bráca ag beirt as Roisín na Mainiach thoir ar Chnoc Mordáin – Bab Ní Chadhain, bean Sheáin Bhreathnaigh agus Peig Nic Con Buí, bean Shéamuis Nóra Pheadair Mhic Dhonncha. Bhí bráca sa gclochar mór i gCnocán an Bhodaigh agus bráca ar Chloch an Chlochair i Leitir Padhbram. Bhí bráca na bPúiríní idir dhá loch ar Shliabh Dhocholla. Bhí bráca i dTroiscín na Neach ar an gCnoc Buí. (Chaith mé féin dhá fhómhar sa mbráca seo.) Bhí bráca Joe ag muineál Loch Padhbram, ag muinchinn na haibhne. Bhí bráca ar Bheitheach Chatha agus bráca Thamhnach na gCoileach i nGleannán. Tamhnach na gCoileach, bhíodh coiligh creabhair ann. Agus bhí bráca na Scailpe ann, agus bráca na Bródaí. 'An Bhródach' a bhí ar an mbean ar léi an bráca. Ba deirfiúr í do Mháirtín Ó Gaora a bhí i Leitir Deiscirt, agus do Neda Rua. Bhí bródach eile i gCaladh Fhínse, deirfiúr í do Mharcus an Ghabha, do Thomás an Ghabha, do Sheán an Ghabha agus do Phaitseach. Na máithreacha a bhaist na bródacha ar an dá pháiste agus d'fhan na bródacha orthu. Nuair a bhíodh máthair acu ag bréagadh a páiste féin deireadh sí:

"Is deise mo bhródach Uí Ghaora
Is deise mo bhródach Uí Ghaora
Is deise mo bhródach Uí Ghaora
Ná bródach an ghabha Chaladh Fhínse."

Bhí bráca ag an Aill Dubh i gCaladh Fhínse agus bráca ar thamhnach na mBairéadach i gCnocán an Bhodaigh. Bhí trí nó ceathair de bhrácaí ar

Dhúleitir – bhí ceann acu seo in áiléar os cionn Loch an Áiléir. Bhí bráca ag Poll an Athar Peadar i gCluais Ghiorria – an tAthair Peadar Mac Con Buí, an sagart a rinne teach pobail Charna. Bhíodh sé ag iascach ag an bpoll seo ar abhainn na Scainimhe. Bíonn bric gheala ann. Bráca Loch an Bhuí an bráca deireanach a chonaic mise. Bhí mo mháthair ann.

Séard a bhí sna brácaí, ballaí cloch i gcuid acu agus ballaí fód i gcuid eile, agus ceann orthu de mhaidí agus de scraitheacha, dhá scraith os cionn a chéile ar chuile cheann acu. Bhíodh puntán fraoigh i ndoras na gaoithe. Ní mórán le ceathrar a d'fhéadfadh codladh a dhéanamh i mbráca. Leaba fraoigh ar an urlár, nó fiontarnach bán. Bheadh sé chomh maith le leaba ar bith, mála agus éadaí caite ar an bhfraoch faoi na daoine.

I dtús an chéad mhí den Fhómhar chuireadh siad na beithígh chun an chnoic. Théidís féin leis na beithígh agus d'fhanadh duine i gcónaí sna brácaí le bheith ag bleán na mbó maidin is tráthnóna. Bhíodh cuinneoga acu sa mbráca le haghaidh an bhainne, agus soithí beaga eile.

Bhíodh laonta in éineacht leis na ba agus b'fhéidir go mbeadh fail ann le haghaidh na laoidíní san oíche. Bhíodh cuid de na brácaí cúig mhíle ó bhaile. Cuirtí an bainne abhaile gach lá nó gach dhá lá. Cuirtí bia amach chuig na daoine ar an mbuaile, fataí, arán, iasc agus im. Dhéanaidís maistreadh ar an mbuaile. Chonaic mé maistreadh á dhéanamh ag mo mháthair ar an mbuaile. Bhí sí lá agus chinn sé uirthi an t-im a dhéanamh le loine. Chuir sí an chuinneog ar a droim (bhíodh rópa timpeall na cuinneoige agus iris bhrád) gur thug sí an maistreadh abhaile. Nuair a bhí sí ag teacht anuas Leitir Chaisil leag sí an chuinneog ar an talamh agus bhain sí an clár di. Nuair a bhreathnaigh sí isteach sa gcuinneoig bhí an t-im déanta. Bhí mise in éineacht léi. 'Gabh i leith,' ar sise, 'go bhfeice tú céard tá agam.' Ní raibh le feiceáil istigh sa gcuinneoig ach im. Mná is stócaigh is mó a d'fhanadh sna brácaí.

# Dán le Paddy Mhéime Ó Súilleabháin

Lá Fhéil' Ciarán 2014

Do thosaigh an cruinniú luath go maith.
Lá breá grianmhar i dtús an fhomhair.
Bhí fir, mná, is páistí, mar aon le daoine aosta,
Suas an bóthrín gairbhéal i dtreo an chnoic.
Bliain eile, turas eile, mar a bhí acu siúd
Atá i gciúnas anois, sínte ar gach taobh.


Oilithrigh dhílis i measc cuairteoirí lae
Ina mbeirt, is ina dtriúir nó tuilleadh.
Siúl go mall i gciúnas nó ag sioscadh
Ag ardú de réir a chéile i dtreo na haltóra.
Ag fágáil cuairt uaigh go dtí níos déanaí,
Mar bheadh freastail an Aifrinn mar bhuaic.

Ag seasamh mór thimpeall, le roinnt ag suí
Ar thuláin tirim, mar aon le corr stól sealadach.
An sagart ag ullmhú. Bheadh am le spárailt.
Bhí radharc soir an cuan nárbh fhéidir sárú,
Ó ghob Ros Dugáin i dtreo Cnoc an Daimh.
Is b'fhéidir chomh fada le Cluain Mhic Nóis féin.

Cheana féin bhí spiorad an phátrúin dhá mhothú,
Le gach duine ag machnamh de réir a cháis.
Ba sos a bhí san uair. Briseadh beag ón saol.
Bhí páistí gealgheáreacha faoi theocht na gréine
Ar thaobh Chnoc na Droighne an lá úd.
Ag leanúint nós atá 'dul siar na cianta bliain.

Bhí crónán beach le clos ó bhlátha an fhomhair
Ar chúl na haltóra, is an tAifreann faoi lán tseoil.
Bhí dán mar sheanmóir; tráchtaireacht ar Chiarán.
Ar chríochnú, bhí turas timpeall an tobair,
Ag tumadh méar san uisce is ag tógáil braon.
Bheadh ceiliúradh Aifreann Lá Fhéil' Ciarán thart.

Ansin thosaigh an slua ag scaipeadh go mall,
Síos an cnoc arís, go cúramach le fána,
Tríd an reilig ar an mbóthrín gairbhéal úd.
Le roinnt ag tabhairt cuairt anseo is ansiúd.
Bheadh Cnoc Mordáin le feiceáil soir ó thuaidh.
Na hoileán ó dheas. Le scléip i gCill Chiaráin.



# Fir Dhuibhithir & Mhuighrois



**Albert (Bertie) Mac an Ríogh** as Duibhithir
- athair Albert (an Garda). Thart ar 1914.



**Richie de Búrca** as Dhibhithir
– Iúil 1998.



**Meairt Beag Ó Cualáin** as Muighros
– Lá Nollag, 1985.



**Micheál Ó Coirbín** as Duibhithir
– sna 1950aidí.

# Comórtas na mBailte Slachtmhara
## – Tidy towns - Carna ag feabhsú

***258 marc a tugadh do Charna i gComórtas na mBailte Slachtmhara don bhliain 2014 – sin 5 mharc níos airde ná 2013. Tá Carna ag feabhsú sa gcomórtas ó cuireadh isteach ar trí bliana ó shin; 250 marc a tugadh don bhaile i 2012.***

***Mar seo a thug moltóirí an chomórtais a mbreithiúnas ar Charna i mbliana.***

**TUARISC AN MHOLTÓRA**

**Community Involvement/Rannpháirtíocht an Phobail sa bPleanáil.**

Fearann an moltóir seo na mílte fáilte romhaibh chuig Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2014 agus isbreá linn go bhfuil sibh ag glacadh pairte sa chomórtas arís i mblina. Dob é seo an chéad uair don mholtóir cuairt a thabhairt ar Charna agus an chéad rud a rith liom ná chomh mór is atá an limistéar faoi mholtóireacht. Ba mhór an chabhair na sonraí a bhí luaite sa bhforim iontrála agus iad clóscríofa go deas cruinn. Ba mhór an chabhair an léarscáil lámh dhéanta a deineadh chomh maith ach b'fhearr go mór dá mbeadh na tógraí éagsúla ceangailte leis an léarscáil. Bhí sé mí-áisiúil bheith ag iarraidh iad a léamh agus tagairt a dhéanamh don an bhfoirm ag an am céanna. Tá an-obair ar siúl agaibh agus alán oibre beartaithe agaibh dos na todhdaí. Iarrartar oraibh chomh maith idirdhealú a dhéanamh eadar obair atá déanta agus obair atá beartaithe mar ní raibh fhios ag an moltóir ón liosta a cuireadh chugainn. Arís iarrtar oraibh i mbliana plean trí nó cúig bhliain a chur le chéile a thabharfadh treoir agus smacht agus sibh i bhfeidhil oibre. Ní gá dul thar cúpla leathanach ach is tábhachtach go mbeadh fís agaibh do fhorbairt agus feabhas an bhaile.

**Built Environment and Streetscapes/An Timpeallacht Tógtha agus Sráid-dreacha.**

Tá a lán foirgnimh de gach saghas ar an mbaile eadar ársa agus nua. Thugamar cuairt ar an seipéal mar thús agus nach álainn an foirgneamh agus nach mealltach an suíomh 'n bhfuil sé suite. Ba dheas chomh maith go raibh sé ar oscailt i rith an lae. Tá cuma deas geal ar na foirgnimh agus an-béim ar chúrsaí oideachais tríd an bhaile. Bhiomar an-tógtha le chomh glan agus chomh néata is atá na foirgnimh san Eastáit Tionsclaíochta mar aon le hIonad Curam Leanaí Charna, Scoil Mhuire, Coláiste Sheosaimh, Teach Altranais, (cé go raibh na geataí dúnta), Tigh Mhoráin, Óstán Chuan Carna, an Cogaslann Agatha agus Acadamh Carna, Tá droch chuma ar ACM Teo agus ba chóir dul chun cainte leis na húinéirí faoi. Bhí péint úr ar Scoil na hÁirde Móire agus bhí Scoil Mhuire ag féachaing go breá le brat glas agus péint úr, mar aon le mural deas. Tá roinnt tithe folamh, cuid acu ag meath anois, cuid eile nach bhfuil críochnaithe agus ceann nó dhó tréigthe. B'fhiú iarracht a dhéanamh ar na cinn atá sa bhaile féin a fheabhsú tré phéint a chur ar agaidh an tí fiú. Tá an sean halla 'na fhothrach faoi'n am seo ach tá súil againn nach fada go mbeidh aththógaint ar an bhfoirgneamh seo faoi choimirce Ionad Chuimhneacháin na hImirceach. Is deas an tógra é. Tá Siopa Dowd curtha i láthair go deas ag an suíomh gnóthach seo. Tá Oifig an Phoist go breá agus an ceann tí mealltach.

**Landscaping and Open Spaces/Tírdhreachú agus Spásanna Óscailte.**

Tá éirithe go maith libh sa chatagóir seo agus ana chuid oibre déanta agaibh. Tá rogha breá de thírdhreacht tríd an bhaile agus go háirithe 'sna heastáit tithíochta. Bhí an pleanáil go maith nuair a tógadh na tithe ag Garraí an Chlochair agus deineadh forbairt thírdhreachta den scoth ortha. Eadar fiáin agus plandáil tá raidhse de bhláthana le feiscint ar gach bealach isteach chun an bhaile. Tá cuid des na gáirdíní aonair ar ard-chaighdeán agus moladh ag dul go gach éinne a bhí páirteach ann. Ba mhaith an rogha de bhláthanna ag an gcurrach atá mealltach ar an suíomh seo anois. Is breá linn an leacht a tógadh trasna an bhóthair ón mbád agus is mór an ábhar suime é, ach moladh eile ar ball!

Chuamaar chun féachaint ar an ngáirdín istigh sa chlós san Ionad Cúram Leanaí, an-fhorbairt anseo. Moltar daoibh cloí le plandáil inbhuanaithe agus le rogha oiriúnach den dtimpeallacht 'n bhfuil sibh. Cuir béim ar phlandáil áitiúl, chomh maith le crainn dúchasacha a chur. Más féidir libh dathanna a chothú tríd an bhliain sé is fearr é. Bhaineamar taitneamh as ár dturas chuig Páirc Mhic Dara nuair a bhuaileamar le duine den gcoiste eagrúcháin. Tá cuma ana mhaith ar an bpáirc imeartha agus áiseanna ar ard chaighdeán le fáil anseo do lucht CLG. Cuireadh fál nua in airde le déanaí agus tá an suíomh feabhsaithe dá bharr. Mar pholasaí moltar daoibh cloí le fallaí cloch mar rogha.

**Wildlife Habitats and Natural Amenities – Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taithneamhachtaí Nádúrtha.**

Is maith go bhfuil sibh ag comh-oibriú le Comhairle Chontae Na Gaillimhe agus Roinn na Mara maidir le forbairt sa chatagóir seo. In ainneoin gur thaitlíomar roint de mhílte t'réis comhairle d'fháil san Óstán níor eirigh linn Trá Mhuighnse a bhaint amach. Ní raibh comhartha le feiscint agus turas in aisce abhí againn. Téir i gcomhairle le Comhairle Cho. Na Gaillimhe le haghaidh comharthaíochta. Bhí an scéal chéanna againn maidir le Tobar Mhuire, ní leor iad seo a lua muna bhfuil treor cruinn tugtha duinn roimh ré. B'fhuí dul i gcomhairle leis an Scoil Náisiúnta tabhairt faoi suirbhé ar an bhfia dúlra sa cheantar. Téir i gcomhairle chomh maith le saineolaíthe d'fhonn treoir d'fháil ar chonas tabhairt faoi'n gcatagóir seo mar go bhfuil marcanna luachmhara le fáil anois. Tá deiseanna iontacha agaibh agus sibh lonnaithe gar don fharraige.

**Sustainable Waste and Resource Management – Bainistiú Achmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe.**

Is maith an ghníomhaíocht atá ar siúl agaibh agus sibh ag deileáil le Comhairle Cho. Na Gaillimhe sa chatagóir seo..

Ní leor a thuilleadh bheith ag braith ar Ionad Athchúrsála chun na fadhbanna a réiteach. Tá práinn ag baint le dramhaíl a chosc nó a íoslaghdú sa phobal. Is maith an rud é don choiste bheith páirteach i gceardlann agus bheith ag fail cabhair agus treoir ó ghrúpaí eile i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Tá an Ionad Athchúrsala suite in áit oiriúnach agus is léir go bhfuil an éileamh ar an áis seo. Tá an fógra ar bharr briste agus gá le deisiuchán.

**Tidiness and Litter Control – Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair.**

Feicfidh sibh go bhfuil bruscar and slachtmharacht nascaithe le chéile i mbliana agus ardú marcanna le fáil sa chatagóir seo. Is breá go bhfuil sibh gnóthach i bhFeachtas Pioc Suas É agus cuireann Glanadh Suas an Earraigh tús le gníomhaíocht na mBailte Slachtmhara gach Aibreán ar na eagrú ag An Taisce. Bhi roinnt beag de bhrúscair sa chlós i gColáiste Sheosaimh lá na cuairte. Bhí an baile féin réasúnta glan agus níor aithníomar aon mhór fhadhb. Is maith go bhfuil cabhair á fháil agaibh ó Tús agus dreamanna eile. Bhí na boscaí bruscar go deas glan agus smacht bruscair ag na siopaí chomh maith.


**Residential Streets and Housing Areas – Sráideanna Cónaithe agus Ceantair Títhíochta.**

Tá an tithíocht go maith i gCarna. Seachas Garraí an Chlochair ní fhacamar aon scéim tithíochta le hainm sa bhaile. Chuir sé ionadh orainn nach bhfuil aitheantas á thabhhairt den bhfadbh seo. Ba chóir dul chun chainte leis and gComhairle faoi seo. Tá roinnt tithe aonair coiméadta go hálainn agus cuid acu le plandáil iontach. Tá an gáirdín taobh le Mhlotte's ar ard chaighdeán Tá roinnt tithe nach bhfuil críochnaithe agus roinnt a tá ar dhroch chuma. Mar choiste is gá bhur ndicheall a dhéanamh chun an fhadbh seo a réiteach. Tá an dá phríomh bothar go maith agus trácht an-ghnóthach ortha. Tá na sráideanna eile cúng go leor agus gá le bheith cúramach ag taisteal timpeall.

**Approach Roads, Streets and Lanes – Bóithre isteach, Sráideanna agus Lánaí.**

Tá fadbh mhór agaibh maidir le comharthaíocht agus tá géar gá le feabhas a chur ar na bealaí isteach chun a bhaile a aithint. Moltar daoibh comhartha nua a chur in áirde taobh le hAcadamh ar chlé ar an mbealach isteach agus comhartha eile sara shroiseann tú an crosbhóthar ar an mbealach ó Ghlinsce. Is tábhachtach i gcónaí go bhfuil na bealaí isteach chuig aon bhaile mealltach agus soiléir ó

thaobh comharthaíocht de. Tá an comhartha gar den Óstán go maith. Tá roint lánaí ar chaighdeán íseal agus gá le feabhas, ach is obair aonair í seo dos an húinéirí, cé go bhfuil sé mar chuid lárnach den chóras moltóireachta chomh maith. Anois, cé go bhfuil na comharthaí gnó ag an gcrosbhóthar sásuil do luch ghnó tá contúirt ag an suíomh seo ó thaobh tráchta de. Níl aon áiseanna chun phárcála agus tá baol ann i gcónaí go mbeidh timpist anseo. Moltar daoibh na comharthaí seo a bhogadh, chomh maith leis an léirscáil, chuig suíomh oiriúnach i lár an bhaile. Tá sé in am an fógra de Marty Walsh a bhaint mar go bhfuil and toghchán thart le dea-thoradh. B’fhearr dul chun cainte le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Bhain an moltóir seo sult as a chuairt chuig an ceantar fíor Ghaeltachta seo agus molaim sibh as ucht na hoibre atá déanta agaibh le blianta beaga anuas. Tá deiseanna agaibh dul ar aghaidh sa chomórtas agus tá ardú marcanna faighte agaibh arís i mbliana. Go néirí libh do 2015.

Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe



Cúrsaí Samhraidh, Cinnireachta, Ardteiste, SCG

Gach Eolas ar fáil ó:

Ciara Nic Mhathúna,

Stiúrthóir Choláiste Sheosaimh,

Baile Beag, Inis, Co. an Chláir

Fón: 087-7376981

www.colaistesheosaimh.com

Stiúrthóirí an Choláiste: Rita Mhic an Iomaire, Ciara Nic Mhathúna, 087-7376981


Oileán Mhic Dara

# Siar i bhfad sna blianta



**Máire Éinniú agus Máirtín Ó Curraoín** as Muighros agus iad gaibhte amach sna blianta. Sé Albert Mac an Ríogh a thug an pictúir seo … agus pictiúir eile as Duibhithir/Muighro dúinn. B'iad Máire agus Máirtín a shean mháthair agus a shean athair.



**Deireadh Fómhair, 1927 –**

Annie Greene as Doire Fhada ar an Sraithe Salach (iníon le Johnny Greene as Leitir Ard) ar chlé agus a col ceathrar May Greene as an Oileán Gorm ar dheis (iníon le Macdara Greene as Leitir Ard). Ina suí tá Nóra, bean Mhacdara Greene – Nóra Mulkerrins as Leitheanach roimh phósadh d'í. Bhí an bheirt bhan óg ag réiteach le dhul go Meiriceá agus iad sa gClochán ag fáil pictiúir le haghaidh pasanna (Passports).

Níor fhill May Greene, bean óg an Oileáin Gorm ar an mbaile aríst go deo. Chuaigh sí go Nua Eabhrach i dtosach agus níos deireannaigh go Las Vegas. Ansin a bhásaigh si agus í sna naochaidí.

Mar a tharla sé tógadh an pictiúr seo an lá théis Tubaiste an Chloiginn (Cleggan Disaster) - 28/10/1927. Bhí cuimhne acu go bhfacadar na conraí ag teacht chun an Chlocháin agus ní raibh a fhios acu san am céard a bhí tárlaíthe.

# Joyce's Grocery Shop and Bar

Recess

**SIOPA AGUS BEÁR - ÁBHAR FEILME - TEACH AN PHOSTA**

095-34658 agus 087-2686946

*Chuile short faoi do lámh d' aon léim amháin!*

Food, drink, grocery shop, farm supplies, hardware, petrol, Post Office, lottery, music.

**Shop: 7.30 - 7.00 Monday to Saturday**
**10.30 - 12.30 Sunday**

**Bar Food: 10.30 - 6.00 Monday to Saturday**
**12.30 - 6.00 on Sunday**
**Food served later in summer**

ALL FARM NEEDS IN THE STORE – CHUILE SHORT LE HAGHAIDH NA FEILME.
DELIVERY TO YOUR DOOR – CHUIG AN DORAS!



WESTBIC
BUSINESS & INNOVATION CENTRE

# Ag Tacú le Fiontráiocht

Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,
Páirc Ghnó Muirbheach,
Gaillimhe.
www.westbic.ie
Fón: 091 730850



**Mary Cosgrave,** iníon an iar-Thaoisigh Liam Mac Cosgair agus brontanas bláthanna.
Sí Máire Ní Éanaigh, ar dheis, atá ag déanamh an bhronnadh ag ócáid Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna ar an 23-9-2014.



Ní inniú ná inné a thosaigh Marty Walsh sa bpolaitíocht. Tógadh an pictiúr seo i Cape Cod chúig bhliana déag ó shin. Bhí tionscail na tógála i Massachusetts ag bronnadh gradaim ar ar Mharty – a bhí ina Feisire Páirlimithe san am.
*Ó chlé:* Martin Walsh, col ceathrar leis an Méara (mac Phat), John Mháirtín Tom (athair Mharty), Pat Mháirtín Tom (uncail an Mhéara), Máirtín Ó Catháin, Susan Uí Chatháin, an Feisire Páirliminte Martin J. Walsh ... atá anois ina Mhéara ar Bhoston … agus Johnny Walsh (deartháir Mharty).

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

# Éamon Ó Cuiv T.D.



**Oifig Dáil cheantair, Teach Kirwin,
Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh**

**Fón:(091) 562846**
**Facs:(091) 562844**
Ríomhphost: eamon.ocuiv@oir.ie
Suíomh Idirlíon: www.eamonocuiv.ie

## Coppinger & Curran

Photography & Video

Moylough, Balinasloe, Co. Galway



(086) 2602770
(090) 9679429

www.tcoppinger.com

find us on Facebook Coppinger & Curran Photography

## On The Spot Photography & Printing

For Every Occasion



Enquiries
Call Barbara on:
(086) 1529661

On The Spot Photography & Printing

## Ann Dowd Gruagaire



**Unisex Hairdressing**
Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe
**095-32277**

## "Sonas"

**B&B/Teach Loistín**
*Míle Fáilte Anseo*

## Teach Ghlinnsge


**Bar/Restaurant and craftshop**



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**

# Fear Sléibhe



**Louis Mac an Iomaire ag dul chun sléibhe.**
Pictiúr as a leabhar nua “Scéalta as Ros Dugáin Mór” a foillsíodh le gairid.




**Ócáid Pride of Place 2014**
**Forbairt Chonamara Láir a bhain Gradam amach ag Comórtas Pride of Place 2014.**

**(Cúl)** Kevin Kelly, Deputy County Manager Galway County Council, Ronan Foley, Chief Executive IPB, Tony O'Brien, Leas Cathaoirleach Comhairle Co. Chláir, Dr Christopher Moran,Cathaoirleach Co-Operation Ireland and Tom Dowling ,Cathaoirleach Pride of Place
**(Tosach)** Tom O'Brien, FCL Teo., Máirín Ní Choisdealbha –Seoige FCL Teo., Risteard MacDonnacha, Fcl Teo., Ann Mallaghen Comhairle Contae na Gaillimhe, Breda Mulrennan, Comhairle Contae na Gaillimhe, Caitríona Ní Cheannabháin, FCL Teo., Mary Hoade, Cathaoirleach, Comhairle Contae na Gaillimhe.

## Go mo fearr a bheidh sibh

Míle buíochas le chuile dhuine a chuidigh linn agus muid ag ullmhú "Iorras Aithneach 2014". Fáigheann muid go leor pictiúir isteach; mar a thugann sibh faoi deara tá grianghrafadóirí amaitéaracha den scoth – chomh maith leis na grianghrafadóirí gairmiúla – sa bpobal. Ní ghabhfaidh muid ag ainmniú daoine mar go bhfuil an oiread sin acu ann; tá a fhios againn gur le croí mór a thugann siad na pictiúir dúinn.

Cuireann na sean phictiúir a tugtar dúinn go leor freisin leis an taithnimh a bhaineann daoine as an bhfoillseachán seo. Míle buiochas leis na daoine a chuireann na pictiúir sin ar fáil.

Tá slua cumasach scríbhneoirí againn agus tá a gcuid saothair le léamh in "Iorras Aithneach" aríst i mbliana. Bíonn muid ag súil i gcónaí go mbeidh scríbhneoirí óga agus scríbhneoirí nua ag teacht chun cinn. Tá altanna anseo i mbliana ag Macdara Ó Cuaig agus ag Labhrás Ó hIarnáin agus sin beirt nuaí as an nglúin óg sa bpobal – togha na bhfear!

Ar ndóigh, tagann an lá nuair a bhíonn "Iorras Aithneach" le tabhairt anonn agus anall chuig na siopaí – obair phobail dheonach uilig atá ag baint leis an leabhar. Tá lámh chúnta tugtha leis an obair seo go leor in imeacht na mblianta agus tá leithide Mhichael Phat Thomáis, Máirtín Ó Gríofa agus Josie Curran ar fáil i gcónaí le dhul amach agus "Iorras Aithneach" a thabhairt chuig na siopaí sa bpobal seo agus i bpobail eile i gConamara. Nár laga Dia sibh.

Míle buíochas freisin do lucht na siopaí a dhíolann "Iorras Aithneach" bliain i ndiaidh bliana agus sibhse, an pobal i bhfad agus i ngearr a cheannaíonn an leabhar bliantúil.

Bíodh Nollaig mhaith ag chuile duine agaibh agus go gcuirfidh Dia an t-ádh oraibh san athbhliain.

## AN CLÚDACH CÚL – NA PICTIÚIR

**Barr, ar chlé:**
Kate Ní Chualáin as Carna (ar chlé) agus Gráinne Ní Mháille as Doire Iorras ag críochnú an rása 10km. ón Óstán i gCarna go reilig Mhuigh Inise, agus ar ais.

**Barr, ar dheis:**
Patricia Ní Chonaire as an nGleann Mór i gCill Chiaráin (ar chlé) agus Mary Ellen Ní Fhlaithearta as an mBantrach Ard – ar ócáid DEBS Scoil Phobail Mhic Dara i mbliana.

**In íochtar:**
Na Maoilchiaráin as Caladh bhFuinnse.
I Chicago atá siad ina gcónaí anois agus tógadh an pictiúr seo agus iad ar thuras iascaireachta i gCeanada i mbliana.
*Ó chlé:* Patsy Phaitín Tommy, Tommy Phaitín Tommy, Pat Mulkerrin (mac le Patsy) agus Tommy Mulkerrin …sin é mac Johnny Phaitín Tommy agus Barbara Ann i dTeach na Trá i gCaladh bhFuinnse.

**CLÚDACH CÚL TAOBH ISTIGH:**
Radharc den Chrannóg ar Loch Scainnimhe; cnoc an Chaisil agus na Beanna Beola amach ó thuaidh.


An Chrannóg ar Loch Scainnimhe
Pictiúr – Seán Ó Mainnín


TriSpórt
215
TriSpórt
289



